Cleachtais agus Roghanna Léitheoireachta an Aosa Óig

An Dr Claire M. Dunne agus an Dr Tina Hickey

Cleachtais agus Roghanna Léitheoireachta an Aosa Óig

An Dr Claire M. Dunne agus an Dr Tina Hickey

Institiúid Oideachais Marino
Institute of Education
An Associated College of The University of Dublin, Trinity College

University College Dublin
An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Focal Buíochais

Níorbh fhéidir an tuarascáil seo a chur i gcrích gan an chabhair luachmhar a fuarthas ón iliomad daoine. Táimid thar a bheith buíoch de na léitheoirí óga a ghlac páirt sa chlub léitheoireachta agus dá múinteoirí a d'oscail doras an tseomra ranga dúinn gach seachtain. Táimid buíoch de Choiste Eitice Marino a chaith am agus a rinne machnamh ar an gceistiúchán a úsáideadh sa taighde seo. Táimid buíoch dár gcomhghleacaithe in Institiúid Oideachais Marino agus sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, go háirithe an tUachtarán Áine Ní Ghadhra agus Andrew J. Deeks, as an tacaíocht agus an spéis a léirigh siad sa taighde. Roinn an Dr Aidan Clerkin a shaineolas staitistice linn ag gach céim den anailís. Gabhaimid buíochas ó chroí le foireann COGG as muid a spreagadh tabhairt faoin taighde seo agus an taighde féin a scaipeadh ar chosmhuintir idirnáisiúnta litríocht agus litearthacht na n-óg ag Comhdháil an Center for Advanced Research in Language Acquisition. Gabhaimid buíochas faoi leith le Pól Ó Cainín as a shúil ghéar a chaith sé ar dhréachtaí éagsúla den tuarascáil agus as a mholtaí léirsteanacha. Faoi dheireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Tina Hickey, ceannródaí, comhairleoir agus cara. Is de thoradh flaithiúlacht ama agus chroí na ndaoine seo ar fad atá an tuarascáil seo os do chomhair amach anois.

Clár

Cleachtais agus Roghanna Léitheoireachta an Aosa Óig i
Clár i
Réamhrá 1
Caibidil 1 2
Léitheoireacht na Gaeilge: Cúlra 2
An Léitheoireacht Fhorleathan a Chothú 3
Sainmhíniú agus Prionsabail na Léitheoireachta Forleithne 3
Buntáistí agus Baic a bhaineann leis an Léitheoireacht Fhorleathan 8
Léitheoireacht na Gaeilge sa Chóras Oideachais 11
An Bhéim ar an Léitheoireacht sa Churaclam Gaeilge 11
Cuir Chuige do Mhúineadh na Léitheoireachta 13
Dearcadh agus Inspreagadh i leith na Gaeilge 19
Nósanna Léitheoireachta Daoine Óga 20
Téacsanna Spreagúla 21
Inspreagadh agus Spéis sa Ghaeilge 23
Spéis a Chothú sa Léitheoireacht 24
Sealbhú Teangacha, Traschur Scileanna agus Cur Isteach ar Theanga 26
Délitearthacht, Saintréithe agus Ortagrafaíocht na Gaeilge 26
Taithí Léitheoireachta: Eiseamláirí ón gCéad Teanga 28
Tionscal Litríocht Ghaeilge na n-Óg 31
Téacsanna Léitheoireachta Neamhfhoirmiúla 32
Borradh agus Baic ar Litríocht na nÓg 33
Aoisghrúpa, Teanga agus Téamaí na Leabhar 35
Ceist an Aistriúcháin 36
Achoimre agus Conclúid 38
Caibidil 2 41
Dearadh an Chlub Léitheoireachta 41
Rannpháirtithe a Lorg 41
Dearadh an cheistiúcháin 42
Scálaí 42
Dearcadh Ginearálta i leith na Léitheoireachta 42
Dearcthaí i leith Léitheoireacht na Gaeilge 43
Spéis sa Chultúr Gaelach 44
Cleachtais Léitheoireachta: Fad, Áit agus Am 44
Leabhair a Léadh le Déanaí 44
Rogha Léitheoireachta: Seánraí a Thaitníonn/ nach dTaitníonn Liom 44
An Ghné Amharcealaíne 45
Dearadh an Chlub Léitheoireachta 48
Laigí an Deartha 53
Conclúid 54
Caibidil 3 55
Tuairimí maidir le Léitheoireacht na Gaeilge ag an Tús 55
Réamhrá 55
Dearcthaí Ginearálta i leith na Léitheoireachta 57
Taitneamh Léitheoireachta 57
Tacaíocht don Léitheoireacht 58
Roghanna Léitheoireachta (Greannáin, Irisí agus Nuachtáin) 59
Féinchoinceap sa Léitheoireacht 61
Dearcadh i leith Léitheoireacht na Gaeilge 62
Spéis sa Chultúr Gaelach 64

Difríochtaí idir Cailíní agus Buachaillí 64
Cúrsaí Aoise 65
Cleachtais Léitheoireachta 66
Roghanna Léitheoireachta (Seánraí) 70
Freagraí oscailte 72
Achoimre 73
Caibidil 4 75
Athruithe agus Forbairt ar Thuairimí 75
Dearcadh i leith na Léitheoireachta i gCoitinne 76
Taitneamh Léitheoireachta 76
Tacaíocht don Léitheoireacht sa Bhaile 79
Roghanna Léitheoireachta 82
Féinchoincheap sa Léitheoireacht 84
Dearcadh i leith léitheoireacht na Gaeilge 88
Cúrsaí Aoise 91
Cúrsaí Inscne 92
Cleachtais Léitheoireachta 93
Fad Leabhair agus Líon Leabhar 93
Suíomhanna Léitheoireachta 95
Seánraí Litríochta 99
Freagraí Oscailte 102
Tátal 104
Caibidil 5 105
Anailís 105
Dearcadh, Inspreagadh agus Léitheoireacht na Gaeilge 105
Spéis sa Chultúr Gaelach agus Spéis sa Léitheoireacht 107
Scríbhneoirí agus Léitheoirí 107
Bunphrionsabail na Léitheoireachta Forleithne a Leasú 108
Roghanna léitheoireachta: Cinneadh Eolach 108
Éagsúlacht Ábhar agus Taithí Léitheoireachta 109
An Taithí Léitheoireachta a Éascú 110
Comhluadar Léitheoireachta 111
Athrú agus Leanúnachas i gCúrsaí Léitheoireachta 111
Tionchar Aoise 112
Tionchar Inscne 114
Focal Scoir 115
Leabharliosta i
Aguisíní xiv

Réamhrá

Beatha teanga í a labhairt;

Buanú teanga í a scríobh;

Bláthú teanga í a léamh.

I gcaint a thug an t-iriseoir agus an scríbhneoir Pól Ó Muirí i mí an Mhárta 2015[1], nasc sé le chéile trí phríomhghné de chur chun cinn na Gaeilge: an labhairt, an scríbhneoireacht agus an léitheoireacht. Uaireanta leagtar béim ar shealbhú na scileanna aonair teanga san ord seo agus léitheoireacht na Gaeilge mar chéim níos deireanaí tar éis d'fhoghlaimeoirí bunús maith labhartha a bheith acu. Faoi scáth na n-iarrachtaí chun díriú go príomha ar labhairt na Gaeilge mar bhunchloch foghlama, mar atá i gcuraclam Gaeilge na bunscoile (1970 agus 1999), tá imeallú déanta ar ról na léitheoireachta i bhforbairt na scileanna eile, agus freisin ar an ról atá ag an léitheoireacht dearcthaí dearfacha a chothú sa teanga. Leagann ráiteas Uí Mhuirí béim mhór ar an ról atá ag an léitheoireacht in aon teanga chun an teanga a chaomhnú agus a chur chun cinn. Tagann an tuairim seo go mór le ráitis Hickey agus Stenson gur téad sábhála an litearthacht sa mhionteanga go háirithe in éagmais an traschurtha idirghlúine (2016).

Baineann an taighde seo le taithí léitheoireachta an aosa óig i gClub Léitheoireachta thar thréimhse 10 seachtaine. Tá páistí an taighde seo ag freastal ar scoil lán-Ghaeilge sa Ghalltacht. Déanann an taighde forbairt ar staidéir eile ina raibh aischothú ó mhúinteoirí, fhoilsitheoirí, dhíoltóirí leabhair Ghaeilge, agus údair Ghaeilge, ach tugann sé áit lárnach do ghuth na bpáistí, na cleachtais agus na roghanna a dhéanann siad maidir le léitheoireacht na Gaeilge. Cuireann an tuarascáil[2] roimpi an ceangal idir litearthacht agus litríocht na Gaeilge a threisiú agus dearcadh iomlánaíoch ar an taithí léitheoireachta a iniúchadh. Léigí libh!

An Dr Claire M. Dunne agus An Dr Tina Hickey

[1] Seoladh *Thar an Tairseach: An Tríú Cnuasach Aistí ar Litríocht na nÓg* sa Siopa Leabhar ar an 9 Márta 2015.
[2] Tá an taighde seo maoinithe ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Caibidil 1

Léitheoireacht na Gaeilge: Cúlra

Faigheann páistí óga blaiseadh de léitheoireacht na Gaeilge ón gcéad bhliain ar scoil ach ní hionann sin agus a rá go bhfágann na páistí céanna geataí na scoile agus iad ina léitheoirí líofa neamhspleácha. Cuireann an tuarscáil seo roimpi iniúchadh a dhéanamh ar roinnt de na deiseanna agus na dúshláin atá roimh na léitheoirí óga seo, agus na tacaíochtaí oiriúnacha atá de dhíth orthu. Tá trí chineál suíomh ina bhfoghlaimeoidh páistí na hÉireann an Ghaeilge: scoil Ghaeltachta, scoil lán-Ghaeilge sa Ghalltacht, agus scoil lán-Bhéarla. Díreofar go príomha sa tuarascáil s'againne ar scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghalltacht óir tá na páistí a ghlac páirt sa chlub léitheoireachta sa chóras tumoideachais.

Agus léitheoireacht na Gaeilge á plé againn, tá gá le tógáil ar roinnt traidisiúin taighde. Ar an gcéad dul síos, ní mór breathnú ar an taighde a bhaineann leis an léitheoireacht fhairsing, nó "extensive reading" mar is fearr aithne air, chun léitheoirí a spreagadh. Ansin is gá cúrsaí léitheoireachta a chomhthéacsú sa taithí a bhíonn ag léitheoirí óga sa seomra ranga. Baineann an diminsean seo le hiarrachtaí ginearálta an tSaorstáit chun glúin nua de chainteoirí agus de léitheoirí óga a chruthú tríd an gcóras oideachais, agus tríd an gcuraclam a cuireadh i bhfeidhm. Is léir, áfach, nach leor an léitheoireacht a dhéanamh ar scoil, agus téacsanna léitheoireachta[3] a bheith mórthimpeall ar pháistí ar scoil le go léifidís agus tá géarghá le dearcadh dearfach agus le hinspreagadh. Tarlaíonn traschur áirithe scileanna ó shealbhú an Bhéarla (nó ó mháthairtheanga na bpáistí) go sealbhú na Gaeilge, agus ní mór teoiricí shealbhú na chéad teanga, agus teanga bhreise[4] a chur san áireamh sa phlé ar chúrsaí léitheoireachta. Ina theannta sin, is gá foilsitheoireacht agus margaíocht litríocht Ghaeilge na n-óg a iniúchadh le féachaint ar na cineálacha téacsanna léitheoireachta atá ar fáil, agus le fiosrú an bhfreastalaíonn siad ar riachtanais agus ar roghanna léitheoireachta léitheoirí óga. Mar sin, tabharfar cur síos anois ar chúig chuid lárnacha d'aistear léitheoireacht na Gaeilge:

1. An léitheoireacht fhorleathan a chothú
2. Léitheoireacht na Gaeilge sa chóras oideachais
3. Dearcadh agus inspreagadh i leith na Gaeilge
4. Sealbhú teangacha; traschur scileanna agus cur isteach ar theanga

[3] Úsáidtear an téarma "téacs léitheoireachta" seachas "leabhar" sa tuarascáil seo mar beidh réimse d'ábhair lasmuigh den leabhar traidisiúnta á phlé.

[4] Úsáidtear an téarma "teanga bhreise" seachas "dara teanga" chun aitheantas a thabhairt don chumas ilteangach a d'fhéadfadh a bheith ag páistí.

5. Tionscal litríocht Ghaeilge na n-óg

In amanna, pléifear cuid de na téamaí céanna sna codanna éagsúla ach tabharfaidh an plé comhtháite seo comhthéacs do cheapadh an chlub léitheoireachta[5] a reáchtáladh don taighde seo.

An Léitheoireacht Fhorleathan a Chothú

Féachaimid anois ar an gcur chuige ginearálta a bhaineann leis an léitheoireacht fhorleathan, na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann léi, an t-oiriúnú is gá a dhéanamh i gcomhthéacsanna éagsúla, mar aon le cur i bhfeidhm roinnt phrionsabail na léitheoireachta forleithne, ina measc, éagsúlacht téacsanna a chur ar fáil.

Sainmhíniú agus Prionsabail na Léitheoireachta Forleithne

Go bunúsach is éard atá i gceist leis an léitheoireacht fhorleathan ná méid mór ábhar a léamh go gasta d'fhonn tuiscint ghinearálta a fháil, agus tá an bhéim ar an mbrí a bhaint den téacs. Is cabhair í an léitheoireacht fhorleathan d'fhorbairt scileanna teanga i gcásanna nach bhfuil an sprioctheanga ar fáil sa saol thart timpeall ar pháistí (Sakurai, 2015), agus tá an-tábhacht ag baint leis an seomra ranga le go mbeidh teagmháil ag páistí le mionteanga ach go háirithe (Johnstone, 2002). Cuireadh an léitheoireacht fhorleathan i bhfeidhm in go leor comhthéacsanna ach faoi theidil éagsúla – tuile leabhar, léitheoireacht neamhspleách, nó léitheoireacht méadaithe (Rasinski et al. 2016). Cumadh cúpla acrainm freisin le cur síos a dhéanamh ar an gcur chuige: taoiléitheoireacht mharthanach gan stopadh nó *Uninterrupted Sustained Silent Reading* (USSR) mar is fearr aithne air sa Bhéarla; Stop agus Léigh nó *Drop Everything and Read* (DEAR) mar is fearr aithne air sa Bhéarla (Yamashita, 2015). Tá meascán de chuir chuige léirithe maidir le léitheoireacht fhorleathan a chur ar siúl. D'úsáid roinnt taighdeoirí naoi leabhar (Robb agus Kano, 2013) nó cúig leabhar (Shue, 2003) thar thréimhse bliana. Tá tionscnaimh eile ann a mhair cúpla bliain (Nishizawa, Yoshioka agus Fukuda, 2010). In amanna is leabhair ghrádaithe scoile a bhíonn in úsáid mar gheall ar an ngramadach shrianta iontu, ach in amanna eile is ábhar casta a úsáidtear d'aon ghnó (Kweon agus Kim, 2008). Baineann taighdeoirí áirithe úsáid as comhthéacsanna neamhfhoirmiúla chun an léitheoireacht a chur chun cinn (Culatta et al., 2004b), agus cuireann taighdeoirí eile an léitheoireacht fhorleathan ar an siollabas foirmiúil teanga.

[5] Úsáidtear an téarma "club léitheoireachta" seachas "club leabhar" mar gheall ar na seánraí litríochta nach leabhair thraidisiúnta iad atá mar chuid den chlub.

Is éard atá i gceist le tuile leabhar ná seans a bheith ag páistí teacht ar a lán téacsanna léitheoireachta a bhfuil mionsmacht ag na páistí orthu agus ar ábhair atá intuigthe (Hickey, 2001: 70). Baineadh úsáid as an gcur chuige seo ar bhonn idirnáisiúnta ag eascairt as an rath a bhí air in Fiji (Hickey, 2001). Cuireadh tús le tuile léitheoireachta in Fiji, i dtionscadal darbh ainm *Fia Fia*. De réir thaighde Elley ar thionchar an tionscadail seo (1991), chuir muintir na háite na téacsanna léitheoireachta le chéile ag díriú ar ghreann áitiúil agus ar théamaí áitiúla. Bhí léaráidí agus gníomhaíochtaí iontu freisin. Roghnaíodh 50 leabhar agus roinneadh iad ina dtrí chuid de réir leibhéal deacrachta. Ní raibh mórán leabhar ar fáil do na léitheoirí is lú cumas, áfach. Chun an bhearna seo a líonadh, cuireadh roinnt sleachta ó léitheoirí céimnithe (scéalta agus dánta) le chéile mar leabhráin le go mbraithfeadh páistí go raibh "leabhar" iomlán léite acu (Hickey, 2005: 414). Is é an cur chuige seo a threoraigh ár dtaighde maidir cleachtais agus roghanna an léitheora Gaeilge ach bhaineamar leas freisin as cur chuige na léitheoireachta forleithne.

Chum Day agus Bamford na bunphrionsabail a bhaineann leis an léitheoireacht fhorleathan, agus tá gnéithe de na bunphrionsabail seo a leanas le feiceáil a bheag nó a mhór i ngach tionscnamh a dhíríonn ar spéis agus scileanna sa léitheoireacht a fhorbairt, go háirithe i dteanga bhreise. Má bhreathnaímid ar an liosta tá an-loighic agus an-chiall ag baint leis na moltaí ach is gá an comhthéacs sochtheangeolaíoch a chur san áireamh chomh maith agus oiriúnú a dhéanamh. Déanann Waring agus McLean (2015) cur síos ar leaganacha éagsúla den léitheoireacht fhorleathan ag brath ar an gcomhthéacs, agus molann siad breathnú orthu mar leaganacha bailí agus gan a bheith faoi bhrú smaoineamh go bhfuil leagan foirfe den léitheoireacht fhorleathan ann.

Principles of Extensive Reading

1. The reading material is easy.
2. A variety of reading material on a wide range of topics must be available.
3. Learners choose what they want to read.
4. Learners read as much as possible.
5. The purpose of reading is usually related to pleasure, information and general understanding.
6. Reading is its own reward.
7. Reading speed is usually faster rather than slower.
8. Reading is individual and silent.
9. Teachers orient and guide their students.
10. The teacher is a role model of a reader.

(Day agus Bamford, 2002)

Breathnaigh ar phrionsabal 1, mar shampla, a deir gur chóir go mbeadh an t-ábhar éasca le léamh. I mionteanga is deacair teacht ar ábhar éasca toisc go mbíonn tacaíochtaí breise de dhíth ó léitheoirí. Roinnt den fhoclóir, cé go bhfuil sé bunúsach, níl sé in úsáid go forleathan fiú i measc cainteoirí dúchais. Ní gá mar sin gur ábhar éasca ó bhonn atá ann nó go bhfuil sé laistigh dá gcumas

teangeolaíoch (Grabe agus Stoller, 2011) ach go bhfuil an cumas acu an leabhar a léamh laistigh dá zón neasfhorbartha. Sa chás seo is mór an tacaíocht na gluaiseanna. Molann Day (2014) cabhair agus tacaíocht chuí a chur ar fáil nuair is gá, agus mar sin, tá leabhair, ina bhfuil gluais ar bhun an leathanaigh nó ar leabharmharc, riachtanach don léitheoir.

De réir phrionsabal 2, is gá téacsanna éagsúla a chur ar a súile do léitheoirí. In amanna ní bhíonn fáil éasca ag léitheoirí ar sheánraí éagsúla cé go bhfuil an eagsúlacht seo molta ag go leor taighdeoirí mar a fheicfimid thíos. (Pléifear éagsúlacht na dtéacsanna i gcás na Gaeilge go speisialta i gCuid 3 maidir le dearcadh agus le hinspreagadh léamh as Gaeilge). Is ionann ábhar eolais nó ábhair neamhfhicsin agus 90% de na téacsanna a dtagann daoine fásta orthu lasmuigh den scoil (Smith, 2000) ach ina ainneoin sin, tá easpa ábhar den chineál seo i mbunscoileanna (Duke, 2000). Tá buntáistí ag baint leis an seánra seo óir is féidir le léitheoirí iniúchadh a dhéanamh ar an domhan mórthimpeall orthu (Malcoch agus Horset, 2013), ní gá do léitheoirí eolas faoin sprioctheanga amháin a fhoghlaim (Yamashita, 2015). In amanna eile, smaoiníntear go príomha ar chineálacha traidisiúnta leabhar amháin ach tá gá le níos mó solúbthachta. Déanann Owocki (1999), agus Pellegrini agus Galda (2002) trácht ar an nasc nádúrtha idir scileanna litearthachta agus an spraoi, agus is féidir an fhéidearthacht a bhaineann le cluichí cláir chun forbairt scileanna teanga a fheiceáil. Tacaíonn Raskinksi et al. (2016) le prionsabal na héagsúlachta. Leagann siad béim ach go háirithe ar ábhar filíochta mar gheall ar an rím atá ann. Agus páistí ag baint úsáide as téacsanna, is féidir leo an litríocht a chiallú agus a léirthuiscint maidir le brí, fuaimíocht, agus rithim. Nascann Raskinksi et al. (2016) cur chuige léitheoireacht fhorleathan le múineadh na scileanna díchódaithe freisin d'fhonn líofacht léitheoireachta a chothú. Labhraíonn Ní Chearnaigh (2016) faoi na buntáistí a bhaineann le scéalta digiteacha chun inspreagadh a chothú sa teanga. Maíonn Van den Branden (2006) agus Almeida-Soares (2008) go gcabhraíonn an teicneolaíocht faisnéise chumarsáide le páistí óga idirghníomhú ar bhonn spreagúil, toisc an spéis atá ag páistí i gcúrsaí ríomhaireachta (Culatta et al., 2004). Molann Hickey agus Stenson (2016) freisin an litearthacht dhigiteach a chothú sa ré dhigiteach ina mairimid.

Mar sin, labhraíonn a lán taighdeoirí faoin ngá le réimse ábhar a chur ar fáil chun spéis a mhúscailt sa léitheoireacht (ina measc, De Burgh-Hirabe agus Feryok, 2013; Macalister, 2015) agus tá sé sin tábhachtach ach go háirithe i litríocht Ghaeilge na n-óg nuair a fheicimid treochtaí áirithe sna téamaí a chuirtear ar fáil. Déanann Adams (2016) trácht ar an líon ard úrscéalta staire a cuireadh ar fáil do pháistí sna caogaidí agus sna seascaidi. De réir Adams, scríobhadh a lán faoi ghéarleanúint na gCaitliceach sa tréimhse 1645 – 1745 agus bhí na scéalta sin ina n-ábhar léitheoireachta do ghlúin óg a bhí páirteach i gClub Leabhar na Sóisear. Feictear an treocht céanna go pointe sa lá atá inniu ann

maidir le scéalta traidisiúnta a bheith ar fáil do léitheoirí óga, scéalta a chothaíonn mórtas cultúrtha agus staire. Tá seans ann go bhfuil réimse cúng ar fáil do pháistí má dhíríonn údair go príomha ar na seánraí seo.

De réir phrionsabal 3, roghnaíonn an léitheoir féin an leabhar, agus bhain taighdeoirí eile úsáid as an múnla seo, mar shampla, Waring agus McLean (2015), Guthrie agus McPeake (2013), agus Stoller (2015). Molann Reutzel et al. (2008) go nglacfadh na léitheoirí úinéireacht as a léitheoireacht féin, go gcinnteoidís féin go léifidís réimse leathan seánraí, agus go leagfaidís féin síos spriocanna pearsanta chun leabhar a chríochnú laistigh de theorainn ama. Cabhraíonn an bhraistint úinéireachta le cur chun cinn na léitheoireachta (Rao agus Babu, 2016). In amanna eile moltar do pháistí an cineál ábhar léitheoireachta a thaitníonn leo a lua (McKenna agus Stahl, 2008). Ní i gcónaí atá an roghnú seo indéanta, áfach. Sa tSeapáin agus sa Chóiré, mar shampla, níl mórán deiseanna acu a léitheoireacht féin a roghnú (Ro, 2016) agus tarlaíonn an easpa roghnúcháin seo go minic i ranganna teanga bhreise (Krashen, 2004). I roinnt cásanna go hidirnáisiúnta roghnaíonn na múinteoirí féin an ghníomhaíocht léitheoireachta agus níl rogha ag na páistí (Macalister, 2015). Sa chás seo, tá an baol ann go n-iompaíonn múinteoirí ar straitéisí agus ar áiseanna a bhí in úsáid acu agus iad ar scoil (Lortie, 1975). In amanna mura bhfuil an acmhainn ann chun áiseanna léitheoireachta a cheannach, níl rogha leabhar ar fáil, nó má tá áiseanna ann, níl an cumas teanga cuí ag léitheoirí. Fiú má thugtar saoirse do pháistí an t-ábhar léitheoireacha a roghnú, tá dúshlán breise ann má tá réamhthuairimí ag léitheoirí maidir le seánra amháin, mar shampla i dtaighde Guthrie, Wigfield agus Klauda (2012) shíl 80% de rannpháirtithe go raibh téacsanna eolais “leadránach”. Tá seans ann nach bhfuil taithí acu go dtí seo ar sheánra faoi leith, agus mar sin, is deacair cinneadh eolach a dhéanamh. Caithfidh na múinteoirí múnla a thabhairt ar rogha a dhéanamh nó rogha teoranta a thabhairt do léitheoirí go dtí go mbeidh siad compordach rogha eolach a dhéanamh (Guthrie agus McPeaker, 2013).

De réir phrionsabal 5, ba chóir go mbainfeadh páistí taitneamh as an léitheoireacht, ach go dtí seo tá ganntanas taighde ar na cineálacha téacsanna léitheoireachta a gcuireann léitheoirí mionteangacha spéis iontu, mar shampla, an Ghaeilge, (Ní Chuilleanáin, 2014).

De réir phrionsabal 8, ba chóir go mbeadh an taoiléitheoireacht ar siúl go ciúin agus na páistí ina n-aonar, ach déanann an cur chuige seo imeallú ar an ngné shóisialta den léitheoireacht. Taispeánann Neuman (1999) go bhfuil dea-thionchar ag an gcóngaracht do dhaoine eile ar thaithí na léitheoirí. Imríonn taithí shóisialta léitheoireachta tionchar freisin ar an spéis atá ag páistí sa léitheoireacht agus cabhraíonn sé leo smaoineamh ar an taoiléitheoireacht mar imeacht sóisialta seachas próiseas díchódaithe aonair (Culatta et al., 2004). Leagann Protacio (2012) béim ar an ngné

shóisialta den chlub léitheoireachta trí ghrúpa plé, nó trí chomhléitheoirí a úsáid. Is cuid thábhachtach de chlub léitheoireachta an plé agus roinnt tuairimí ar an ábhar. Mar an gcéanna leis an nós atá molta ag Culatta et. al (2004), molann Rasinksi et al. (2016) gné shóisialta agus ealaíne a chur leis an léitheoireacht trí chaifé filíochta, trí phlab filíochta nó trí fhéasta filíochta. Ceanglaíonn Rasinksi et al. (2016) an léitheoireacht leis an léiriú agus molann siad deiseanna do na páistí na dánta a léiriú dá bpiaraí. Molann Reutzel et al. (2008) go bpléifeadh na páistí an t-ábhar leis an múinteoir, agus go roinnfidís a dtuairimí lena bpiaraí. Tá níos mó sa leabhar ná an scéal scríofa agus tráchtann Hiebert agus Martin (2001) ar an tionchar atá ag dearadh an leabhair, na léaráidí srl. ar aird léitheoirí. Mar sin, ba chóir deiseanna a thabhairt do léitheoirí na gnéithe seo a phlé.

Tá easaontas ann freisin maidir leis an luach a bhaineann leis an taoiléitheoireacht mharthanach gan stopadh (USSR) (Stahl, 2004). Tá seans ann gur léitheoireacht "bhréagach" atá i gceist san USSR. Is é sin go bhfuil plé an-éadrom ag na páistí leis an leabhar seachas é a léamh (Kelley agus Clausen-Grace, 2006) agus de réir Macalister (2015) ní cosúil go mbeidh páistí in ann léamh go ciúin ar feadh tréimhse fhada. In amanna, is iad na múinteoirí a bhíonn in amhras fúithi toisc nach bhfuil an bhainisteoireacht chéanna ranga i gceist. Braitheann na múinteoirí nach bhfuil aon smacht acu ar na páistí agus na páistí ag léamh as a stuaim féin (Garan, 2007). I gcás an chórais tumoideachais i gcoitinne, tá cáineadh ann go mbíonn na ceachtanna níos oidelárnaí mar go mbíonn an múinteoir ag iarraidh forbairt na teanga a stiúradh (Cummins, 2000; Ó Laoire et al., 2009). Tá fianaise ann nach mbaintear úsáid as an oiread sin obair bheirte agus obair ghrúpa le linn an lae (Gilleece et al., 2011). Seans go ngoilleann an easpa bainisteoireachta ranga a bhaineann le USSR ar mhúinteoirí i seomraí ranga tumoideachais ach go háirithe agus go mbeidh drogall orthu tabhairt faoi.

Maidir le prionsabal 9 agus 10 gur chóir do mhúinteoirí an léitheoireacht a stiúradh agus gur chóir dóibh dea-shampla a thabhairt. Dar le Elley (2000), in Singh et al. (2015), gur gá nasc breise a dhéanamh le hoiliúint múinteoirí do chur chun cinn na léitheoireachta. Tá deacracht ann nuair nach bhfuil na múinteoirí iad féin ag léamh go minic (Arici, 2008; Oguz, Yildiz agus Hayirserver, 2009). I measc na bpáistí is féidir an deis a thapú tionchar na bpiaraí a úsáid, áfach. I staidéar Rao agus Babu (2016) cuireadh agallaimh rialta ar na páistí maidir leis na leabhair a léigh siad agus chonacthas an-tionchar a bhí ag piaraí ar a chéile maidir le roghanna léitheoireachta, is é sin, gur minice a roghnaigh siad leabhar a mhol cara dóibh ná leabhar a mhol an múinteoir.

Buntáistí agus Baic a bhaineann leis an Léitheoireacht Fhorleathan

Tá buntáistí agus baic fite fuaite le cur i bhfeidhm na léitheoireachta forleithne. Tá a lán taighde déanta ar luach na léitheoireachta forleithne maidir le foclóir a shealbhú (Mason, 2004), maidir le ráta léitheoireachta (Belgar, Hunt agus Kite 2012), agus le cumas léitheoireachta (Gilleece et al., 2011). De réir Rao agus Babu (2016), tugann léitheoireacht fhorleathan ionchur intuigthe, agus cuireann sí leis an gcumas teanga i gcoitinne. I bhfocail Elley (1991: 404) "there is a spread of effect from reading competence to other language skills – writing, speaking and control over syntax". De réir Webb (2016), is féidir cur le foclóir teagmhasach an pháiste sa sprioctheanga, ach cuireann Cobb (2007) i gcuimhne dúinn gur foclóir ardmhinicíochta den chuid is mó a bheidh san fhoghlaim má tá easpa ionchuir sa teanga bhreise. Cabhraíonn an léitheoireacht fhorleathan freisin leis an luas léitheoireachta (Mori, 2015). Léirigh Wolf (2008) go bhfuil codanna eile den inchinn gníomhach agus léitheoireacht ar siúl i dteangacha éagsúla agus is fíor a rá mar sin go bhfuil go leor buntáistí cognaíocha ag baint léi.

Tá buntáiste mothachtálach ann do pháistí chomh maith, óir is féidir leo an bhraistint den sreabhadh, nó "flow" mar a thugtar air sa Bhéarla, a bheith acu nuair a roghnaíonn siad leabhair mar chaitheamh aimsire, nuair atá spéis acu sa téacs agus nuair a bhaineann siad tairbhe pearsanta nó intleachtúil as (McQuillan agus Conde, 1996). Tá fianaise den sreabhadh seo ann fiú nuair is leabhair ghrádaithe iad (Kirchhoff, 2013). Ní mór na toscaí mothachtálacha seo a chur san áireamh chun léitheoirí atá ag teacht faoi bhláth[6] a chothú (Protacio, 2012), is é sin daoine óga atá ag tosú amach ag léamh. Chun na toscaí seo a chothú molann Kelley agus Clausen-Grace (2006) gur chóir go mbeadh taithí réchúiseach ag léitheoirí agus go mbeadh rogha acu suí aon áit sa seomra ranga ach go gcaithfidís fanacht ann le linn na gníomhaíochta léitheoireachta.

Cabhraíonn an léitheoireacht sa bhaile leis an léitheoireacht fhorleathan a chothú. Ní haon ionadh go bhfuil baint idir an t-am a chaitear ar an léitheoireacht agus an cumas léitheoireachta (Morgan, Mrazm Padak agus Rasinksi, 2009). I dtaighde OECD (2010) bhí comhghaol dearfach idir gnóthúlacht páistí ar an scrúdú PISA sa bhliain 2009 agus na tuismitheoirí a thuairiscigh gur léigh siad leabhar lena bpáistí "gach lá nó beagnach gach lá" agus iad sa chéad bhliain ar scoil. Ní hé iomlán an scéil é a rá, áfach, go mbíonn gaol dearfach i gcónaí idir rannpháirtíocht tuismitheoirí in oideachas a bpáistí, agus dul chun cinn na bpáistí. De réir mar a mhíníonn Eivers et al. (2010), léirigh torthaí ó na Measúnachtaí Náisiúnta ar Léitheoireacht Bhéarla agus ar Mhatamaitic go raibh meánscór níos ísle

[6] Úsáidtear an téarma "léitheoirí atá ag teacht faoi bhláth" sa tuarascáil seo le cur síos ar léitheoirí nua atá ag tosú amach a n-aistear léitheoireachta ag aithint go bhfuil tacaíocht agus cothú de dhíth orthu.

sa léitheoireacht agus sa mhatamaitic ag páistí a fuair níos mó cabhrach lena n-obair bhaile. Ciallaíonn sé sin go mbíonn tuismitheoirí uaireanta ag cabhrú níos mó nuair a bhíonn deacracht ag páistí. Léiríonn sé freisin go bhfuil tábhacht leis an gcinéal cabhrach a fhaigheann páistí (Byrne agus Smyth, 2010). Aithníonn Senechal agus Young (2008) trí chineál chomhoibrithe: 1. Tuismitheoirí ag léamh lena bpáistí; 2. Tuismitheoirí ag éisteacht lena bpáistí ag léamh; 3. Tuismitheoirí ag teagasc a gcuid bpáistí maidir leis an léitheoireacht. Tá an fiúntas is mó ag baint leis an tríú rogha nuair atá tuismitheoirí ag cothú scileanna litearthachta chomh maith. I gcás teangacha breise, áfach, ní féidir bheith ag súil leis go mbeidh sé ar chumas tuismitheoirí an léitheoireacht a dhéanamh sa bhaile. Baineadh triail as tionscnaimh litearthachta i bpobail ina raibh athrú teanga ar siúl i dteaghlaigh ó ghlúin amháin go glúin eile (Singh et al. 2015), ach tá dúshláin bhreise ann nuair nach bhfuil an teanga ar a dtoil ag na teaghlaigh, agus tá sé deacair nósanna rialta léitheoireachta a chothú nuair nach féidir le páistí teacht ar théacsanna go rialta sa sprioctheanga (Blum et al., 1995; Gilleece et al. 2011).

Léiríonn taighde go mbíonn buntáiste ag páistí a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid lena bpiaraí i scoileanna lán-Bhéarla maidir le léitheoireacht an Bhéarla (Gilleece et al., 2010: 143) agus meastar go mbaineann cuid den bhuntáiste leis an tacaíocht a thugann tuismitheoirí sa bhaile (Gilleece et al., 2011: 9). Má bhíonn tuismitheoirí ag léamh lena bpáistí ina gcéad teanga, bíonn an plé níos gníomhaí agus níos bríocha (García agus Godina, 1994). Is scéal eile é, áfach, maidir le mionteanga. Tá fianaise ann de na deacrachtaí a bhíonn ag tuismitheoirí nuair a bhíonn cumas íseal acu i dteanga na scoile (Edwards, 2010; Lawrence-Lightfoot, 2003; Nieto, 1992). De réir Hindin agus Paratore (2014) agus Nation (2015) mura bhfuil tuismitheoirí muiníneach sa sprioctheanga is cabhair í straitéis na léitheoireachta aithriseacha, is é sin, nuair a léitear an t-ábhar céanna cúpla uair, agus tá an cur chuige seo níos éasca do thuismitheoirí.

Ina theannta sin, b'fhiú a thabhairt san áireamh nach i gcónaí a bhíonn rath ar tionscnaimh ina bhfuil tuismitheoirí páirteach (Mattingly, Prislín, McKenzie, Rodriguez, agus Kayzar, 2002) agus má táimid ag súil le comhoibriú bríoch fiúntach idir an baile agus an scoil, tá géarghá le struchtúr maith soleanta .i. struchtúr maith atá éasca le leanúint, mar a bhí i scéim Hickey (1991) leis na leabhair ar téip, nó i scéim Rasinski et al. (2016) le céimeanna soiléire don ábhar filíochta.

Tá roinnt deacrachtaí ag baint leis an léitheoireacht i dteanga bhreise freisin, go háirithe, cumas níos ísle a bheith ag páistí sa sprioctheanga; sna Stáit Aontaithe feicimid é seo i measc cainteoirí Spáinnise (Culatta et al., 2004). Bíonn léitheoirí níos moille sa teanga bhreise ná mar a bhíonn siad sa chéad teanga, b'fhéidir idir 30% - 50% níos moille (Hickey, 1991; Fraser, 2007) agus mar sin tá tacaíochtaí breise de dhíth orthu. Molann Rao agus Babu (2016) gan a bheith ag brath ar

fhoclóirí le linn na léitheoireachta agus deir Sakurai (2015) go mbíonn moill ar léitheoirí má tá siad ag aistriú an t-am ar fad. In Éirinn tá fianaise ann go bhfuil ardchaighdeán, ar an meán, bainte amach ag páistí a d'fhreastail ar chúrsaí tumoideachais (mar shampla, Dillon, 2009; Gillecce et al., 2011; Harris et al., 2006 agus 1999; Ó hAiniféin, 2007; Parsons agus Lyddy, 2009). Fiú do léitheoirí a bhfuil an Ghaeilge mar mháthairtheanga acu, dearbhaíonn Pétarváry et al. (2014) go bhfuil leibhéil níos airde inniúlachta agus cruinnis ag na léitheoirí sin sa Bhéala, agus go bhfuil cumas níos ísle acu sa Ghaeilge ná mar a bheifí ag súil leis i gcás duine aonteangach.

Is féidir le cúrsaí inscne tionchar a imirt ar an spéis atá ag páistí léitheoireacht fhorleathan a dhéanamh agus ar ghnóthúlacht léitheoireachta. Tá meascán de thorthaí a thagann amach. Thaispeáin torthaí PISA (2009) go raibh difríocht shuntasach staitistiúil i bhfabhar cailíní, ach ní raibh difríochtaí suntasacha ó thaobh inscne le fáil sna Measúnachtaí Náisiúnta sa bhliain 2009 i scoileanna lán-Bhéarla agus lán-Ghaeilge (Gilleece et al., 2011: 10), ná sna Measúnachtaí Náisiúnta 2010 sna scoileanna lán-Ghaeilge (Gilleece et al. 2011: xviii). Cé nach féidir freagra beacht a thabhairt ar thionchar inscne, tá fianaise ann go bhfuil an-tionchar ag na hionchais atá ag foghlaimeoirí agus ag múinteoirí. Faoin teoiric Éifeacht Pygmalion, má cheapann daoine nach bhfuil siad go maith ag gníomhaíocht éigin nó má cheapann múinteoirí nach bhfuil cineál duine go maith ag gníomhaíocht áirithe, beidh tionchar aige sin ar an bhféin-éifeacht agus ar an dul chun cinn (Pedrosa and Lasagabaster, 2011).

Tá deacrachtaí a bhaineann leis an ngné mhothachtálach den léitheoireacht fhorleathan freisin. Leagann Nord, Lennon, Liu agus Chandler (1999) agus Serpell (2001) béim ar thaithí dhearfach litearthachta. Iniúchann taighdeoirí eile an tionchar fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar léitheoirí (Guthrie, Wigfield, agus You, 2012). De réir Mori (2015) agus Takase (2007), is fearr a léireoidh an t-inspreagadh intreach ná an t-inspreagadh eicstreach an méid a léifidh páistí, ach ní hé sin le rá nach féidir leis an múinteoir tionchar a imirt ar chúrsaí inspreagtha (Ro, 2016). Agus inspreagadh á chothú ag an múinteoir, is gá ar dtús na páistí a spreagadh nó a bhrú píosa go dtí go mbeidh siad féin gafa (Garan agus De Voogd, 2008; Ro, 2016). In ionad smaoineamh ar inspreagadh intreach nó eistreach amháin, is féidir an coincheap den fhéin idéalach teanga nó an "ideal language self" a mhol Dornyei (2005) a úsáid. Mar chuid de seo, féachtar ar na buanna agus na scileanna ba mhaith le foghlaimeoirí a bheith acu sa sprioctheanga. I gcás léitheoireachta sa sprioctheanga, b'fhéidir go mbeidh siad ag iarraidh *Harry Potter* a léamh as Gaeilge nó oideas a leanúint as Gaeilge. Tá an bhéim ar an bhféiniúlacht mar léitheoir tábhachtach mar aithníonn coincheap na féiniúlachta an fás agus an fhorbairt mar chuid den fhéiniúlacht sin seachas smaoineamh ar inspreagadh mar gné statach (Cho agus Kim, 2014; de Burgh-Hirabe agus Feryok, 2013; Ro, 2013).

Le hachoimre a chur ar an méid seo, léiríonn an taighde idirnáisiúnta go bhfuil an iliomad buntáistí ag baint leis an léitheoireacht fhorleathan sa teanga bhreise, ina measc, buntáistí cognaíocha agus mothachtálacha. Is treoirlínte cumasacha iad na bunprionsabail don léitheoireacht fhorleathan mar atá leagtha síos ag Day agus Bamford (2002) go háirithe maidir le héagsúlacht téacsanna a chur ar fáil. Is gá, áfach, roinnt díobh a leasú beagán chun na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh más mionteanga atá i gceist: go mbeidh tacaíochtaí breise de dhíth ó léitheoirí, gur gá léitheoirí a chumasú ar dtús chun cinneadh eolach a dhéanamh faoi ábhar a léamh, agus gur féidir an ghné shóisialta den léitheoireacht roinnte cur leis an taithí léitheoireachta.

Léitheoireacht na Gaeilge sa Chóras Oideachais

Féachfar anois ar an ról atá ag an nGaeilge sa chóras oideachais, an príomhfhóram ina ndéanann léitheoirí óga teagmháil leis an teanga den chéad uair. Breathnófar ar an gcuraclam Gaeilge, go háirithe, ar an mbéim nó an easpa béime a chuirtear ar scileanna agus ar thaithí léitheoireachta. Ansin, iniúchfar cuir chuige chomhaimseartha maidir le litearthacht agus léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh.

An Bhéim ar an Léitheoireacht sa Churaclam Gaeilge

Ó bunaíodh an Saorstát i 1922, bhain tionscadal athneartú na Gaeilge leis an gcóras bunscolaíochta. Cé go bhfuil tacaíocht shuntasach ag an nGaeilge ón Stát maidir le háit lárnach a bheith aici sa churaclam, níl dóthain taighde ar fáil ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na litearthachta. Leoga, tá easpa saineolais, taighde agus plé ann freisin maidir leis an léitheoireacht mar bhunchloch de mhúineadh na Gaeilge. Tá géarghá ann le breathnú go mion ar ghnéithe de mhúineadh na Gaeilge (Hickey agus Stenson, 2016). Bhí deacrachtaí ginearálta faoi mhúineadh na Gaeilge á gcur in iúl ag múinteoirí le fada an lá (INTO, 1941; INTO 1985; Dunne 2015). Cé gur sprioc a bhí ann ar dtús gach ábhar a mhúineadh trí mheán na Gaeilge, ní raibh rath ar na hiarrachtaí sin. D'éirigh leis an bpolasaí go pointe áirithe agus faoi 1940í bhí 28% de na bunscoileanna agus 12% de na meánscoileanna ag múineadh roinnt de na ranganna nó iad go léir trí Ghaeilge (Murtagh, 2007). Ó 1950í ar aghaidh áfach, níor cuireadh an riail i bhfeidhm chomh láidir sin agus ní raibh ach 20 scoil sa bhliain 1970 a bhí ag múineadh trí Ghaeilge (Ó Laoire, 2005).

Sa churaclam sa bhliain 1922, bhí ceithre ghné ann, agus an léitheoireacht mar chloch lárnach ann (Hyland and Milne 1992 in Hickey agus Stenson, 2016): an Léitheoireacht agus an Litriú; an Scríbhneoireacht; an Chumadóireacht agus an Ghramadach. Fiú san ord ina luaitear gnéithe na Gaeilge, feicimid an léitheoireacht mar phrióireacht. Cuireadh An Gúm ar bun sna fichidí agus bhí tacaíocht Stáit ann maidir le téacsanna léitheoireachta a chur ar fáil. Léiríonn an daonáireamh

chomh maith, thart ar an tréimhse sin, go raibh níos mó cainteoirí T1 sa tír, go háirithe sna Gaeltachtaí (Fitzgerald 2003). Leis an gcuraclam a cuireadh i bhfeidhm ina dhiaidh sin, sa bhliain 1970, rinneadh an léitheoireacht a imeallú ar bhealach. Tugadh tús áite do chur chun cinn na Gaeilge labhartha comhráiteach i gcuraclam 1970 tríd an modh closamhairc (Hickey agus Stenson, 2016). Breathnaíodh ar mhúineadh na léitheoireachta mar chuspóir tánaisteach le daingniú a dhéanamh ar an ábhar a foghlaimíodh i labhairt na Gaeilge (Hickey, 2001). Aithníodh tábhacht na léitheoireachta arís i gcuraclam 1999 mar chuid den chur chuige cumarsáideach, agus féachadh chuige gur cuid luachmhar lárnach den phróiseas foghlama í an léitheoireacht. Tá deacrachtaí ag baint leis an gcur chuige cumarsáideach i gcás na Gaeilge, áfach, toisc nach bhfuil na deiseanna céanna cumarsáide le fáil toisc gur mionteanga í (Ó Dubhghaill agus Ó Súilleabháin, 1986), agus mar sin, d'fhéadfaí leas níos fearr a bhaint as an litríocht chun méadú a dhéanamh ar an teagmháil leis an teanga. Tá sé spéisiúil go gcuirtear i leith shiollabas na Gaeilge ag an meánleibhéal go bhfuil an iomarca litríochta le déanamh ag an mac léinn (Ó Dubhthaigh 1978 in Ó Laoire, 2008). B'fhéidir go mbaineann roinnt de seo leis an easpa teagmhála ag an mbunleibhéal. De réir Fernández García (2005) agus é ag trácht ar na Stáit Aontaithe, ba chóir go mbeadh ról faoi leith ag an litríocht i múineadh teanga breise ach tá roinnt laigí ann fós, áfach, maidir le cur chun cinn na léitheoireachta. In Éirinn seoladh curaclam nua teanga sa bhliain 2015, curaclam comhtháite, agus cuirfear i bhfeidhm é sna blianta atá romhainn. Díreofar isteach ar chur i bhfeidhm na snáitheanna ar labhairt na Gaeilge ar dtús, agus sa bhliain 2017-2018 díreofar ar léitheoireacht na Gaeilge. Beidh le feiceáil an éireoidh leis an gcuraclam nua teanga feasacht theangeolaíoch na bpáistí a chothú, mar aon le béim a chur arís ar chúrsaí léitheoireachta[7].

Tá baol ann má dhírítear go príomha ar scileanna labhartha i mionteanga, mar déanann sé beag is fiú den ról atá ag an litearthacht d'fhorbairt na teanga (Patrick, Budach agus Muckpaloo, 2013). Tugann Hickey le fios gur cuid imeallach den cheacht Gaeilge an léitheoireacht minic go leor (Hickey 1991). Cuireann páistí tús le léitheoireacht na Gaeilge sa cheathrú bliain ar scoil de ghnáth nuair atá scileanna sealbhaithe acu sa Bhéarla (Hickey, 2009), agus tar éis dóibh bunús láidir a fháil ar scileanna labhartha sa Ghaeilge. Dírítear go príomha sa churaclam bunscoile ar an gcéad ghné: labhairt na Gaeilge, agus is féidir neamart a dhéanamh in amanna de ról tábhachtach na léitheoireachta agus den dlúthcheangal atá aici le forbairt na scileanna teanga eile. Is gá aird a thabhairt ar an gcuid riachtanach seo chun pictiúr iomlánaíoch a fháil ar shealbhú na Gaeilge.

Laistigh den cheacht Gaeilge féin, tá deacrachtaí curtha in iúl ag múinteoirí agus ní nach ionadh go bhfuil impleachtaí acu seo ar mhúineadh na léitheoireachta. Chonacthas an rath a bhí ar

[7] Tá tuilleadh eolais maidir le cur i bhfeidhm an churaclaim nua teanga sa chiorclán seo a leanas: http://circulars.gov.ie/pdf/circular/education/2015/61.pdf.

chur chun cinn dhrámaíocht Ghaeilge na n-óg mar chaitheamh aimsire sna tríochaidí a bhuí leis an tacaíocht oifigiúil fhoirmiúil a bhí ar fáil ón Roinn Oideachais. Tharla sé toisc nach raibh an drámaíocht in iomaíocht le cineálacha eile caitheamh aimsire, ach tháinig meath ar dhrámaíocht na Gaeilge mar chaitheamh aimsire ina dhiaidh sin (Dunne, 2016). Tá tionchar ag na nithe seo

(1) imeallú ar an léitheoireacht i múineadh na Gaeilge,

(2) cumas íseal sa teanga, agus

(3) caithimh aimsire eile atá ar fáil don aos óg,

ar chur chun cinn léitheoireacht na Gaeilge sa seomra ranga agus don phléisiúr.

Cuir Chuige do Mhúineadh na Léitheoireachta

Féachfaimid ar chúpla gné de mhúineadh na Gaeilge anois: leanúnachas i múineadh na léitheoireachta agus saindeacrachtaí litearthachta sa Ghaeilge; moltaí an churaclaim agus aon cheisteanna maidir le hiad a chur i bhfeidhm; an bhaint idir an foclóir ó bhéal agus an foclóir léitheoireachta; tuiscintí múinteoirí ar mhúineadh na léitheoireachta; áiseanna do mhúineadh na léitheoireachta; agus straitéisí d'aithint focal (sa Bhéarla agus sa Ghaeilge) go háirithe an bua a bhaineann le focail iomlána a aithint agus scileanna díchódaithe a fhorbairt.

De réir an churaclaim, ba chóir do mhúinteoirí taithí léitheoireachta a chothú sna luathbhlianta seachas léitheoireacht fhoirmiúil a mhúineadh. Cé go dtugtar moltaí beachta maidir leis seo, tá srianta eile i gceist. Mar shampla, sa churaclam, moltar léamh os ord do mhúinteoirí chun go mbeidh dea-shampla agus teagmháil ag páistí le réimse leathan téacsanna (Hickey, 2001). Ach arís gan treoir bheacht ar an léamh os ard, agus buiséad maith a bheith ag múinteoirí chun réimse leathan ábhar a cheannach, ní féidir a chinntiú go mbeidh nasc idir na moltaí sa churaclam agus an cleachtas laethúil. Sampla eile ná go moltar do mhúinteoirí sna ranganna sóisearacha an gaol idir an focal scríofa agus an fhuaim a phlé sa Bhéarla agus sa Ghaeilge (Hickey, 2009) agus focail nua a mhúineadh i gcomhthéacs abairte nó frása. Toisc nach bhfuil leabhar agus treoir faoi leith ar fáil do mhúinteoirí maidir leis seo, áfach, tá seans ann nach bhfuil sé seo á dhéanamh nó nach bhfuil córas leanúnach ar siúl.

Tá cuma chiallmhar ar an moladh bunús maith a fhorbairt sa teanga labhartha roimh an teanga scríofa a iniúchadh ach tá seans ann nach bhfuil ceangal iomlán soiléir eatarthu. Ní féidir a bheith ag súil go mbeidh teagmháil rialta ag páistí ar an nGaeilge sa timpeallacht lasmuigh den scoil ach níor chóir sa chomhthéacs sin an deis a chailleadh an leas is mó a bhaint as an nGaeilge a bhíonn i mbéal na bpáistí go minic mar chabhair leis an léitheoireacht. Aithníonn de Brún (2007: 4) gur gá leabhair nó téacsanna léitheoireachta a bhunú ar an teanga laethúil atá riachtanach i saol an linbh ach níl baint shoiléir ann idir na frásaí neamhfhoirmiúla a úsáidtear i gcomhthéacs an tseomra ranga

(mar shampla “an bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas?”, “tógaigí amach na leabhair”, “dún an fhuinneog”) agus an foclóir a bhíonn sna leabhair (Dunne, 2015). Baintear úsáid as an gcur chuige seo le foghlaimeoirí an Bhéarla mar theanga bhreise laistigh den Chur Chuige Taithí Teanga nó *Language Experience Approach*[8] mar is fearr aithne air i mBéarla. Ní gá gur aithris amháin ar an nGaeilge labhartha a bheidh ann ach fágann an bhearna seo nach bhfuil deis ag páistí an ceangal a fheiceáil idir an focal is minice scríofa agus an focal is minice ráite, agus tá dearmad déanta acu ar an stór focal ón nGaeilge neamhfhoirmiúil a labhraíonn siad sa seomra ranga.

Léiríonn taighde Harris et al. (2006) an difríocht shuntasach idir scóir léitheoireachta na bpáistí sa Ghaeilge agus na scóir sa Bhéarla agus sa mhatamaitic. Deich mbliana níos déanaí léiríonn taighde Hickey agus Stenson go bhfuil an nós seo ar fáil; go bhfuil níos mó difríochta sa chur chuige do mhúineadh léitheoireacht na Gaeilge i measc na scoileanna, ach go bhfuil leanúnachas áirithe ann i múineadh léitheoireacht an Bhéarla agus na matamaitice (2016: 5). Tá gach seans ann go leanfar leis an nós seo mar gheall ar an mbéim a chuirtear ar scileanna litearthachta sa chéad teanga agus scileanna uimhearthachta sa mhatamaitic faoi scáth na Straitéise um Litearthacht agus Uimhearthacht (2011), agus an dearcadh a léiríonn múinteoirí gur gá díriú ar na hábhair sin – an Béarla agus an mhatamaitic - ar dtús (Dunne 2015). Tá seans ann freisin go mbaineann an easpa béime ar scileanna litearthachta sa Ghaeilge leis na scrúduithe caighdeánaithe sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Cé go bhfuil scrúduithe Gaeilge ann anois (DES, 2010: 1), tá níos mó díobh ann sa Bhéarla. Is cúis imní í seo nuair a fhéachaimid ar na sainriachtanais litearthachta atá ann sa Ghaeilge. Tuairiscítear gur líon suntasach iad na foghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta acu i nGaelscoileanna; tá disléicse ag 29.9% díobh, mar shampla. Ciallaíonn sé sin gur choir díriú ar chórais éifeachtacha le freastal ar chumasú na bpáistí sa litearthacht (2010: 1). Maidir leis an tacaíocht atá ar fáil (DES, 2010), tá os cionn 51% de mhúinteoirí riachtanais speisialta oideachais (RS0) i nGaelscoileanna ag cur tacaíochta ar fáil i scileanna litearthachta Béarla ach tá i bhfad níos lú (10%) de mhúinteoirí RSO i nGaelscoileanna ag cur tacaíochta ar fáil i scileanna litearthachta Gaeilge. B’fhéidir go bhfuil tacaíochtaí breise ag teastáil mar sin sa chabhair spriocdhírithe a fhaigheann páistí áirithe tríd an gcóras oideachais do riachtanais speisialta, ach maidir le scileanna litearthachta a shealbhú tá an gá is mó le tacaíocht sa phríomhcheacht Gaeilge. Tá na ceisteanna seo á bplé mar

[8] Tá tuilleadh eolais faoin gcur chuige taithí teanga ar fáil anseo:
https://k12teacherstaffdevelopment.com/tlb/understanding-the-language-experience-approach-lea/

chuid den pholasaí nua don oideachas Gaeltachta[9], ach tá fadhb ann maidir leis na réimsí seo i múineadh na Gaeilge i gcoitinne.

Tugann Hickey agus Stenson (2016) faoi deara go mbíonn múinteoirí i ngnáthscoileanna ag brath ar théacsleabhair do mhúineadh na léitheoireachta. Maíonn siad freisin go bhfuil tuiscint easnamhach ag múinteoirí maidir leis an gcaoi a n-oibríonn litriú na Gaeilge agus go gcuireann sé seo leis na deacrachtaí an léitheoireacht a mhúineadh go héifeachtach (2011). Deir Fraser (2004: 132) go bhfuil gá le tuilleadh taighde ar líofacht léitheoireachta i dteanga bhreise. Sa staidéar reatha seo is iarracht iad na clubanna léitheoireachta agus an tuile léitheoireachta chun eolas impiriciúil a fháil ar chúrsaí léitheoireachta i dteanga bhreise – an Ghaeilge. Léiríonn taighde go bhfuil páistí idir 30% - 50% níos moille ag léamh i dteanga bhreise, fiú na léitheoirí is fearr, ach níl an t-ionchur oiriúnach á chur ar fáil dóibh le hiad a chumasú (Hickey 1991; Fraser, 2007). Luann Hickey gur beag am a chuirtear ar fáil do mhúineadh na léitheoireachta ag an leibhéal réamhsheirbhíse nó ar bhonn inseirbhíse le tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn córas litrithe na Gaeilge nó chun comparáid a dhéanamh idir an Ghaeilge agus an Béarla mar a mholtar (DES, 1999: 5-6). Tá fiúntas ag baint le deiseanna a thabhairt d'fhoghlaimeoirí codarsnachtaí a aimsiú idir na fuaimeanna sa chéad teanga agus sa teanga bhreise (Mac Corraidh, 2016). Luann McKendry (2010) roinnt deacrachtaí a bhíonn ag nuachainteoirí na Gaeilge maidir le hurú nó le hathruithe tosaigh ar fhocal. Níl go leor ama tugtha don chleachtadh seo sa seomra ranga. I dtaighde a rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna sa bhliain 2008, chonacthas nár múineadh go foirmiúil scileanna anailíse focal ach i 15% de na ranganna a ndearnadh feitheoireacht orthu. Mar gheall air seo, tá páistí ann a bhfuil deacrachtaí acu focail choitianta a léamh nó nach féidir focail a aithint a d'fhoghlaim siad ó bhéal (Hickey agus Stenson, 2011).

Tá iarracht déanta sa chóras gaelscolaíochta díriú ar dhéchonsain agus ar fhuaimeanna áirithe sa Ghaeilge, sna sraitheanna éagsúla leabhar amhail *Na Gutaí Fada* agus *Cód na Gaeilge*, *Fónaicí na Gaeilge*[10]. Mar chuid den chlár *Abair*[11] tá iniúchadh á dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le cúrsaí fóineolaíochta a cheangal le hábhar fuaime, agus tá suíomhanna idirlín eile ar fáil mar shampla, *Mar a déarfá*,[12] mar aon le cúpla aip nua amhail *Duolingo*. Tá áiseanna ilmheánacha ar

[9] An Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2017-2022) ar fáil anseo: http://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Polasai-don-Oideachas-Gaeltachta-2017-2022.pdf.

[10] Tá an t-ábhar ar fáil ar http://www.stmarys-belfast.ac.uk/aisaonad/comhaid/Fonaic_na_Gaeilge.pdf.

[11] Abair: Is éard atá i gceist le Abair ná sintéiseoir Gaeilge le tógáil ar scileanna foghraíochta, ortagrtafaíochta agus léitheoireachta na Gaeilge: http://www.abair.tcd.ie/

[12] Mar a déarfá: Is clár fónaice é chun líofacht léitheoireachta agus cruinneas scríbhneoireachta agus litrithe a mhúineadh don chainteoir dúchais Gaeilge: http://www.maradearfa.ie/.

fáil freisin, mar atá, sna cláir *Bua na Cainte,*[13] *Cleite*[14] agus *Abair Liom*[15]. In amanna ní bhíonn múinteoirí ar an eolas faoi na háiseanna seo, áfach, agus b'fhéidir go mbaineann sé seo le heaspa poiblíochta a dhéantar orthu. Is gá cuimhneamh ar spriocphobail éagsúla maidir le litríocht agus léitheoireacht na n-óg: páistí a bhfuil an Ghaeilge mar mháthairtheanga acu, agus páistí atá ag foghlaim na Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge nó i scoileanna lán-Bhéarla. Is cosúil go ndírítear margadh na n-áiseanna d'fhónaicí na Gaeilge ar an earnáil Ghaelscolaíochta agus orthu siúd a bhfuil bunús níos láidre acu sa teanga. Is gá na háiseanna atá ar fáil cheana féin a chur in oiriúint do mhúinteoirí i scoileanna lán-Bhéarla agus margaíocht mhaith a dhéanamh ar na háiseanna chun múinteoirí a chur ar an eolas fúthu (Hickey agus Stenson, 2016). I dtaighde Hickey agus Stenson (2016), formhór na múinteoirí a cuireadh faoi agallaimh, chuir siad in iúl nach raibh siad ar an eolas maidir le cláir fónaicí sa Ghaeilge, nó chuir siad in iúl nach raibh a gcomhghleacaithe ar an eolas fúthu den chuid is mó. Tá deacrachtaí ann a bhaineann le dáileadh na leabhar ar scoileanna nuair nach bhfuil ach foireann bheag ag obair chun poiblíocht a dhéanamh orthu (de Brún, 2007: 31) freisin. Tráchtann Heussaff chomh maith ar dheacrachtaí a bhíonn ag siopaí leabhar cinntí a dhéanamh maidir le leabhar faoi leith a ordú nó a mholadh do chustaiméirí nuair atá an lucht foirne sa siopa ar an mbeagán Gaeilge (Heussaff, 2011: 27). Tá seans nach bhfuil foirne scoile an-ghníomhach ach an oiread maidir le leabhair a chuardach agus a cheannach, nó nach bhfuil an buiséad ann le tabhairt faoi. Tacaíonn sé seo le torthaí Harris et al. (2006) agus Hickey (2001) a léirigh nach bhfuil go leor leabhair Ghaeilge ná seánraí litríochta i neart seomraí ranga. Léirigh múinteoirí in Éirinn gurb ionann 73% de na leabhair sa leabharlann scoile agus leabhair ficsin, 17% agus leabhair neamhfhicsin, agus 9% agus leabhair thagartha (Gilleece et al.: 2011). Bíonn an múinteoir ag brath ar ghníomhaíochtaí scríbhneoireachta agus léitheoireachta ó théacsleabhar amháin chun daingniú a dhéanamh ar an obair ó bhéal, nó chun tástáil a dhéanamh ar an nGaeilge labhartha (Stenson agus Hickey, 2016). Feicfimid thíos na himpleachtaí atá ag an gcur chuige seo ar chumas léitheoireachta, go háirithe, ar chumas díchódaithe na bpáistí.

In éagmais straitéis éifeachtach, is minic a bhraitheann múinteoirí ar an gcéad litir (Hickey, 2009) nó ar stór amharcfhocal na bpáistí a láidriú le go mbeidh na páistí in ann léamh as Gaeilge, is é sin, go bhfuil an bhéim á cur ar aithint an fhocail iomláin (Ó Faoláin, 2006) ach tá míbhuntáistí ag baint leis an gcur chuige seo gan aon tacaíocht eile. Braitheann múinteoirí, uaireanta, ar roinnt straitéisí a bhíonn in úsáid sa Bhéarla, seachas ar straitéisí spriocdhírithe d'fhorbairt léitheoireacht na Gaeilge. Tá treocht ann an straitéis 'féach agus abair' a úsáid maidir le focail a mhúineadh agus tá

[13] Bua na Cainte. Tá an t-ábhar ar fáil anseo: https://www.edco.ie/students-parents/bua-na-cainte-a.4207.html
[14] Cleite. Tá an t-ábhar ar fáil anseo: http://www.stmarys-belfast.ac.uk/aisaonad/CLL/CLL_Breis/Cleite.html
[15]Abair Liom. Tá an t-ábhar ar fáil anseo: https://www.folens.ie/programmes/abair-liom

drogall ar mhúinteoirí díriú ar chomhfhreagairt fóinéime do ghraiféim, anuas ar na cinn atá ann sa Bhéarla. Cuireann an cur chuige seo leis an mbreacanailís a dhéanann foghlaimeoirí fiú leis na comhfhreagairtí fóinéime do ghraiféim is minice. Is nós coitianta é freisin i dtaispeántais i scoileanna, béim a chur ar ainmfhocail nua atá á bhfoghlaim ag an rang, agus feictear an cur chuige seo minic go leor i bpóstaeir a chuireann comhlachtaí tráchtála ar fáil do mhúinteoirí, cuir i gcás, áiseanna ón suíomh idirlín Seomra Ranga. Dhealródh sé nach minic a bhíonn eiseamláir teanga ann inar féidir leis an bpáiste an focal a úsáid i gcomhthéacs, toisc go bhfuil an bhéim ar shealbhú amharcfhocail aonair.

Ní hé nach bhfuil ról ann d'aithint focail áirithe, go háirithe, focail ardmhinicíochta, mar atá i Liosta Dolch sa Bhéarla. Baineadh úsáid as an gcur chuige seo sa chlár teilifíse *Buntús Cainte*[16] a bhí ar RTÉ ó 1967 ar aghaidh, clár a bhain an-úsáid as aithris agus as abairtí minice gearra, agus a bhí spriocdhírithe ar fhoghlaimeoirí Gaeilge. Baineadh úsáid as cúrsa comhrá Gaeilge i mbunscoileanna ó 1968 ar aghaidh mar a bhí sna leabhair *An Dochtúir sa Teach*, *Dúisigh a Bhríd*, agus *Tír na nÓg* srl. Arís ba chuid lárnach den siollabas Gaeilge í an aithris chun foclóir agus frásaí a mhúineadh d'fhoghlaimeoirí. Tá sé seo soiléir ó na céimeanna teagaisc atá leagtha amach i réamhrá na leabhar. Sa bhliain 2007, d'fhoilsigh Breacadh liosta de na focail is minice sa Ghaeilge. Léiríonn taighde Gardner gur gá máistreacht a fháil ar na focail ardmhinicíochta le gur féidir íosleibhéal líofachta sa léitheoireacht a fháil sa mháthairtheanga agus i dteanga bhreise (2004). Baineann an deacracht *leis an gcaoi* a spreagtar páistí le stór focail ardmhinicíochta a fhorbairt. Maíodh ag deireadh an chéid seo caite gur cuireadh ar chumas páistí amharcfhocail a shealbhú i dteanga bhreise trí theagmháil rialta le téacs intuartha (mar shampla, Bridge, Winograd, agus Haley, 1983) ach léiríonn taighde Johnston (2000) gur líon teoranta focal a fhoghlaimíonn fiú na léitheoirí is cumasaí i rang 1 (grád a haon) ó théacsanna mar seo. I scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghalltacht, sa Ghaeltacht agus i scoileanna príomhshrutha rinne Parsons agus Lyddy (2009) iniúchadh ar léitheoireacht na Gaeilge i measc páistí 8 mbliana d'aois. Tháinig Parsons agus Lyddy ar fhianaise go bhfuil léitheoirí níos éifeachtaí in ann an chomhfhreagairt idir an ghraiféim agus an fhóinéim a oibriú amach agus go bhfuil straitéis fhóineolaíoch léitheoireachta in úsáid acu (Hickey agus Stenson, 2011). Cabhraíonn sé seo leo tabhairt faoi fhocail nach bhfuil ar eolas acu, agus dá bharr sin, tomhaiseann siad neamhfhocal in ionad fíorfhocal eile a chur isteach san abairt. Ach, nuair a bhíonn deacrachtaí ag foghlaimeoirí maidir leis an gcomhfhreagairt idir an ghraiféim agus an fhóinéim, tá dochúlacht mhór ann nach dtabharfaidh siad faoin bhfocal a oibriú amach agus go gcuirfidh siad isteach fíorfhocal eile. Tá siad

[16] Is féidir breathnú ar an gcéad chlár den tsraith Buntús Cainte anseo: http://www.rte.ie/archives/exhibitions/681-history-of-rte/704-rte-1960s/472461-buntus-cainte/

ag brath ar straitéis an fhocail iomláin nó níl ach breacanailís déanta acu. B'fhearr sa chás sin anailís fóinéime do ghraiféim a spreagadh, mar a bhí in úsáid ag léitheoirí cumasacha.

D'fhonn léitheoireacht líofa a chothú molann Ehri (1995) gur chóir díriú ar an ngaol idir an ghraiféim agus an fhóinéim, seachas ar aithint an fhocail iomláin agus ar aithint an chrutha atá ar an bhfocal amháin. Ní gá gur próiseas meicniúil é an díchódú. Ina ionad sin, tá an bhéim ar líofacht léitheoireachta agus tá an díchódú ina chuid de sin. Beidh léitheoirí in ann teacht ar an bhfocal go huathoibríoch trí bhreathnú air, agus chuige sin, is rud ríthábhachtach é an léiriú atá ag léitheoirí ar an bhfocal ina gcuimhne (Hickey agus Stenson, 2011). Is anailís "éadomhain" é an spleáchas ar chruth an fhocail nó ar litir shuntasach agus ní spreagann an cineál sin anailíse an léitheoir chun an focal a léamh agus a fhuaimniú go huathoibríoch i gcónaí. Áitíonn Menon and Hiebert (2005) nach cabhair mhór í an straitéis seo mar gur féidir straitéisí lochtacha a fhorbairt dá bharr. Baineann na straitéisí éadoimhne seo leis na chéad tréimhsí den aithint focal, faoi scáth chéimeanna litearthachta Ehri, ach is gá léitheoirí a bhogadh ar aghaidh chuig na céimeanna eile agus iad a chumasú. Deir Stanovich (1991) go gcothaíonn anailís dhomhain ar fhocail, chomh maith le cleachtadh a fháil ar théacsanna ina bhfuil focail ardmhinicíochta, an aithint uathoibríoch. Bíonn deacrachtaí ag léitheoirí ansin más gá straitéis lochtach a shárú nuair a bheidh cleachtadh acu uirthi.

Tábla 1: Céimeanna Litearthachta

Pre-alphabetic

Partial alphabetic

Full alphabetic

Consolidated alphabetic

Ehri (1987)

Tá cúis eile ag baint leis an ngá imeacht ón mbéim ar amharcfhocail, cúis a bhaineann le struchtúr na Gaeilge. De réir Ní Bhaoill agus Uí Duibhir (2004), tá gá le hanailís a dhéanamh ar fhocail ardmhinicíochta sa Ghaeilge. Ó thaighde a rinneadh ar leabhair Ghaeilge don aos óg, feicimid go bhfuil cúpla tréith ag baint le focail ardmhinicíochta sa Ghaeilge. Feicfimid gur focail fheidhmeacha iad níos mó ná 40% de na focail is rialta a bhíonn ar fáil sna leabhair, is é sin, an t-alt, aidiachtaí sealbhacha, réamhfhocail, forainmneacha réamhfhoclacha, leaganacha den bhriathar "bí" agus an chopail "is" (Hickey, 2006). Mar sin, i gcás na Gaeilge, is foclóir feidhmeach iad na focail

ardmhinicíochta. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil brí leo ina n-aonar ach go bhfuil feidhm sheimeántach nó chomhréire acu laistigh de fhrása nó d'abairt. Is gá na focail seo a shealbhú *i gcomhthéacs,* agus mar sin, ní leor díriú ar aithint na bhfocal sin ina n-aonar mar amharcfhocail. Taispeánann sé seo dhá rud atá de dhíth ó léitheoirí: fáil ar fhocail ardmhinicíochta i dtéacsanna a léann siad, agus a bheith in ann iad a dhíchódú sna téacsanna sin (De Brún, 2007).

Mar achoimre ar an méid seo, feicimid nach bhfuil tús áite tugtha do mhúineadh ná do chur chun cinn na léitheoireachta sa churaclam agus nach bhfuil córas leanúnach ar siúl sna scoileanna. Feicimid dhá chur chuige éagsúla ann agus tá lochtanna ag baint le cur i bhfeidhm righin an dá chur chuige. Tá an chéad cheann (díriú ar aithint an fhocail iomláin gan scileanna díchódaithe a mhúineadh go follasach) fréamhaithe sa choincheap gur féidir scileanna litearthachta sa Bhéarla a thraschur go hiomlán go Gaeilge gan mórán ionchuir a thabhairt maidir leis na difríochtaí ortagrafaíochta. Tá laigí ag baint leis seo, go háirithe nuair a chuirimid san áireamh saindeacrachtaí teanga agus léitheoireachta a bhíonn ag páistí sa chóras gaelscolaíochta. Ach tá an dara cur chuige (mar atá sé luaite sna sraitheanna spriocdhírithe ar an gcóras gaelscolaíochta) bunaithe ar an bprionsabal gur chóir litearthacht na Gaeilge a mhúineadh ina haonar agus gan aon tagairt a dhéanamh do scileanna litearthachta atá á gcur chun cinn sa Bhéarla. Feictear an fhianaise nach bhfuil tagairt ann do mháthairtheanga na bpáistí sna háiseanna féin. Na deacrachtaí a bhaineann leis an dá chur chuige seo, níl siad dosháraithe. Chonacthas go bhfuil roinnt moltaí éifeachtacha ann sa churaclam féin chun comparáid a dhéanamh idir na teangacha, ach tá srianta ann freisin toisc go bhfuil ceal áiseanna cabhracha oideachais ar fáil agus nach bhfuil tacaíocht airgeadais ann chun téacsanna léitheoireachta a cheannach. Chun léitheoireacht na Gaeilge a fheabhsú, is gá cur ar chumas páistí scileanna díchódaithe a shealbhú, agus focail ardmhincicíochta a fhoghlaim i gcomhthéacs, agus délitearthacht a fhorbairt.

Dearcadh agus Inspreagadh i leith na Gaeilge

Féachfaimid anois ar roinnt toscaí eile a imríonnn tionchar ar chúrsaí léitheoireachta. Ar dtús, féachfar ar an léitheoireacht mar rogha, agus ar thionchar léitheoireacht na máthairtheanga ar nósanna léitheoireachta i dteanga bhreise. Ní mór breathnú ansin ar na téacsanna léitheoireachta atá ann ag cur san áireamh aon réimsí atá fós le feabhsú i soláthar ábhair ardchaighdeáin do léitheoirí atá ag teacht faoi bhláth Ansin, cé go ndéantar gearán faoin easpa ábhair spreagúla do pháistí, feicfimid ar ball nach é iomlán an scéil é sin. Fiú mar chuirtear ábhair spreagúla ar fáil níl borradh san am céanna sa mhéid a léann daoine óga. Breathnóimid ar thaighde a rinneadh ar spéis páistí agus daoine fásta (a) sa Ghaeilge, agus (b) sa léitheoireacht ar bhonn idirnáisiúnta, ag lorg moltaí chun páistí a ghríosadh le léamh as Gaeilge.

Nósanna Léitheoireachta Daoine Óga

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil borradh ag teacht ar an méid leabhair Bhéarla a léann páistí an lae inniu i gcomparáid leis na glúnta rompu. Dar le Hunt (2005) go bhfoilsítear 8000 leabhar do pháistí sa Bhreatain gach bliain. Is toradh an-dearfach é sin nuair a chuirimid san áireamh go bhfuil i bhfad níos mó caitheamh aimsire ar fáil do pháistí. Ach an bhfuil tionchar aige seo ar an léitheoireacht i dteanga bhreise, go háirithe sa Ghaeilge? Sa seomra ranga, is téacsleabhar a bhíonn ag páistí de ghnáth, seachas fíorleabhar nó "léitheoir" Gaeilge, agus bíonn sleachta gearra ann ina bhfuil dialóg agus gearrscéalta. An fheidhm atá leis na sleachta seo ná tacú le scileanna teanga ó bhéal níos mó ná scileanna léitheoireachta a chothú go córásach (Hickey agus Stenson, 2016). Cuireann Ó Raghailligh i gcuimhne dúinn nach ionann "léamh léitheoirí scoile agus grá nó cumas don léitheoireacht Ghaeilge a fhorbairt i bpáiste ar bith". Leoga, dar leis go bhfágann formhór na gnáthscoláirí bunscoile Rang 6 gan oiread agus leabhar amháin Gaeilge léite acu (De Brún, 2007). Tá taithí ag páistí óga ar shleachta gearra a léamh sna téacsleabhair Ghaeilge nó ar thaispeántais sna seomraí ranga nó ar fhógraí scoile, ach níl fianaise ann go léann siad go neamhspleách nuair nach bhfuil iachall orthu nó go bhfuil ábhair níos faide á roghnú acu. Tá fianaise ann a léiríonn go dtagann meath ar an spéis sa mhionchultúr de réir mar a théann an páiste in aois (Garrett, 2003) agus go n-imríonn sé seo tionchar ar an spéis sa léitheoireacht sa mhionteanga.

B'fhéidir go mbaineann an ráta íseal léitheoireachta sa teanga bhreise leis an nós atá ann léamh sa mháthairtheanga (sa Bhéarla den chuid is mó). Meabhraíonn de Brún dúinn gur dúshlán é, fiú i scoileanna lán-Ghaeilge, páistí a chur ag léamh i nGaeilge nuair is i mBéarla den chuid is mó a léann siad (de Brún, 2007). Tráchtann de Brún freisin ar an nós atá ann Béarla a labhairt sa bhaile agus an bac a chuireann sé sin ar fhorbairt foclóra sa Ghaeilge. I scoileanna lán-Bhéarla ní chuireann páistí in iúl ach go hannamh go ndéanann siad an léitheoireacht mar chaitheamh aimsire sa Ghaeilge, agus is léir nach mbíonn mórán fíorleabhar i seomraí ranga i scoileanna lán-Bhéarla (Harris et al. 2006). Is féidir nósanna léitheoireachta a chothú i measc páistí i scoileanna lán-Ghaeilge agus lán-Bhéarla, áfach. Tá deis ann páistí a chur ag léamh ábhair níos giorra chun an "grá" agus an "cumas" a fhorbairt, go háirithe ag tús phróiseas na léitheoireachta le go bhfaighidh siad taithí ar sheánraí éagsúla agus le nach mbeidh eagla orthu roimh leabhar iomlán. I scoileanna lán-Bhéarla bíonn múinteoirí ag brath ar an téacsleabhar ranga do léitheoireacht na Gaeilge gan ach fíorbheagán iniúchta a dhéanamh ar leabhair eile (Harris et al., 2006). Bíonn páistí ag brath ar mhúinteoirí chun a gcuid nósanna léitheoireachta a mhunlú, go háirithe, i dteanga bhreise. Mura bhfuil múinteoirí ag brath ach ar théacsleabhar ranga do léitheoireacht na Gaeilge ní bheidh aitheantas ann d'fhoinsí léitheoireachta eile sa seomra ranga, agus beidh taithí an pháiste teoranta. Cé go bhfuil an leabhar

ina phríomhfhoinse léitheoireachta, má tá an bhéim ar chothú fonn léitheoireachta, is gá smaoineamh ar bhonn níos leithne ar théacsanna léitheoireachta seachas ar "leabhair" amháin.

Téacsanna Spreagúla

Is minic gur chúis gearáin í an easpa téacsanna léitheoireachta spreagúla. I measc na gconstaicí a bhaineann le cur chun cinn léitheoireacht na Gaeilge mar chaitheamh aimsire, tá na deacrachtaí a bhaineann le téacsanna léitheoireachta oiriúnacha a sholáthar (Hickey, 1991; Harris et al., 2006). Baineann an gearán seo leis na seánraí atá ar fáil, leis an gcur i láthair, agus leis na téamaí atá pléite sna téacsanna léitheoireachta.

Mar chuid den léitheoireacht fhorleathan moltar éagsúlacht téacsanna a chur ar fáil (Day agus Bamford, 2002). Ó thaobh seánraí de, molann Hickey (2003) sraitheanna leabhar agus tá a leithéid déanta ag foilsitheoirí éagsúla, ina measc, An Gúm, An tÁisaonad, Futa Fata, Cló Iar-Chonnacht, Leabhar Breac. Tá tábhacht ag baint freisin le leanúnachas sna carachtair. Is iontach an deis anois sraitheanna mar *An Dáréag Dainséarach* agus *An Cúigear Cróga* a bheith ar fáil. Leis an leanúnachas sna carachtair, téann léitheoirí óga i dtaithí orthu. Baineann roinnt scríbhneoirí úsáid as an nós seo, cuir i gcás, na carachtair Evan, Rio agus Síofra i saothar Anna Heussaff. Níl mórán de shraitheanna eile ar fáil cé is moite de shraith drámaí a d'fhoilsigh An Gúm ag deireadh na n-ochtóidí agus an tsraith *An Sionnach Glic*. De réir de Brún (2007: 6), ba chóir díriú ar úrscéalta gearra chun inspreagadh a chothú. Taispeánann Hickey gur mór an chabhair í an léitheoireacht rialta sa Ghaeilge agus d'oirfeadh téacsanna níos giorra dó seo (2001). Molann sí na téacsanna gearra seo: dánta, líricí amhrán, treoracha cluichí, agallaimh, scripteanna dráma, scéalta, agus cartúin (Hickey, 2001). Luann de Brún leabhair neamhfhicsin, greannáin, irisleabhair agus oidis anuas air seo (de Brún, 2007). D'fhéadfaí póstaeir, fógraí agus ábhair dhigiteacha a chur leis seo chomh maith. Tá feabhas tagtha ar an scéal le foilsiú roinnt greannán a aistríodh ó theangacha eile, mar shampla, *Asterix*, *Tintin*, mar aon le greannáin atá cumtha as Gaeilge, mar shampla, *Rírá* agus *Ruaille Buaille*. Tá seánraí níos leithne ar fáil freisin, cuir i gcás, san fhantaisíocht leis an tsraith *Ailfí* ó pheann Órna Ní Choileáin. Tá pictiúrleabhair ghleoite ar ardchaighdeán tagtha ar an margadh le tamall anuas. Nuair is aistriúcháin iad ar leabhair aitheanta freisin, tá níos mó dochúlachta ann go gceannóidh tuismitheoirí agus múinteoirí iad do pháistí.

Ó thaobh téamaí de, taispeánann Ní Chuilleanáin go bhfuil téamaí faoi leith a bhíonn á bplé go traidisiúnta i litríocht Ghaeilge na n-óg (2014: 194-206). Tá fianaise ann gur leagadh béim ar bhéaloideas na hÉireann minic go leor i ndrámaíocht na n-óg, cuir i gcás (Dunne, 2016), nós atá intuigthe nuair a fhéachaimid ar stair litríocht na n-óg agus an sprioc a bhí aici mórtas a chothú sa chultúr dúchásach. Cá bhfágann an treocht seo, áfach, léitheoirí an lae inniu? Léirigh de Brún deich

mbliana ó shin go rabhthas gann ar cineálacha éagsúla téacsanna léitheoireachta (2007: 17). Áitíonn Dunne (2014) le déanaí go bhfuil coimeádachas áirithe i roghnú na dtéamaí agus na gcarachtar agus nach bhfuil an ghné idirchultúrtha le feiceáil i litríocht na n-óg minic go leor. Mar a deir Corapi agus Short, níl an domhan ar leac an dorais a thuilleadh; tá an domhan mór fite fuaite lenár saol laethúil (2015: 4). Mar sin, d'fhéadfaí a áitiú i bhfocail de Brún "nach bhfuil muid ag freastal ach ar chineálacha áirithe léitheoirí" (2007: 17). Deir Ó Murchú go bhfuil an t-ábhar do dhéagóirí "seanfhaiseanta, ró-urramach agus róshábháilte" (2003: 88).

Maidir le hábhair spreagúla, ní mór an leibhéal deacrachta a chur san áireamh sna téacsanna léitheoireachta toisc gur léitheoirí teanga breise iad formhór na bpáistí a léann as Gaeilge, agus go bhfuil buaireamh ann fiú faoi chaighdeán léitheoireachta léitheoirí a bhfuil an Ghaeilge mar mháthairtheanga acu. Is maith iad téacsanna léitheoireachta ina bhfuil teorainn leis an méid téacs chun leitheoirí a ghríosadh. Má tá an foclóir ródheacair caillfidh na léitheoirí spéis san ábhar agus "níl sult ná tairbhe i ndán do na léitheoirí seo má tá an t-úrscéal acu i lámh amháin agus foclóir Uí Dhónaill acu sa lámh eile" (de Brún, 2007: 24).

Baineann an ráta íseal den léitheoireacht mar chaitheamh aimsire go pointe leis na deacrachtaí a bhaineann le hábhair oiriúnacha a aimsiú a oireann do spéiseanna agus do chaighdeán páistí. Cruthaíonn comórtais amhail Scríobh Leabhar[17] deis do pháistí téacsanna léitheoireachta a chruthú as an nua agus scéalta a bhunú ar a saol nó a samhlaíocht féin. Le bogearraí, mar shampla, Opus Pro[18] agus Chekhov, tá féidearthachtaí ann do pháistí agus do mhúinteoirí scéalta digiteacha a chumadh agus fóram a bheith acu cleachtadh a dhéanamh ar an nGaeilge a labhraíonn siad.

Ní mór cúpla focal a rá maidir le teicneolaíocht faisnéise cumarsáide. Tá cúpla dúshlán ag baint le hábhair dhigiteacha. De réir thaighde Gilleece, tá cumas níos ísle léitheoireachta sa mháthairtheanga ag páistí a bhfuil iPhone acu nó má tá teilifís acu ina seomraí leapacha (2015, 31-32). Baineann an taighde ar dhrochthionchar na teilifíse leis an léitheoireacht sa chéad teanga ach ní thiteann an méid céanna amach le teanga bhreise i gcónaí (Hickey, 2001: 80). De réir Romney et al. (1995), taithí atá ann, in dhá mheán, a théann chun tairbhe dóibh siúd a bhreathnaíonn ar an teilifís sa teanga bhreise agus a léann sa teanga sin (i Hickey, 2001). Molann Hickey cláir TG4 a úsáid mar spreagadh don léitheoireacht nó *vice versa*. Tacaíonn an obair sa dá réimse seo lena chéile agus tagann feabhas ar fhoclóir na léitheoirí óga dá bharr. Caithfear smaoineamh go cruthaitheach chun barr a gcumas a bhaint as na háiseanna teicneolaíochta seo gan tionchar diúltach a bheith acu ar an bhforbairt teanga.

---

[17] Tá eolas faoin scéim ar fáil anseo: http://www.forasnagaeilge.ie/scriobh-leabhar-ag-dul-o-neart-go-neart/ .

[18] Baineadh úsáid as na háiseanna seo chun scéalta Shéideán Sí a dhigitiú agus chun an suíomh www.léighleat.com a fhorbairt.

Inspreagadh agus Spéis sa Ghaeilge

Tá níos mó i gceist leis an léitheoireacht sa teanga bhreise ná cumas sa teanga agus ábhair spreagúla a bheith ar fáil. Bíonn an t-inspreagadh, sa teanga agus sa léitheoireacht, ag imirt tionchair ar chúrsaí léitheoireachta (Bernhardt, 2003). Maidir leis an nGaeilge, léiríonn taighde go bhfuil an Ghaeilge ar cheann de na hábhair is lú a thaitníonn le páistí ar scoil (Devine, 2003), go dtuairiscíonn ábhair oidí droch-dhearcadh i measc na bpáistí maidir leis an nGaeilge (Dunne, 2015), agus go síleann múinteoirí go bhfuil meath tagtha ar leibhéal suime na bpáistí sna blianta idir 1985 – 2006 (Harris et al., 2006). Sna sonraí a bhailigh an INTO sa bhliain 1985 níor chuir ach 22% de mhúinteoirí in iúl gur léigh na páistí leabhair Ghaeilge seachas an téacsleabhar, agus dúirt 29% díobh gur léigh siad nó gur inis siad scéalta i nGaeilge dá ndaltaí. Fuair Hickey and Ó Cainín (2003) amach níos deireanaí nár léigh os cionn 80% de pháistí i rang a dó i scoil lán-Bhéarla ar bhonn pléisiúir as Gaeilge (in Hickey, 2005).

Ní hé iomlán an scéil é, áfach, a rá gur dearcadh *diúltach* amháin atá ag páistí óga maidir leis an nGaeilge, ach go mb'fhéidir gur dearcadh défhiúsach atá acu, is é sin le rá nach bhfuil infheistíocht rómhór déanta acu sa teanga agus nach gcuireann cur chun cinn na Gaeilge isteach nó amach orthu. Má fhéachaimid ar theoiricí a bhaineann le disciplíní lasmuigh den oideachas, feicfimid anailís níos doimhne déanta ar an bhfeiniméan seo agus an bhaint atá aige le cúrsaí staire[19]. Más dearcadh diúltach nó défhiúsach atá ann maidir leis an nGaeilge, tá féidearthachtaí ann feasacht a chothú ar na buntáistí a bhaineann le léitheoireacht na Gaeilge. Mar a deir Harris et al. (1996), is gá na buntáistí a bhaineann le léitheoireacht na Gaeilge a chur ar a súile do na páistí agus sinn ag súil leis go léifidh siad chun taitneamh agus pléisiúr a bhaint as an taithí agus chun eolas nua a fháil. Déanann Hickey agus Ó Cainín liosta de roinnt buntáistí a bhaineann le léitheoireacht na Gaeilge:

- Feabhas ar aithint focal agus ar scileanna díchódaithe
- Foclóir níos leithne

[19] Áitíonn neart taighdeoirí go bhfuil tionchar síceolaíoch ag cailleadh na Gaeilge ar an gcaidreamh atá ag daoine leis an teanga fiú sa lá atá inniu ann (O'Toole, 2012). Tá léargas spéisiúil tugtha ag O'Toole go mb'fhéidir go bhfuil dearcadh défhiúsach ag muintir na hÉireann i leith na Gaeilge de bharr na gcúinsí casta a bhain léi. De réir O'Toole, bhí gaol casta ag muintir na hÉireann leis an teanga le fada an lá mar bhain an Ghaeilge le gnéithe tábhachtacha d'fhéiniúlacht chultúrtha, staire agus den neamh-chomhfhios chomhchoitinn, ach gur teanga í a bhain leis an mbochtaineacht agus le cos ar bolg. Faoin naoú haois déag, teanga an díshealbhaithe a bhí ann. Áitíonn O'Toole freisin gur féachadh ar an mBéarla mar bhealach chun bogadh ar aghaidh sa saol, agus tacaíonn an fhianaise atá ann ar imirceoirí leis seo. Féachtar nár phríoireacht d'imirceoirí sna Stáit Aontaithe, mar shampla, an Ghaeilge a chur chun cinn (Doyle 2006; Dolan, 2008). Faoi scáth an dearctha seo tá seans ann gur cur chuige pragmatach atá ann do mhúinteoirí in ionad féachaint ar thábhacht na teanga inti féin.

> *"One possibility is that Irish teachers could be more susceptible towards adopting a purely pragmatic perspective on language rather than seeing the importance of language for its own sake."*

- Scileanna labhartha níos fearr
- Tuiscint sa dara teanga
- Inspreagadh chun sealbhú Gaeilge a thapú

Hickey agus Ó Cainín (2003: 28)

Lasmuigh de na spriocanna litearthachta, tá saibhreas litríochta ann chomh maith. Tugann litríocht na Gaeilge blaiseadh de shaíocht, de shaineolas agus de shaibhreas mhuintir na hÉireann do pháistí (Dunne, 2013). Tá eilimintí liteartha saibhre ann sa Ghaeilge chomh maith nach bhfuil a macasamhail ann i dteangacha eile, mar shampla, féach an pearsantú a dhéantar ar ainmhithe sa Ghaeilge, agus ar chúrsaí draíochta (Dunne, 2015).

Má tá an léitheoireacht le cur ar siúl mar chaitheamh aimsire lasmuigh den scoil, caithfimid tacú le tuismitheoirí. Taispeánadh gur tháinig feabhas ar dhearcadh páistí agus ar an inspreagadh atá acu chun an Ghaeilge a fhoghlaim má thug an tuismitheoir dea-mholadh dóibh maidir le haon ghné dá ndul chun cinn sa Ghaeilge (Hickey, 2001: 78). Ach, feictear nach dtugann tuismitheoirí moladh do dhul chun cinn sa Ghaeilge minic go leor (Harris et al. 2006), rud a thugann teachtaireacht indíreach do na páistí maidir le tábhacht na Gaeilge. Cuireann tuismitheoirí in iúl go bhfuil níos mó deacrachtaí ag a bpáistí maidir le léitheoireacht na Gaeilge (21%) ná léitheoireacht an Bhéarla (8%) (Hickey agus Stenson, 2016). Mar a luadh níos luaithe, ceann de na nithe a chuireann bac ar fhorbairt na léitheoireachta forleithne sa bhaile ná inniúlacht íseal theanga na dtuismitheoirí, agus tá fianaise de seo i gcás na Gaeilge (Harris agus Murtagh, 1999). Léiríonn sé seo gur gá tuismitheoirí a chur ar a gcumas moltaí dearfacha a thabhairt sa Ghaeilge. Cothaíonn an idirghníomhaíocht seo deiseanna don léitheoireacht roinnte freisin. Chomh maith le hábhar a chur ar dlúthdhiosca nó gluais a chur le leabhar mar a rinneadh sa Bhreatain Bheag (Hickey, 2001: 79), tá tábhacht leis an bhfreagairt a bheidh ag an tuismitheoir don léitheoireacht.

Spéis a Chothú sa Léitheoireacht

Ní féidir talamh slán a dhéanamh de riamh gurb ionann borradh i líon na n-ábhar léitheoireachta agus borradh i líon na léitheoirí. Is léir freisin nach leor scileana labhartha agus dearcthaí dearfacha amháin le bheith cumasach ag léamh. Léiríonn taighde Harris et al. (2006) go raibh deacrachtaí léitheoireachta ag páistí i scoileanna lán-Ghaeilge fiú. Sin an tábhacht a bhaineann le clubanna léitheoireachta, tuilte leabhar agus gníomhaíochtaí léitheoireachta; is féidir na cineálacha éagsúla téacsanna roimh na léitheoirí atá ag teacht faoi bhláth ionas go mbeidh siad in ann na téacsanna a fheiceáil agus a láimhseáil, agus go spreagfar iad chun léamh i dtimpeallacht dhearfach.

Tá roinnt samplaí de chlubanna Gaeilge do pháistí san am a chuaigh thart agus bhí rath ar iarrachtaí na gclubanna sin, mar shampla, Club Leabhar na Sóisear[20] agus an *Irish Fireside Club*[21]. Ar ndóigh bhí an-tábhacht leis an litríocht a roghnaíodh don dá chlub maidir lena spriocanna a bhaint amach. Cuireadh tús le club Leabhar na Sóisear sa bhliain 1956 agus an aidhm a bhain leis ná daoine óga a spreagadh le leabhair Ghaeilge a léamh go rialta. Cé go raibh an-bhaint ag scoileanna leis an gclub, bhí béim ar na leabhair a léamh sa bhaile. Ghlac rannpháirtithe an chlub sínitiús agus fuair siad cúig leabhar nuafhoilsithe le linn na bliana. Ar leibhéal idirnáisiúnta, is léir go bhfuil buntáistí ag clubanna léitheoireachta d'fhoilsitheoirí freisin óir cuireann siad margadh seasta ar fáil, agus dá bhrí sin feictear méadú i ndíolachán leabhar a bhaineann leis an gclár don léitheoireacht fhorleathan (Helgesen, 2008). Tharla a leithéid le Club Leabhar na Sóisear (Adams, 2016) agus maidir leis an *Irish Fireside Club*, baineadh úsáid as téacsanna staire agus litríochta, agus bhí béim ar luachanna sóisialta a fhorbairt sna páistí. Sa lá atá inniu ann tá roinnt clubanna leabhar ann do dhaoine fásta, mar shampla, club leabhar Gaelchultúr, agus tá tús curtha le cúpla suíomh idirlín[22] le léitheoirí óga a chur ag blagáil faoi leabhair a léigh siad. Léirítear nach mbíonn mórán leabhar Gaeilge i leabharlanna scoile ná ag páistí sa bhaile agus chabhródh club léitheoireachta le páistí teacht ar níos mó leabhar níos minice.

Cabhraíonn cur chuige an chlub léitheoireachta le múinteoirí spléachadh a fháil ar téacsanna léitheoireachta, agus ina dhiaidh sin, leabhair éifeachtacha a roghnú don leabharlann ranga. Tá sé follasach gur fearr a éiríonn le páistí a bhfuil 26 -100 leabhar acu ná le páistí a bhfuil níos lú ná 10 leabhar acu sa bhaile (Gilleece, 2015). Is gá do mhúinteoirí fios a bheith acu ar na leabhair seo agus buiséad a bheith acu chun na leabhair a cheannach (Hickey, 2001: 75). Is cosúil freisin gur gá do léitheoirí taithí thaitneamhach rialta a bheith acu ar ábhair leathana léitheoireachta. Oireann clubanna léitheoireachta agus gníomhaíochtaí léitheoireachta forleithne dó seo mar go bhfuil na clubanna leathstruchtúrtha agus go bhfuil atmaisféar níos réchúisí iontu. Is mar thaca leis an ngnáthcheacht léitheoireachta é an cur chuige seo chun léitheoireacht neamhspleách a chothú i measc páistí. An spraoi a cheanglaítear le cur chuige níos nuálaí, tá sé ríthábhachtach i bhfianaise an

[20] Tá tuilleadh eolais faoin gclub seo san alt taighde seo a leanas: http://breac.nd.edu/articles/69141-rapairi-agus-reabhloidithe-larnacht-an-fhicsin-staire-i-gclub-leabhar-na-soisear-1956-1966/ .

[21] Féach ar alt Nic Congáil (2009) "Fiction, Amusement, Instruction": The Irish Fireside Club and the Educational Ideology of the Gaelic League", *Éire-Ireland*, 42 (1-2), pp. 91-117.

[22] Tá tuilleadh eolais faoi scéim léitheoireachta agus blagála Phobalscoil Chorca Dhuibhne ar fáil anseo: http://pcd07.ie/nuacht-2/. Is féidir breathnú ar fhóram fíorúil chun leabhair a phlé anseo: http://leabharthaleite.edublogs.org/ .

leadráin a bhaineann le ceachtanna minic go leor sna scéimeanna traidisiúnta léitheoireachta. Níor chothaigh na scéimeanna sin mórán spéise i léitheoireacht neamhspleách (de Brún, 2007).

Mar achoimre ar an méid a pléadh thuas maidir le dearcadh agus le hinspreagadh, feicimid go bhfuil níos mó spéise ag páistí an lae inniu sa léitheoireacht i gcoitinne, ach go bhfuil roinnt dúshlán roimh léitheoireacht na Gaeilge. Is féidir aghaidh a thabhairt ar roinnt de na dúshláin seo trí fheasacht a chothú ar na buntáistí a bhaineann le léitheoireacht na Gaeilge, trí cheangal soiléir a dhéanamh idir an teanga a bhfuil taithí rialta ag páistí uirthi agus ábhar léitheoireachta na bpáistí, trí théacsanna spreagúla a chur ar fáil ina bhfuil seánraí éagsúla agus ábhair ghearra, agus trí dheis a thabhairt do na páistí féin an t-ábhar a dhearadh. Chomh maith leis sin, is gá athmhachnamh a dhéanamh ar cad atá i gceist le "litríocht" na Gaeilge agus na foinsí rialta atá ag páistí orthu, mar shampla, gnáth-thaispeántais sa seomra ranga agus ábhair ar líne. Is féidir é seo a threisiú trí chlubanna leabhar, trí thuilte léitheoireachta agus trí ghníomhaíochtaí eile lasmuigh den cheacht foirmiúil Gaeilge. Is gá tuismitheoirí a chumasú le cabhrú lena bpáistí. Is léir ó na buairtí atá curtha in iúl maidir leis an léitheoireacht thraidisiúnta sna téacsleabhair, mar aon leis an rath atá ar chlubanna leabhar, ar thuile léitheoireachta, agus ón taighde a bhaineann leis an léitheoireacht fharising, gur gá an léitheoireacht a chothú mar chaitheamh aimsire agus í a spreagadh lasmuigh den cheacht foirmiúil Gaeilge.

Sealbhú Teangacha, Traschur Scileanna agus Cur Isteach ar Theanga

Tabharfar forléargas anois ar thoscaí cognaíocha a d'fhéadfaí tionchar dearfach nó diúltach a imirt ar thaithí léitheoireachta páistí óga: saintréithe agus ortagrafaíocht na Gaeilge, chomh maith leis an traschur scileanna is féidir a chothú maidir leis an taithí léitheoireachta, agus an réasúnaíocht a bhaineann leis an délitearthacht (nó an illitearthacht) a fhorbairt. Treoraíonn taighde a bhaineann le sealbhú na léitheoireachta sa chéad teanga an plé seo óir is féidir tógáil ar roinnt de na heiseamláirí ach iad a chur in oiriúint do chomhthéacs na Gaeilge.

Délitearthacht, Saintréithe agus Ortagrafaíocht na Gaeilge

Tá roinnt difríochtaí teangeolaíocha idir an Ghaeilge agus an Béarla. Ord na bhfocal in abairtí agus an chopail, is iad sin na difríochtaí is suntasaí idir an Ghaeilge agus an Béarla – briathar/ainmní/cuspóir, is é sin an t-ord sa Ghaeilge, agus ainmní/briathar/cuspóir, is é sin an t-ord sa Bhéarla, agus sa Ghaeilge bíonn an aidiacht tar éis an ainmfhocail de ghnáth, ach sa Bhéarla, bíonn sí roimhe. Mar aon leis sin, cuireann an chopail "is" dúshláin ar fáil agus is féidir leis an bhfoghlaimeoir an briathar "bí" a úsáid sa chás go bhfuil an chopail "is" ag teastáil (Hickey, 2005). I gcás na copaile agus an bhriathair "bí", is gá don fhoghlaimeoir dhá choincheap a thuiscint; an difríocht idir "is bean í" agus

“tá sí ag siúl”. Níl sa Bhéarla ach an focal “is” (cé go bhfuil dhá choincheap ann fós); “she is a woman” agus “she is walking”. Ach chun casadh beag eile a chur sa scéal, is féidir “bí” + “i” a úsáid chun feidhm na copaile a chlúdach; “tá sí ina bean” (Hickey, 2005). Ó thaobh na foghraíochta de, d’fhormhór na luathléitheoirí is é an Béarla an mháthairtheanga, agus tá sé riachtanach a aithint go mbeidh dúshláin roimh fhoghlaimeoirí a bhfuil scileanna foghraíochta acu cheana féin sa Bhéarla maidir le patrúin nua a fhoghlaim, agus ag an am céanna, seanphatrúin a dhífhoghlaim (Hickey agus Stenson, 2011). Beidh impleachtaí ag scileanna foghraíochta ar an ábhar léitheoireachta.

An gcabhróidh scileanna sa dá theanga le páistí délitearthacht a shealbhú nó an cur isteach ar an teanga a bheidh ann? Léiríonn Hickey agus Stenson go n-úsáideann páistí straitéisí comhfhreagartha fóinéime do ghraiféim agus iad ag léamh teangacha ina bhfuil struchtúir shimplí siollaí ann agus ina bhfuil an ortagrafaíocht trédhearcach, mar shampla, an Ghearmáinis nó an Spáinnis (2011: 28). I gcás an Bhéarla, áfach, tá struchtúir chasta siollaí agus ortagrafaíocht faoi leith ann. Maíonn Lyddy (2005: 36) nach bhfuil an Ghaeilge chomh neamhleanúnach is atá an Béarla ach ní chiallaíonn sé sin go bhfuil an Ghaeilge níos éasca le léamh (Lyddy, 2005 in Hickey agus Stenson 2011). I gcásanna nach bhfuil an teanga trédhearcach (.i. nach bhfuil comhfhreagras rialta idir an fhuaim agus an tsiombail) mar atá sa Ghaeilge, tá géarghá le straitéisí díchódaithe (Hickey agus Stenson 2011: 28). Luann de Brún an chéim in ísle atá tugtha d’fhoghraíocht agus d’fhuaimeanna sa Ghaeilge sa churaclam agus bhí an curaclam seo i bhfeidhm go dtí 2016 (2007: 5). Níl mórán áiseanna ar fáil inar féidir leis an bpáiste ortagrafaíocht an dá theanga, nó níos mó, a phlé, agus comparáid a dhéanamh eatarthu. Chabhródh áiseanna mar seo leo aghaidh a thabhairt ar aon chur isteach a d’fhéadfaí teacht chun cinn agus an litearthacht á forbairt acu sa Ghaeilge.

Molann an curaclam fiú an dá theanga a chur i gcomparáid lena chéile fiú nuair atá an bhéim ar fhorbairt teanga ó bhéal (DES, 1999, 5-6). D’fhéadfaí difríochtaí ortagrafaíochta, foghraíochta agus gramadaí a bheith i gceist. Ach de réir Hickey, síleann múinteoirí go mbaineann múineadh na léitheoireachta leis an gceacht Gaeilge agus ní le forbairt na litearthachta ná le forbairt dhélitearthachta (2009: 2). I dtaighde Dunne (2015), cruthaíonn múinteoirí nua-cháilithe deighilt idir scileanna litearthachta sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Ach an gá na teangacha a choinneáil scartha óna chéile? Mhol ceannródaithe an taighde ar an tumoideachas go mbeadh teorainn righin idir teangacha, mar shampla, Lambert and Tucker (1972), nós ar a dtugann Cummins an “two solitudes assumption” (Cummins et al. 2007). Sa lá atá inniu ann tá go leor taighdeoirí a phléann le prionsabail an tumoideachais a cheistíonn é seo (mar shampla, Cummins 2007; Lyster, Collins and Ballinger, 2009) agus a cheapann gur deighilt shaorga í seo idir theangacha an duine.

Tá roinnt saindeacrachtaí a bhaineann le cur chun cinn léitheoireacht na Gaeilge. Luann Hickey na cúig cinn seo:

- Fadhb léitheoireachta (deacracht le díchódú focal)
- Fadhb teanga (tar éis do na páistí díchódú, ní thuigeann siad)
- Fadhb leabhar (is deacair do pháistí teacht ar leabhair)
- Fadhb inspreagtha (níl mórán spéise ag páistí sna leabhair atá ar fáil)
- Fadhb a bhaineann le heaspa cabhrach ó thuismitheoirí (ba mhaith le tuismitheoirí cabhrú le páistí ach ní bhraitheann siad go bhfuil siad in ann)

Hickey (1991: 123)

Chum Hickey an liosta seo os cionn fiche bliain ó shin. B'fhéidir go bhfuil roinnt de na dúshláin chéanna ann sa lá atá inniu ann, agus b'fhéidir go bhfuil cúpla fadhb eile i gceist freisin. Is fadhb mheiteatheangeolaíoch í nuair nach féidir le páistí comparáid a dhéanamh idir an Ghaeilge agus a máthairtheanga. Más féidir le páistí bunrialacha ortgrafaíochta a thuiscint, ní bheidh an stró céanna orthu focail nua a léamh nó a dhíchódú. I roinnt leabhar do pháistí ina bhfuil teanga eile, tá ortgrafaíocht na Gaeilge ar fáil chun teanga nua a mhúineadh *Ag Taisteal le Tarlach sa tSeapáin* le Laoise Ní Chomhraí, (Seapáinis) agus *Tagann Léo le Chat chun spraoi linn* le Opal Dunn agus Cathy Gale (Fraincis). Ar ndóigh baineann deacrachtaí eile leis na toscaí a luadh níos luaithe: an dearcadh teoranta ar cad is litríocht na n-óg ann; an easpa aitheantais don teagmháil a bhíonn ag páistí leis an nGaeilge ina saol laethúil sna téacsleabhair agus i nGaeilge neamhfhoirmiúil an tseomra ranga; an easpa suime in áiseanna saibhre léitheoireachta ar líne.

Taithí Léitheoireachta: Eiseamláirí ón gCéad Teanga

Déanann de Brún tagairt do roinnt critéir atá de dhíth leis an léitheoireacht a theagasc de réir mar atá leagtha amach ag an *National Center to improve the Tools of Educators*, ina measc:

- Dúil san fhocal scríofa a cothú
- Eolas faoi theanga scríofa a fhorbairt
- An ceangal idir litreacha agus focail a thuiscint
- A thuiscint go bhfuil teanga déanta d'fhocail, shiollaí agus d'fhóinéimí
- Fuaimeanna na litreacha a thuiscint
- An aibítir a fhoghlaim
- Focail nua a fhuaimniú
- Focail scríofa a aithint go furasta
- Patrúin litrithe a bheith ar eolas
- Téacsanna a léamh go rialta agus go machnamhach

de Brún (2007: 2)

Is straitéisí díchódaithe atá á gcothú ag múinteoirí i roinnt de na tréithe seo ach déantar tagairt don spéis agus don taithí léitheoireachta sa chéad cheann agus sa cheann deireanach: Dúil san fhocal scríofa a cothú; Téacsanna a léamh go rialta agus go machnamhach. Tá go leor smaointe

agus eiseamláirí ann do léitheoireacht an Bhéarla agus d'fhéadfaí go leor díobh a chur in oiriúint do léitheoireacht na Gaeilge. Is féidir tógáil ar an taithí atá ag léitheoirí óga sa Bhéarla agus clubanna taitneamhacha a chothú sa Ghaeilge, le haird faoi leith ar thréithe uathúla na Gaeilge.

1. Roghnú Leabhair Oiriúnacha: Guth na bPáistí

Chun leabhair oiriúnacha a roghnú, is gá rogha na bpáistí a chur san áireamh ach níl mórán sonraí impiriciúla mar seo ar fáil. Bhain taighde Haslett (2002) le leabhair Bhéarla ach tugann an taighde s'aici treoir áirithe dúinn faoi bhealaí chun roghanna sa Ghaeilge a thomhas chomh maith. Ar an gcéad dul síos, rud suntasach faoin taighde ná go raibh guth páistí le fáil ann seachas tuairimí ó mhúinteoirí nó ó dhaoine fásta eile maidir leis an méid ba chóir do pháistí léamh. Tugann an taighde samplaí dúinn de threochtaí léitheoireachta an aosa óig, mar shampla, go mbaineann cailíní sa bhunscoil níos mó taitnimh as an léitheoireacht ná buachaillí, go dtagann meath ar an spéis i gcúrsaí léitheoireachta de réir mar a théann páistí in aois. Taispeánann an taighde freisin go bhfuil spéis ag páistí in irisleabhair ach nach bhfuil an oiread sin spéise acu i ngreannáin. É sin ráite, an cineál leabhair is fearr leo ná leabhar atá "greannmhar" nó ina bhfuil eachtraíocht, mistéir agus uafás. Dar le páistí nach bhfuil mórán tionchair ag moltaí daoine fásta nó an mhúinteora ar an leabhar a roghnaíonn siad. Cé go bhfuil tairbhe ag baint le múnla Haslett (2002), ní leor sonraí a bhailiú aon uair amháin ar roghanna léitheoireachta toisc go n-athraíonn na sonraí sin chomh tapa sin gur gá iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar roinnt roghanna. Mar shampla, an é nár thaitin seánra faoi leith le páistí toisc nach raibh sé léite acu go fóill? Nó b'fhéidir nach raibh ach líon teoranta téacsanna sa seánra sin léite ag na páistí. Is gá a chinntiú gur féidir le páistí cinneadh eolach a dhéanamh trí rochtain a bheith acu ar réimse seánraí agus ábhar. Dhealródh sé sin gurb í an chéad chéim ná teagmháil a bheith ag páistí le réimse leathan seánraí tríd an léitheoireacht fhorleathan. Ansin is féidir aischothú a fháil uathu maidir leis na seánraí a thaitin leo, a raibh taithí acu orthu go dtí seo, agus ar mhaith leo a léamh níos minice. Trí idirghabháil den sórt seo is féidir dúshlán a thabhairt do roinnt de réamhthuairimí na bpáistí agus iad a chur ag smaoineamh ar réimse leathan seánraí freisin.

2. Roghnú Leabhair Oiriúnacha: Criticeoirí

Tá gá le tarraingt freisin ar fhoinsí a bhaineann le critíc ar litríocht na n-óg chun ábhair chuí a roghnú. Is féidir dul i gcomhairle léirmheasanna ar litríocht na n-óg freisin, go háirithe, ábhar san irisleabhar Inis[23], príomhfhoilseachán Leabhair Pháistí Éireann a phléann le litríocht na n-óg in Éirinn, nó sna

[23] Tá tuilleadh eolais faoin irisleabhar Inis ar fáil ar an nasc seo: http://childrensbooksireland.ie/inis/ .

treoirlínte Rogha Leabhar,[24] nó breathnú ar an ngearrliosta don ghradam Réics Carlo[25] (an phríomhdhuais do litríocht Ghaeilge na n-óg), nó ar shuíomh an National Collection of Children's Books[26], le breathnú ar choimrithe ar shaothair faoi leith sa chanóin. Is cabhair iad na háiseanna eile ina bhfuil ábhair nua luaite freisin, i gcatalóga COGG, mar shampla, agus sa chomhthéacs seo tá leathanaigh litríochta facebook[27] le moladh, toisc go bhfuil siad ag díriú ar fhoilseacháin nua agus go bhfeicfidh líon ard daoine iad. Ar ndóigh ta suíomhanna idirlín ag na comhlachtaí foilsitheoireachta iad féin ach tá luach ag baint le háit lárnach ina bhfuil réimse an-leathan leabhar luaite.

3. Léitheoireacht Rialta

Tá tábhacht ag baint le léitheoireacht rialta sa chéad teanga agus i dteanga bhreise. Tríd an tuile léitheoireachta nó an léitheoireacht fhorleathan, bíonn deis ag páistí leabhair a léamh go rialta. Ansin le linn an chlub léitheoireachta, má thugtar gníomhaíochtaí léitheoireachta dóibh bunaithe ar an sliocht céanna spreagfar iad chun an sliocht a léamh arís is arís eile.

4. Léitheoireacht Roinnte

Tá tábhacht freisin ag baint leis an léitheoireacht roinnte, is é sin, nuair a bhíonn beirt ag léamh lena chéile. D'fhéadfaí gur tuismitheoir nó páiste eile a bheadh ag léamh leis an duine óg. Chun an léitheoireacht roinnte a chothú, is féidir roinnt scéalta ar líne a úsáid, go háirithe, scéalta a bhfuil áis fuaimíochta leo. In amanna beidh gluais de dhíth ar na tuismitheoirí/ páistí níos sine ní hamháin chun an scéal a thuiscint ach chun cabhrú leis na léitheoirí.

5. Clinicí Leabhar

Thosaigh Leabhair Pháistí Éireann tionscnamh spreagúil inar féidir le páistí freastal ar "Dhochtúir Leabhar" agus oideas léitheoireachta a fháil, nó moladh a fháil leabhar de chineál éigin a léamh sa bhaile[28]. Bíonn na clinicí seo ar siúl ag féilte poiblí, mar shampla, *Oxygen* agus *Bloom* agus tá píosa spraoi ag baint leo toisc go gcaitheann na dochtúirí cóta bán. Éistear le mianta agus roghanna

[24] Tá tuilleadh eolais faoi Rogha Leabhar agus faoin bhfeachtas léitheoireachta ar fáil anseo: http://childrensbooksireland.ie/reading-campaign/ .
[25] Tá tuilleadh eolais faoi dhuaiseanna bliantúla do litríocht na n-óg ar fáil anseo: http://childrensbooksireland.ie/cbi-book-of-the-year-awards/.
[26] Tá tuilleadh eolais faoin gcnuasach náisiúnta leabhar do pháistí ar fáil anseo: https://nccb.tcd.ie/.
[27] Tá tuilleadh eolais faoin suíomh Love Leabhair Gaeilge ar fáil anseo: http://loveleabhargaeilge.com/leabhairbooks/.
[28] Tá tuilleadh eolais maidir leis na clinicí leabhar ar fáil anseo: http://childrensbooksireland.ie/book-clinics/ .

léitheoireachta na bpáistí agus ansin molann an dochtúir leabhar eile dóibh. Bheadh an múnla seo an-úsáideach chun spéis i léitheoireacht na Gaeilge a mholadh chomh maith. Tugtar amach freisin "pas léitheoireachta" agus in ionad stampaí tíortha éagsúla a fháil, scríobhann an páiste isteach gach leabhar atá léite aige nó aici.

Mar achoimre ar an gcuid seo maidir le sealbhú teangacha, traschur scileanna, agus cur isteach ar theanga, is gá a aithint go bhfuil saintréithe ortagrafaíochta ag an nGaeilge agus gur gá páistí a chumasú chun comparáid a dhéanamh idir ortagrafaíocht na chéad teanga agus na teanga breise. Tá leabhair Ghaeilge ina bhfuil ortagrafaíocht na Gaeilge mínithe go háisiúil do léitheoirí ach bheadh saibhreas ag baint leis an gcumas délitearthachta a chur chun cinn go foirmiúil níos mó (Hickey agus Stenson, 2016). Ar an drochuair go dtí seo, níl mórán úsáide bainte astu. Tá go leor smaointe agus eiseamláirí ann do mhúineadh an Bhéarla gur féidir a chur in oiriúint do léitheoireacht na Gaeilge, go háirithe maidir le cur leis an taithí agus leis an bpléisiúr a bhaineann le léitheoireacht na Gaeilge. Toisc go bhfuil an gcuraclam nua teanga (2016)[29] comhtháite tá deis ann tús áite a thabhairt do thraschur na scileanna agus chun délitearthacht nó illitearthacht a fhorbairt i measc páistí. Beidh le feiceáil an gcabhróidh an cur chuige seo le feasacht níos mó a chothú ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an dá theanga.

Tionscal Litríocht Ghaeilge na n-Óg

Aithníodh le fada an lá go bhfuil gá le hábhar léitheoireachta lasmuigh den leabhar scoile a bheith ag an léitheoir óg (mar shampla, Ó Beoláin sa Lóchrann, Márta 1917). Cuireann an ghluaiseacht liteartha leis an gcruthú de ghlúin nua cainteoirí, scríbhneoirí agus léitheoirí. Is réimse bisiúil í léann litríocht Ghaeilge na n-óg agus tugann an fhéachaint ar ghnéithe den léann seo comhairle mhaith dúinn chun léitheoirí óga a chothú, go háirithe na hiarrachtaí a rinneadh sna meáin an céad seo caite chun ábhair neamhfhoirmiúla a chur ar fáil. Tugann iniúchadh ar fhorbairt an léinn chun solais na tacaíochtaí atá de dhíth ó scríbhneoirí don aos óg freisin. Sa deireadh is fiú breathnú ar thionscal litríocht na n-óg sa lá atá inniu ann. Féachfar ar ghnéithe tábhachtacha den tionscal, agus na cúiseanna atá taobh thiar den bhorradh sa léann. Féachfar freisin ar roinnt deacrachtaí maidir le catalógú leabhar, agus na nithe is gá a thabhairt faoi deara chun leabhar ardchaighdeán a chur ar fáil, mar shampla, an teanga, agus ceist an aistriúcháin.

[29] Tá tuilleadh eolais maidir leis an gcuraclam nua teanga ar fáil anseo: http://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Language-New-Junior-infants-2nd-class/Language-Home/Introduction/(i)-About-the-new-Primary-Language-Curriculum?lang=ga-IE.

Téacsanna Léitheoireachta Neamhfhoirmiúla

I gcomhthéacsanna eile ina bhfuil mionteanga á cur chun cinn, tá ról lárnach ag muintir na háite i gcruthú na dtéacsanna don ghlúin óg, agus tá ról níos gníomhaí ag muintir na háite an teanga a mhúineadh (Dunne 2015). Ag tús Athbheochan na Gaeilge, bhí múinteoirí Gaeilge ag cur an-chuid téacsanna léitheoireachta ar fáil (Ní Chuilleanáin, 2014). Cé is moite d'iarrachtaí áirithe, amhail na rainn agus na leabhair mhóra a chuir Treasa Ní Ailpín ar fáil don lucht naíonra sna nóchaidí (Hickey, 1991), agus áiseanna a chuir pobail Ghaeltachta amach, mar shampla, Gaeil Uladh, níl a mhacasamhail ann i gcás na Gaeilge sna bunscoileanna a thuilleadh. Tá go leor cúiseanna a bhaineann leis an meath atá tagtha air sin sa lá atá inniu ann, ina measc, an bhraistint nach gníomhaire teanga í an múinteoir nó cumas Gaeilge múinteoirí sa lá atá inniu ann (Dunne, 2015). Casadh beag eile sa scéal ná go bhfuil riachtanais éagsúla ag pobail éagsúla - Scoileanna Gaeltachta, Gaelscoileanna agus gnáthscoileanna Béarla - ó thaobh na teanga de. Níorbh fhéidir le muintir na háite sa Ghalltacht freastal ar riachtanais gnáthscoil Bhéarla toisc nach mbeadh cumas cuí sa Ghaeilge acu, agus seans go mbeadh Gaeilge cainteoir dúchais ródheacair don chomhthéacs sin. Agus seans nach mbeadh cainteoir dúchais in ann feastal go hiomlán ar riachtanais daltaí Gaelscoileanna de bharr leibhéil éagsúla cumais.

Ní nach ionadh, mar sin, go bhfuil daoine ag brath ar an bhfoireann scoile agus ar an leabhar scoile agus go gcuireann sé sin leis an mbraistint, go háirithe i scoileanna lán-Bhéarla, go bhfuil smacht ag an scoil ar chúrsaí léitheoireachta. Tá comhlachtaí foilsitheoireachta ag cur amach roinnt téacsanna léitheoireachta i gcanúintí faoi leith le freastal go sonrach ar an bpobal labhartha sin, mar shampla, díríonn Futa Fata ar chanúint Chonamara, agus díríonn an tÁisaonad ar chanúint Uladh. Tá fiúntas ag baint leis an gcur chuige a bhí ag téacsanna léitheoireachta neamhfhoirmiúla amhail na cinn a bhí sna nuachtáin agus sna hirisí fadó. Bhí meascán de chuir chuige iontu maidir le hábhar léitheoireachta Gaeilge a chur ar fáil do pháistí. I gcás roinnt nuachtán dhírigh siad colún ar pháistí, mar a rinne an *Irish Fireside Club*, nó i gcás foilsitheoirí eile dhírigh siad nuachtán iomlán ar pháistí, mar a rinne in *An Lóchrann*, nó cuireadh greannán ar fáil do na pháistí, mar shampla *An Gael Óg* nó *Éire*. Ar ndóigh bhí comhthéacs stairiúil ann; bhí gluaiseacht na Gaeilge agus gluaiseacht na saoirse fite fuaite lena chéile agus tá fianaise den inspreagadh seo i roghnú na n-ábhar. Cé go raibh an fhéiniúlacht náisiúnach chun tosaigh sna hirisí, rud nach mbeadh chomh láidir céanna sa lá atá inniu ann, tugann an leagan amach agus an cur chuige ábhar machnaimh dúinn. Sna hiarrachtaí sin, rinneadh iarracht spéis a chothú sa scríbhneoireacht agus sa léitheoireacht trí chomórtais a chur ar siúl agus trí dhuaiseanna a bhronnadh ar aistí ardchaighdeáin (Ó Beoláin, 1971: 6). Sa chaoi seo bhí idirghníomhú ann idir na léitheoirí agus na scríbhneoirí agus bhí na léitheoirí óga ag cur leis. Sa lá atá inniu ann, tá *Seachtain Óg* agus *Ar Fheabhas* san Irish Independent agus foilsíonn Comhar an iris

Comhar Óg. Díríonn *Seachtain Óg* ar léitheoirí óga agus scríobhann daoine óga scéalta, ailt, agus dánta le haghaidh *Comhar Óg*. Ach is gá irisí eile den saghas seo a chothú ionas gur féidir le páistí páirt níos gníomhaí a bheith acu i léitheoireacht neamhfhoirmiúil.

Luadh níos luaithe an bhéim atá curtha ar ábhair ghearra a chur ar fáil don óige mar go bhfuil siad éasca le léamh agus gur féidir le léitheoirí blaiseadh beag a fháil agus spéis a mhúscailt sa léitheoireacht. Bhí cur chuige ilghnéitheach i nuachtáin, in irisí, in irisleabhair, maidir leis na téacsanna léitheoireachta agus feicimid samplaí de bhéaloideas, threoracha, dhánta, aistí, agus amhráin, oidis, scéalta agus líricí. Tá fás ar na meáin chumarsáide ó thosaigh gluaiseacht na Gaeilge agus anois tá an raidió, an teilifís, agus an t-idirlíon ann in éineacht leis an meán clóite. Déantar dearmad uaireanta ar an tábhacht a bhaineann leis na meáin chumarsáide maidir le litríocht Ghaeilge na n-óg a sholáthar. B'fhóram do scríbhneoirí a bhí sna meáin seo freisin agus na scríbhneoirí ag tosú amach. Tá buntáiste ag baint le hábhair ghearra, ní hamháin do léitheoirí óga, ach do scríbhneoirí nua chomh maith. I bhfoilseacháin mar *An Lóchrann* tugadh deis do scríbhneoirí amhail An Seabhac (1910) blaiseadh a thabhairt ar scéalta a thiocfadh amach uathu ina dhiaidh sin. Oireann leagan amach nuachtáin nó irisleabhair go mór d'ábhair ghearra. Tá saibhreas litríochta i ngearrscéalta agus i ndánta gearra agus tá scil faoi leith maidir leis an ábhar ar fad a chruinniú laistigh de líon teoranta leathanach, ach ní bheidh an eagla chéanna i gcónaí ag baint le hábhar gearr mar seo a chur ar fáil agus níl an infheistíocht chéanna ama ann mar atá le leabhar iomlán a fhoilsiú. Tá tionscadail eile amhail an splancfhicsean[30] le moladh ar an gcaoi seo. Chabhródh tionscadail mar seo leis an bhforbairt ar théacsanna léitheoireachta.

Borradh agus Baic ar Litríocht na nÓg

In alt a scríobhadh in 2003 dúradh gur cheannaigh léitheoirí thart ar 300 cóip de gach leabhar Gaeilge nuair a foilsíodh é (Ní Mhianáin, 2003; 16). Ón am sin, tá feabhas ann maidir le rogha na seánraí; tá sé i bhfad níos leithne (de Brún, 2007). Tá an feabhas seo ann freisin mar gheall ar fhás agus fhorbairt na gcomhlachtaí foilsitheoireachta a chuireann scéalta ar fáil do léitheoirí óga agus a aistríonn scéalta ó theangacha eile go Gaeilge le cur leis an réimse téacsanna sa Ghaeilge. Agus a bhuí le hobair na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta i bPoblacht na hÉireann agus obair an Áisaonaid i dTuaisceart Éireann, tá soláthar agus maoiniú áiseanna agus soláthar eolais faoi áiseanna i bhfad níos fearr (Hickey agus Stenson, 2016), mar aon leis an mborradh i litríocht na n-óg mar réimse scoláireachta. Ach tá litríocht Ghaeilge ná n-óg srianta fós in amanna. Luann Ní Chléirigh (2013) an easpa ábhair léitheoireachta atá ar fáil do pháistí idir 8 agus 11 bhliain, easnamh

[30] Tá tuilleadh eolais faoin seánra splancfhicsean ar fáil anseo: http://irishwriterscentre.ie/products/morleamh-splancfhicsean.

ar a dtugann sí “An Triántán Beirmiúdach”. Tráchtann Heussaff (2011) ar roinnt de na deacrachtaí a bhaineann le poiblíocht a dhéanamh ar leabhair Ghaeilge nuair atá siad ann. Chomh maith leis sin, tá litríocht Ghaeilge na n-óg srianta ag spriocanna oideachais toisc nach bhfuil léitheoirí neamhspleách go leor chun léamh mar chaitheamh aimsire. Is laistigh den seomra ranga a bhíonn an teagmháil is rialta ag páistí le litríocht Ghaeilge na n-óg. Níl léitheoirí óga an Bhéarla, áfach, ag brath sa chaoi chéanna ar an seomra ranga don teagmháil le téacsanna léitheoireachta i mBéarla, ach ó thaobh na Gaeilge de, de réir Cholmáin Uí Raghallaigh, tá “greim mharfach” atá ag comhlachtaí leabhar ar churaclam Gaeilge na mbunscoileanna Béarla, rud a chiallaíonn nach bhfeiceann na páistí sin fíorleabhar Gaeilge sula bhfágann siad an bhunscoil (De Brún, 2007: 10). In amanna freisin, bíonn brú ar fhoilsitheoirí seánraí faoi leith a fhoilsiú toisc go gcuirtear maoiniú ar fáil dó seo amháin (Dunne, 2017).

Cé go bhfuil iarrachtaí déanta catalógú cuimsitheach a dhéanamh ar litríocht na n-óg, níl cur chuige comhordaithe ar fáil, agus fágann sin go bhfuil foinsí léitheoireachta fágtha ar lár sa phlé acadúil ar chanóin litríocht Ghaeilge na n-óg, agus sa phlé ar mhúineadh na léitheoireachta chomh maith. Sa chnuasach is cuimsithí de litríocht na n-óg *National Collection of Children’s Books* (NCCB), tá béim ar úrscéalta, phictiúrleabhair agus ar shaothar eile. Tharraing an bailiúchán ar fhoinsí ar nós Choláiste Phádraig, Choláiste Oideachais Eaglais na hÉireann, agus dá bharr sin, bhí béim freisin ar ábhair scoile agus ar ábhair spioradálta. Tá feidhm theagascach ag na cineálacha seo téacsanna. I gcomparáid leis seo, tá foilseacháin eile ann, amhail *Inis*, Príomhiris Leabhair Pháistí Éireann, agus leagann siad béim ar shaothair ficsin agus neamhfhicsin, ar an scoláireacht ar litríocht na n-óg, ábhar a cheanglaítear leis an gcoincheap de “fíorleabhair”, ábhair atá níos substaintiúla. Ach an cur chuige seo sna hirisí, seachnaíonn sé ábhar i bprionta a bhíonn mórthimpeall ar léitheoirí óg, na téacsanna a mbíonn léitheoirí óga ag déileáil leo go rialta, mar atá, téacsleabhair. Deacracht eile atá ann ná nach bhfuil catalógú cuimsitheach ar ábhair dhigiteacha mar chuid de na foinsí seo, cé go bhfuil trácht áirithe ar na foinsí seo sa phlé scolártha (Ní Chuilleanáin, 2014). Is amhlaidh nach bhfuil mórán aitheantais tugtha do ríomhscéalta sa chanóin i gcoitinne. Is dearcadh gearrbhreathnaitheach é seo ar a bhfuil i gceist le litríocht Ghaeilge na n-óg, go háirithe agus dúchasaigh dhigiteacha i measc na léitheoirí. Tuigimid go bhfuil tosaíochtaí éagsúla ag irisleabhair agus suíomhanna idirlín faoi leith ach ní hionann, mar sin, an catalógú ar litríocht Ghaeilge na n-óg agus liosta iomlán d’fhoinsí léitheoireachta don óige, agus tá deiseanna ann nach bhfuil tapaithe go fóill dá mbeadh an dá ghné thábhachtacha den taithí léitheoireachta ceangailte lena chéile níos mó. Bheadh catalógú cruinn beacht iomlán ina chabhair do mhúinteoirí, do thuismitheoirí, agus fiú do pháistí, toisc go mbeadh eolas acu ar na leabhair atá ar fáil, ar chruth, chaighdeán, leibhéal teanga na leabhar sin; bheadh

siad in ann roghú eolach a dhéanamh ar leabhar agus iad á cheannach mar théacsleabhar nó mar leabhar le léamh sa bhaile.

Aoisghrúpa, Teanga agus Téamaí na Leabhar

Díreofar anseo ar chúpla tréith de litríocht Ghaeilge na n-óg: aoisghrúpa an téacs, leibhéal teanga, agus ceist an aistriúcháin. Is léitheoirí teanga bhreise iad formhór na léitheoirí, agus dá bharr sin, ní mór aird a thabhairt ar na tréithe seo agus ceangal soiléir a bheith idir an caighdeán teanga (níos ísle ná a mhacasamhail sna leabhair Bhéarla) agus ábhar an téacs. Tá straitéisí éagsúla in úsáid ag scríbhneoirí agus foilsitheoirí, mar shampla, gluais a chur ag an deireadh, ar an leathanach nó ar leabharmharc chun téarmaí casta a mhíniú i dteanga níos simplí. Molann de Brún gan an aoisghrúpa a lua ar an leabhar nuair nach mbíonn caighdeán an téacs ag teacht le stíl nó le cuma an leabhair maidir leis an aoisghrúpa (2007, 14). Dá mbeadh aois níos óige luaite ar leabhar, tá seans ann dá mbeadh páiste dímhaoin go léifeadh an páiste sin leabhar ró-pháistiúil. Is gá do thuismitheoirí agus do cheannaitheoirí leabhar stíl, caighdéain, cuma, agus teanga an leabhair a chur san áireamh agus iad ag roghnú leabhair; cruthaíonn sin a lán deacrachtaí dóibh mura bhfuil siad eolach ar na hábhair sin. Ach tá suíomhanna idirlín ann a bheadh cabhrach do thuismitheoirí; is áis luachmhar iad na suíomhanna seo ar a bhfuil léirmheasanna ar leabhair do pháistí. Dá mbeadh eolas ag tuismitheoirí ar na suíomhanna seo d'fhéadfadh ról níos mó a bheith ag na suíomhanna i roghnú leabhar do pháistí óga.

Bíonn leibhéal deacrachta an leabhair Gaeilge, in amanna, níos casta ná an leagan Béarla (Hickey, 2005). Chun Gaeilge shimplí inléite a chur ar fáil do léitheoirí óga, déanann Seosamh Ó Murchú, eagarthóir sinsearach an Ghúim, roinnt moltaí ciallmhara, mar shampla, ainmfhocal agus cáilitheoir a úsáid seachas an cáilitheoir agus an t-ainmfhocal (mar shampla "clár ama" seachas "amchlár") (Hickey, 2005: 410). É sin ráite, beidh taithí ag léitheoirí óga ar a mhalairt i bhfógraí na scoile "carrchlós" agus "an ghrianchóras". D'fhéadfaí fleiscín a úsáid chun an dá fhocal a scaradh óna chéile. Molann Máirtín Ó Murchú an nós seo san fhilíocht agus sa litríocht (1977 in Hickey 2005: 410). Dar le taighdeoirí na tuarascála s'againne go bhféadfaimis cur leis an liosta seo maidir le Gaeilge shimplí shoiléite a chur ar fáil agus an tuiseal tabharthach a úsáid in ionad an tuisil ghinidigh (timpeall ar an teach v. timpeall an tí), an aimsir chaite a úsáid in ionad na haimsire gnáthchaite (chuaigh sé v. théadh sé). Molann an tOllamh Dónall Ó Baoill rud a dtugann sé "An Caighdeán Leathan agus an Caighdeán Cúng" air agus é ag maíomh go bhfuil ócáidí airithe ann do chanúint an scríbhneora agus áiteanna eile a bhfuil gá le leanúnachas. Deir de Brún go bhfuil áit lárnach ag an leanúnachas seachas ag an gcanúnachas i bhfoilseachán do pháistí ionas go bhfeicfidh páistí an litriú céanna i gcónaí (2007: 9). Cabhraíonn na straitéisí seo chun an t-ábhar a leasú agus a dhéanamh

chomh soiléir agus soiléite agus is féidir le páistí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu, ach bíonn siad ina gcabhair do gach léitheoir. Is é sin bunphrionsabal na teoirice darbh ainm Dearadh Uilíoch nó "Universal Design" mar is fearr aithne air sa Bhéarla[31]. Leis an Dearadh Uilíoch, is féidir úsáid a bhaint as modh a spriocdhíríonn ar riachtanais faoi leith, mar shampla, cló níos mó ar pháipéar buí a úsáid do pháistí le disléicse, ach tá fianaise ann go gcabhraíonn an modh idirdhealaithe seo le gach duine. Tá roinnt straitéisí in úsáid ag Barrington Stoke chun tacú le léitheoirí, cuir i gcás, úsáid cló atá soiléir agus soiléiriú ar an bhfoclaíocht. Tá na nósanna foilsitheoireachta Barrington Stone ina gcabhair do léitheoirí drogallacha agus d'aon léitheoirí a léann na leabhair. I réimse na Gaeilge, d'aistrigh Futa Fata roinnt leabhar ó Barrington Stoke go Gaeilge.

Luadh cheana féin an tábhacht a bhaineann le réimse téacsanna a bheith ar fáil don léitheoireacht fhorleathan. Síleann de Brún (2007) nach n-éiríonn le téacsanna atá ag iarraidh teachtaireacht áirithe a chur ina luí ar léitheoirí ar dhóigh mhorálta. Baineann seachadadh luachanna le tionscal litríocht na n-óg i gcoitinne, agus in amanna, síltear go bhfuil litríocht na Gaeilge níos liobrálaí agus go nglacfar le téamaí nach mbeadh sásúil i Meiriceá, mar shampla (de Brún, 2007: 13). Fiosraíonn Coilféir an scéal ar bhealach níos grinne, áfach, agus dar leis go mbíonn scríbhneoirí ag teacht i dtír ar scéalta don aos óg ar mhaithe le luachanna na scríbhneoirí féin a mhóradh.

> Cá bhfuil an scríbhneoir, bíodh sé ag cumadh don seanduine nó don spágadán, nach bhfeiceann le cluain a chur ar an léitheoir ar bhealach éigin?
>
> Coilféir (2015: 7)

Tá an litríocht ina fuinneog agus ina scáthán (Saumande 2013: 72) agus is féidir le scéalta díriú ar an saol atá ag páistí nó ar an saol atá thart timpeall orthu. Is féidir le litríocht na n-óg réimse leathan de dhearcthaí a léiriú sa chanóin, carachtair ó chúlraí éagsúla, ó thaithí éagsúil agus ó chultúir éagsúla a roghnú agus a scéal á insint. Dar le Coilféir nach bhfuil "aon éalú ó chruinnesamhail chlaonta an scríbhneora" (Coilféir, 2015: 7) ach i gcás an tseánra ficsin, seánra an-choitianta i litríocht Ghaeilge na n-óg agus an seánra is mó a bhfuil fáil ag páistí bunscoile air ar scoil (Gilleece et al., 2011), tugann sé deis don scríbhneoir scéal a insint ó pheirspictíochtaí éagsúla.

Ceist an Aistriúcháin

Gné eile de thionscal litríocht Ghaeilge na n-óg ná ceist an aistriúcháin. I measc na mbuntáistí a bhaineann leis an aistriúchán, luann de Brún go bhfuil (sé):

- Níos fusa ag an bhfoilsitheoir
- Suim ag páistí iontu

[31] Tá tuilleadh eolais faoin Dearadh Uilíoch ar fáil anseo: http://universaldesign.ie/.

- Ardchaighdeán i gceist maidir le pictiúir nó le stíl an leabhair
- Éasca é a chur in oiriúint
- Cultúr agus taithí eile ar an saol a chur roimh shúile páistí tríd an aistriúchán

de Brún (2007: 18)

Tá conspóid ag baint le cúrsaí aistriúchain, conspóid a bhaineann leis an tuairim gur ábhar atá báite ag comhréir an Bhéarla, rud a pléadh go minic le linn fhorbairt litríocht na Gaeilge sa Saorstát (Nic Eoin, 2005: 331-335). I dtaighde de Brún (2007) luadh go raibh droch-chlú ar roinnt aistriúchán do pháistí, go háirithe téacsleabhair, agus tá an méid seo a leanas le rá aici:

> Tá droch-chlú ar aistriúcháin do pháistí sa tír agus is fadhb í a bhaineann leis na haistritheoirí féin ach san am céanna níl múinteoirí na tíre seo ag moladh gur chóir dúinn éirí as an aistriúchán ar fad ach eolas a léiriú sna haistriúcháin ar na spriocléitheoirí agus téacsanna a aistriú ar dhóigh níos tuisceanaí agus níos cliste. (de Brún, 2007: 32)

Léirigh a taighde go bhfuil a lán múinteoirí (67%) i bhfabhar pictiúrleabhair a aistriú ó Bhéarla go Gaeilge, ach ní léiríonn siad an tuairim chéanna maidir le húrscéalta má tá tréimhse fhada ama i gceist leis an leabhar a aistriú go Gaeilge agus ma tá an leabhar léite ag páistí i mBéarla cheana féin (de Brún, 2007). Tá gach seans go bhfuil feabhas tagtha ar an scéal ó shin óir bíonn níos mó comhlachtaí foilsitheoireachta ag plé leis an aistriúchán anois do pháistí óga, agus is minic foilsitheoirí Gaeilge ag freastal ar Aonach Leabhar Bologna chun cearta leabhar a cheannach nó a dhíol. Níl an chonspóid chéanna ag baint le ceist an aistriúcháin i dTuaisceart Éireann toisc an ról atá ag múinteoirí sa phróiseas eagarthóireachta agus an t-aischothú a thugann siad maidir le hinúsáideacht na leabhar féin. Bhí ról an-ghníomhach ag múinteoirí bunscoile i gcúrsaí aistriúcháin nuair a bunaíodh an Stáit (Ní Chuilleanáin, 2014) agus b'fhéidir go bhfuil gá le meitheal foilsitheoireachta ina bhfuil ionadaíocht de mhúinteoirí, scríbhneoirí, agus léitheoirí, le cinntiú go n-oireann an t-ábhar don lucht léite.

Leagann de Brún amach na constaicí áfach a bhaineann le modh an aistriúcháin, constaicí atá curtha in iúl ag dreamanna éagsúla a bhíonn ag plé le litríocht na n-óg:

> Tá dearcadh láidir ag scríbhneoirí Séideán Sí (clár atá spriocdhírithe ar fhoghlaimeoirí a chóras gaelscolaíochta) nár chóir aistriúcháin a thabhairt do pháistí nó go gcothaíonn siad fadhbanna don luathléitheoir. Deir COGG (an bord atá freagrach as cur chun cinn an oideachais Ghaeltachta agus Ghaelscolaíochta) go gcothaíonn téacsleabhair aistrithe, go háirithe, fadhbanna do mhúinteoirí agus do pháistí agus luann múinteoirí go bhfuil caighdeán na Gaeilge ró-ard sna leabhair atá againn faoi láthair.

de Brún (2007: 31)

Mar achoimre ar an méid seo, feicimid go bhfuil traidisiún luachmhar ann de chur chun cinn litríocht na n-óg agus léitheoireacht an aosa óig tríd an léitheoireacht neamhfhoirmiúil, go háirithe sna meáin, agus tá tairbhe ag baint le roinnt de na hiarrachtaí sin, is é sin, ábhair ghearra rialta a chur amach, a dhéanamh arís, go háirithe nuair a oireann an fad don luathléitheoir agus an raidhse seánraí is féidir a chur ar fáil. Chun plé níos cuimsithí a dhéanamh ar léitheoireacht na Gaeilge, is fearr féachaint ní hamháin ar thaighde sa chóras oideachais, ach ar léann litríocht na n-óg chun litríocht chuí a roghnú, mar sa phlé acadúil ar léann litríocht na n-óg, leagtar béim ar shaothar ar ardchaighdeán, ar shaothar ina bhfuil saibhreas litríochta agus léaráidí sofaisticiúla. Más féidir le páistí na cineálacha seo téacsanna a léamh agus a láimhseáil, beidh cur amach níos fearr acu ar ealaín litríocht na n-óg. Tá cúpla bearna fós ann sa chatalógú a dhéantar ar fhoinsí uile léitheoireachta an aosa óig, go háirithe an léitheoireacht neamhfhoirmiúil a bhíonn ar siúl acu, ach is cabhair iad na treoirleabhair a chuireann COGG agus Leabhair Pháistí Éireann amach ar théacsanna léitheoireachta, agus an t-ábhar ar fad a bhaineann leis an NCCB. Is gá níos mó airde a dhíriú ar na háiseanna seo agus tá dul chun cinn fiúntach á dhéanamh sna hiarrachtaí an t-eolas a chur ar an idirlíon ar líonraí sóisialta. Is léann spéisiúil spreagúil í litríocht na n-óg agus tá saintréithe agus saincheisteanna a bhaineann léi, amhail an gaol idir an t-ábhar agus an caighdeán teanga, agus ceist an aistriúcháin. Toisc gur leabhair ficsin formhór na scéalta a fhoilsítear do pháistí, tá deis níos fearr ann sa chineál seo litríochta raidhse peirspictíochtaí a chur ar fáil. Tugann na nithe seo deis agus dúshlán araon do na luathléitheoirí agus do na múinteoirí atá á múineadh.

Achoimre agus Conclúid

Mar chonclúid ar an méid a pléadh go dtí seo, dealraíonn sé go bhfuil roinnt toscaí le tabhairt san áireamh maidir le léitheoireacht na Gaeilge, cinn a bhaineann le cur chun cinn na léitheoireachta forleithne i gcoitinne agus cinn a bhaineann le cúrsaí léitheoireachta sa chóras oideachais. Caithfear smaoineamh ar dhearcadh agus inspreagadh na bpáistí i leith na Gaeilge agus na léitheoireachta araon; agus ar shealbhú teangacha, ar thraschur scileanna agus ar chur isteach ar theanga. Ina theannta sin, ní mór tionscal litríocht Ghaeilge na n-óg a imscrúdú. Cumadh an staidéar seo mar iarracht le dul i ngleic leis na gnéithe seo, ach dar ndóigh glactar leis go bhfuil réimsí eile ann nach bhfuil plé cuimsitheach déanta orthu.

Sa taigde idirnáisiúnta tá fianaise ann ar na buntáistí a bhaineann leis an léitheoireacht fhorleathan. Tá treoracha ann freisin maidir le cur i bhfeidhm na léitheoireachta forleithne, ach tá oiriúnú tábhachtach le freastal ar riachtanais léitheoirí na Gaeilge agus chun iad a chumasú machnamh a dhéanamh ar a roghanna léitheoireachta, agus chun an taoiléitheoireacht a chur chun cinn mar imeacht sóisialta. Is féidir na heiseamláirí a úsáideadh i staidéir eile ar an léitheoireacht

fhorleathan agus torthaí ó thuilte leabhar a úsáid chun club léitheoireachta éifeachtach a chur ar bun.

Ní haon chabhair é an t-imeallú a rinneadh ar an léitheoireacht i gcuraclam na Gaeilge ná an meath ar thacaíochtaí lasmuigh den scoil le léitheoirí a chruthú. Tá srianta eile i gceist le múineadh léitheoireacht na Gaeilge, go háirithe nuair nach bhfuil treoirleabhair ná áiseanna cuí ar fáil. Fiú nuair a bhíonn áiseanna ar fáil, is minic nach mbíonn múinteoirí ar an eolas fúthu agus mar sin ní bhaineann siad an leas is fearr astu. Tá easpa leanúnachais i múineadh na léitheoireachta Gaeilge agus gan mórán aitheantais tugtha do shaindeacrachtaí teanga sa Ghaeilge. Is léir go bhfuil fiúntas le scileanna maithe díchódaithe a fhorbairt i léitheoirí teanga bhreise ach éilíonn sé seo níos mó ama chun, ar dtús, múinteoirí a oiliúint ag an leibhéal réamhsheirbhíse agus inseirbhíse le gur féidir na scileanna seo a mhúineadh go héifeachtach, agus ansin straitéisí éifeachtacha a thabhairt do léitheoirí óga. Is gá freisin, an léitheoireacht a cheangal leis na scileanna teanga eile níos mó, go háirithe an teanga ó bhéal. I gcoitinne, bíonn múinteoirí agus páistí ag brath ar straitéisí an fhocail aonair, nós a chruthaíonn fadhbanna nuair is foclóir feidhmeach go leor de na focail ardmhinicíochta sa Ghaeilge agus nuair is gá iad a mhúineadh i gcomhthéacs.

Lasmuigh den churaclam foirmiúil freisin, tá ról ag an léitheoireacht mar chaitheamh aimsire. Is gá na buntáistí a bhaineann leis seo a bheith soiléir do na léitheoirí ionas go mbeidh a dtaithí léitheoireachta neamhchasta agus spreagúil. Má tá nasc níos láidre idir an Ghaeilge laethúil a bhíonn ag páistí agus an t-ábhar a dtiocfaidh siad air san ábhar léitheoireachta, ní chuirfidh easpa tuisceana chomh mór sin isteach ar an sruth léitheoireachta. Chun ábhair spéisiúla a chur ar fáil is gá imeacht ón spleáchas ar théacsleabhair nó ar leabhair féin, ag tabhairt san áireamh gur féidir spéis a mhúscailt sna luathléitheoirí go háirithe trí shleachta gearra ó réimse seánraí. Éiríonn le roinnt idirghabhálacha léitheoireacht neamhfhoirmiúil a chur chun cinn, go háirithe, clubanna léitheoireachta, tuile leabhar, agus an léitheoireacht fhorleathan. Má tá bunús maith ann sna ceachtanna foirmiúla, is féidir na tionscadail seo a úsáid chun níos mó spéise a chothú.

Tá gá le cur chuige leanúnach córasach do léitheoireacht na Gaeilge ina bhfuil aitheantas tugtha do na scileanna litearthachta atá ag paistí sa Bhéarla agus ina dtugtar deis do na páistí comparáid a dhéanamh idir an dá theanga ar mhaithe le feasacht mheiteatheangeolaíoch a chothú. Tá roinnt tacaíochtaí ar fáil dó seo cheana féin ach níor cuireadh i bhfeidhm iad go huile is go hiomlán. Chomh maith leis sin, tá deiseanna teicneolaíochta ann nár tapaíodh go fóill. Is mar chuid den fhorbairt dhélitearthachta atá léitheoireacht na Gaeilge seachas mar chuid de shealbhú na Gaeilge amháin. Is féidir tógáil ar roinnt de na tionscnaimh atá ann do léitheoireacht an Bhéarla agus

iad a chur in oiriúint do chás na Gaeilge. Caithfear dearcadh iomlánaíoch a thabhairt ar an litearthacht ina bhfuil traschur scileanna áirithe ann chun délitearthacht nó illitearthacht a fhorbairt.

Faoi dheireadh, is féidir úsáid a bhaint as múnlaí traidisiúnta ach ceannródaíocha chun léitheoireacht na Gaeilge a chur chun cinn i gcomhthéacsanna neamhfhoirmiúla lasmuigh den scoil, go háirithe trí na meáin. Tá léann litríocht Ghaeilge na n-óg ag fás agus is gá baint níos dlúithe a bheith ann idir an plé ar léitheoireacht agus ar litríocht na Gaeilge in amanna. Chabhródh sé leis an bplé seo dá mbeadh teacht ar liosta iomlán de phríomhfhoinsí léitheoireachta in aon áit amháin, ag cur san áireamh ábhair dhigteacha agus ábhair neamhfhoirmiúla a bhfuil rochtain rialta ag an léitheoir orthu. Baineann roinnt gnéithe suntasacha leis an léitheoireacht i dteanga bhreise agus is gá aird a dhíriú ar an aoisghrúpa, na tacaíochtaí a bheidh ar fáil do léitheoirí teanga bhreise, mar aon le cinntiú gur ábhar saibhir ilchineálach atá ann.

Caibidil 2

Dearadh an Chlub Léitheoireachta

Tabharfaidh an chaibidil seo foramharc ar dhearadh an chlub léitheoireachta. Pléifear na rannpháirtithe a bhain leis an gclub, na bealaí a chuathas i dteagmháil leo. Míneofar dearadh an cheistiúcháin, go háirithe an cur chuige amharc-ealaíne, na téamaí a bhí sa cheistiúchán, agus na scálaí ar baineadh úsáid astu. Faoi dheireadh iniúchfar dearadh an chlub léitheoireachta bunaithe ar na sonraí a bailíodh sa cheistiúchán agus ar na cuir chuige a bhí ann i dtaighde eile.

Rannpháirtithe a Lorg

D'fhonn sonraí an tionscnaimh seo a chur i gcomparáid le taighde iomchuí eile, mar shampla, Progress in International Reading Literacy Study (PIRLS) agus Haslett (2002), shocraigh an taighdeoir gurbh fhearr an t-aoisghrúpa céanna a lorg. Ar dtús, smaoinigh an taighdeoir ar pháistí 9 agus 11 bhliain d'aois a lorg, mar atá, Rang 3 and 6. Ach bíonn páistí Rang 6 gafa leis an ullmhú don chóineartú i scoileanna Caitliceacha, príomhphatrúnacht na scoileanna in Éirinn. Mar sin, chinn an taighdeoir ar pháistí i Rang 3 agus Rang 5 a lorg. Tá formhór Rang 5 idir 10 mbliana agus 11 bhliain agus measadh go bhféadfaí comparáid chothrom a dhéanamh fós. Rinneadh an taighde a theorannú do pháistí sa chóras tumoideachais neamhchosúil leis na tuilte léitheoireachta a rinne Hickey (1991). Chuaigh an taighdeoir i dteagmháil le scoil lán-Ghaeilge i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath ag tús mhí Eanáir 2016 chun míniú a dhéanamh ar scóip an taighde, mar aon le leagan amach an chlub léitheoireachta. Bheartaigh an taighdeoir ar scoil amháin a roghnú ach go dtabharfadh sí cuireadh do dhá rang bheith páirteach ann. Ar an gcaoi sin, bheadh an taighdeoir in ann leathlá amháin a chaitheamh sa scoil gach seachtain chun an club léitheoireachta a reáchtáil.

Sa tseachtain chéanna ina ndeachaigh an taighdeoir i dteagmháil leis an scoil, bhí dhá chruinniú neamhfhoirmiúla aici leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí a dtabharfadh sí cuireadh dóibh bheith páirteach sa taighde, agus bhí deis acu ceisteanna a ardú, soiléiriú a lorg agus breathnú ar an gceistiúchán molta. Cuireadh an ceistiúchán faoi bhráid coiste eitice Institiúid Oideachais Marino roimh ré agus rinneadh é a leasú de réir mholtaí an choiste eitice (tá cóip den cheistiúchán ar fáil in Aguisín A). Thug an taighdeoir bileog eolais don phríomhoide agus do na múinteoirí cuí agus bhí seachtain acu a machnamh a dhéanamh maidir le hoiriúnacht an chlub dá rang (tá cóip den bhileog ar fáil in Aguisín B). Tar éis don taighdeoir cead sealadach a fháil ón bhfoireann scoile, bhuail sí leis an dá rang, Rang 3 agus Rang 5, chun an club a phlé leo. Arís, bhí seans ann ceisteanna a chur

agus tuairimí a léiriú maidir leis an gclub agus i ndiaidh an phlé ar fad, fuair na páistí bileog eolais mar aon le foirm thoilithe le síniú ag a dtuismitheoirí agus foirm aontaithe le síniú acu féin (tá cóip den dá dhoiciméad ar fáil in Aguisín C agus D). Is i nGaeilge amháin a rinneadh teagmháil leis an scoil ach tugadh bileoga eolais dátheangacha do na tuismitheoirí. Tugadh seachtain dóibh smaoineamh ar a rannpháirtíocht sa chlub agus bhailigh an múinteoir ranga na foirmeacha ag an deireadh. Bhí gach páiste sásta bheith páirteach ann agus scríobh roinnt tuismitheoirí nóta breise ar an bhfoirm ceadaithe ag léiriú go raibh áthas orthu go mbeadh a bpáistí páirteach ina leithéid de thionscnamh. Seachtain ina dhiaidh sin, cuireadh tús leis an gclub léitheoireachta (lár mhí Eanáir 2016). Tugadh amach an ceistiúchán sa chéad seachtain agus d'fhan an taighdeoir leis an rang le linn dóibh é a chomhlanú.

Dearadh an cheistiúcháin

Iarradh ar na páistí ar dtús cúpla sonra beathaisnéise a thabhairt – ainm, rang, dáta breithe agus inscne. Iarradh orthu a n-ainm a lua le go mbeifí in ann an ceistiúchán ag tús agus deireadh an taighde ar an gclub a chur i gcomparáid lena chéile. Iarradh orthu dáta breithe a lua chun tionchar aoise ar chleachtais ar roghanna léitheoireachta a mheas. Lorgaíodh inscne an pháiste leis an tionchar sin a mheas chomh maith, go háirithe, i bhfianaise na dtorthaí a léiríonn go bhfuil neamhréir idir spéis cailíní agus buachaillí.

Scálaí

Bhí 14 leathanach sa cheistiúchán agus bhí sé roinnte ina 4 chuid ag díriú ar na réimsí seo:

1. Dearcthaí ginearálta i leith na léitheoireachta
2. Dearcthaí maidir le léitheoireacht na Gaeilge, agus spéis sa chultúr Gaelach
3. Cleachtas léitheoireachta (fad leabhair, áit, am, leabhair a léadh le déanaí)
4. Roghanna léitheoireachta (seánraí)

Tabharfar mioneolas ar na sonraí a bailíodh sna codanna seo thíos.

Dearcadh Ginearálta i leith na Léitheoireachta

Dhírigh an chéad chuid den cheistiúchán ar dhearcthaí ginearálta i leith na léitheoireachta. Glacadh leis go mbeadh na páistí ag déanamh tagartha den chuid is mó do na leabhair agus do na téacsanna Béarla a bhíonn á léamh acu. Bhí 25 mír i gceist 1 agus bhain ceist amháin eile leis an scála céanna ach cuireadh í i gcuid 3. Cuireadh an mhír seo níos deireanaí sa cheistiúchán toisc go raibh leagan amach difriúil le roghanna na bhfreagraí.

Meascadh suas na míreanna ó chúpla scála ar baineadh úsáid astu i dtaighde Schagen agus Sainsbury (2004); taighde ceannródaíoch maidir le dearcthaí i leith na léitheoireachta i measc páistí 9 mbliana d'aois agus 11 bhliain. Bhain taighde Schagen agus Sainsbury le léitheoireacht sa Bhéarla (máthairtheanga na bpáistí) agus úsáideadh cúpla scála ón taighde sa staidéar s'againne le pictiúr a fháil ar ghnéithe ginearálta den taithí léitheoireachta: taitneamh léitheoireachta; tacaíocht don léitheoireacht sa bhaile; féinchoincheap i leith na léitheoireachta. Roghnaíodh na scálaí seo le foramharc ginearálta a fháil ar na cleachtais léitheoireachta a bhíonn ag páistí, go háirithe nuair nach mbíonn siad ar scoil; na tuairimí coitianta atá ag páistí maidir leis an léitheoireacht, agus cé chomh fada is a chuirtear nó nach gcuirtear an léitheoireacht chun cinn sa bhaile. Rinneadh cinneadh scálaí iomlána a úsáid chun comparáid bhríoch a dhéanamh le sonraí ó thaighde eile, agus toisc gur léiríodh scór Alfa Cronbach inghlactha minic go leor sa bhuntaighde. É sin ráite, mar a fheicfear ar ball, tá deacracht ag baint le roinnt den ghrúpáil a rinneadh ar mhíreanna laistigh de scála sa bhuntaighde.

I dtaighde Schagen agus Sainsbury (2004), cuireadh ceist an raibh taithí ag na páistí ar sheánraí éagsúla sa bhaile, go príomha, greannáin, irisleabhair, nuachtáin, agus dánta. Cuireadh leis an liosta seo sa cheistiúchán sa taighde s'againne ag tabhairt ábhair dhigiteacha san áireamh freisin, agus mar sin, bhí dhá rogha eile ann – scéalta ar líne agus ábhar ar an bhfón póca.

Dearcthaí i leith Léitheoireacht na Gaeilge

Sa dara cuid den cheistiúchán, díríodh isteach ar dhearcthaí i leith léitheoireacht na Gaeilge le haitheantas a thabhairt do na deiseanna agus na dúshláin beachta a bhaineann le léamh i dteanga bhreise atá ina mionteanga freisin. Cuireadh an *Attitude and Motivation Test Battery* (Gardner agus Lambert, 1975) in oiriúint don chuid seo, toisc scór Alfa Cronbach inghlactha a bheith léirithe sa bhuntaighde, ach athraíodh an fhoclaíocht beagán le díriú ar *léitheoireacht* na Gaeilge seachas ar *fhoghlaim* na Gaeilge, mar shampla, mír 3. Athraíodh "Bainim an-taitneamh as Gaeilge a fhoghlaim" go "Bainim an-taitneamh as léamh as Gaeilge". Bhí 10 mír sa scála, bhí trí cinn scríofa i bhfoclaíocht dhiúltach agus rinneadh iad a athchódú sa chóras SPSS agus an scór scála á ríomh. Cuireadh mír bhreise a bhain le tuairim féinéifeachtachta ann chomh maith chun muinín sa léitheoireacht a mheas.

Má tá dearcadh dearfach ag páistí i leith na léitheoireachta sa chéad teanga, beidh dea-impleachtaí aige sin ar an léitheoireacht i dteanga bhreise (Yamashita, 2015). É sin ráite, rinneadh dhá chuid éagsúla de na ceisteanna seo faoin léitheoireacht chun aitheantas a thabhairt do na difríochtaí idir léamh sa chéad teanga agus i dteanga bhreise.

Spéis sa Chultúr Gaelach

Is gné amháin den chultúr Gaelach í an litríocht agus is cinnte go leagtar béim uirthi seo níos mó ná ar ghnéithe cultúrtha eile sa chóras oideachais. Cuireadh isteach ceist maidir le spéis ghinearálta sa chultúr Gaelach, i mbreathnú ar chláir Ghaeilge ar TG4, in imirt cluichí Gaelacha, le pictiúr níos iomláine a fháil ar spéis na bpáistí sa chultúr Gaelach.

Cleachtais Léitheoireachta: Fad, Áit agus Am

Ansin cuireadh grúpa míreanna le chéile a bhain le cleachtais agus roghanna léitheoireachta – fad leabhair, líon na leabhar atá ag páistí sa bhaile, áiteanna ar mian leis na páistí léamh, agus amanna den lá ar mian leo léamh. Lorgaíodh eolas freisin ar léigh siad ina n-aonar nó le daoine eile. Ní scála foirmiúil an chuid seo ach tugann an grúpa míreanna eolas maidir leis an gcleachtas léitheoireachta is mó a thaitníonn leis na páistí. Ba ráitis scríofa i bhfoclaíocht dhearfach iad formhór na ráiteas sa chuid seo. Cuireadh dhá mhír bhreise isteach anseo maidir le hábhar a léamh ar líne.

Leabhair a Léadh le Déanaí

Iarradh ar na páistí na trí leabhar Bhéarla agus Ghaeilge is deireanaí a léigh siad le féachaint (a) an léann siad i gceachtar teanga, agus (b) an cineál leabhair a roghnaigh siad le léamh, ag féachaint ar an seánra agus ar dháta foilsithe an leabhair. Iarradh orthu ansin na leabhair is fearr leo a lua. Tugadh deis do na páistí tuairimí ginearálta breise a bhreacadh síos sa bholgán cainte ag an deireadh. Ar an leathanach deireanach freisin, bhí spás ann i bhfoirm bolgán cainte le go bhféadfadh na páistí aon tuairim a bhreacadh síos faoin gclub léitheoireachta.

Rogha Léitheoireachta: Seánraí a Thaitníonn/ nach dTaitníonn Liom

I gCuid 1 cuireadh ceisteanna ar na páistí maidir le taithí ar cineálacha éagsúla litríochta a léamh sa bhaile, ach ní hionann taithí agus spéis. In amanna, d'fhéadfaí go mbeadh spéis ag páistí i seánra faoi leith ach gan teagmháil a bheith acu leis. Bhí ceist iomlán ar spéis i seánraí litríochta ag deireadh an cheistiúcháin ag díriú isteach ar sheánraí éagsúla atá ar fáil do pháistí sa lá atá inniu ann, ina measc ficsean eolaíochta, pictiúrleabhair, filíocht, sraithscéalta, scéalta bleachtaireachta, scéalta neamhfhicsin, leabhair chócaireachta, úrscéalta grafacha, scéalta dátheangacha, béaloideas, gearrscéalta, drámaí, ríomhleabhair, liricí ceoil, agus treoracha do chluichí cláir. Aithnítear, áfach, go bhfuil seánraí eile ann nach raibh clúdaithe sa cheistiúchán.

D'aon ghnó cuireadh isteach saothair léitheoireachta nár leabhair thraidisiúnta iad. Mar a luadh cheana, ba mhinic gur cuireadh réimse leathan téacsanna léitheoireachta ar fáil do léitheoirí óga nuair a d'fhás litríocht na n-óg mar sheánra ag an tús. Cé go bhfuil níos mó béime sa tionscal

foilsitheoireachta anois ar leabhair iomlána do pháistí, theastaigh ón taighdeoir a fháil amach an mbeadh suim ag páistí blúiríní níos giorra a léamh agus freisin le féachaint an raibh siad ar an eolas faoi na seánraí éagsúla atá ar fáil as Gaeilge. Faoi dheireadh, chabhródh an t-eolas seo maidir le seánraí a thaitníonn nó nach dtaitníonn leis na páistí chun ábhair a roghnú don chlub léitheoireachta. Níorbh ionann an chuid seo agus na codanna eile, bhí dhá cheist oscailte ann ag an deireadh. Tugadh deis do na páistí na fáthanna a dtaitníonn nó nach dtaitníonn cineálacha éagsúla leabhar a bhreacadh síos, agus aon chineál eile a thaitníonn nó nach dtaitníonn leo a lua.

Maidir le leagan amach an cheistiúcháin, d'oibrigh an taighdeoir le stiúrthóir chun na téamaí agus na ceisteanna éagsúla a phlé. Iarradh ar thriúr eile an ceistiúchán a chomhlánú, na múinteoirí ranga san áireamh, agus aischothú a thabhairt. Chabhraigh an ceistiúchán píolótach leis an leagan deireanach a ullmhú, go háirithe na moltaí maidir le húsáid dathanna agus cúrsaí spáis ar an leathanach. Mar chuid den phróiseas eitice, d'fhéach coiste ar na huirlisí taighde agus thug aischothú ábhartha freisin.

An Ghné Amharc-ealaíne

Baineadh úsáid as ceistiúchán lán-daite agus bhí cúpla íomhá de pháistí ag léamh ar bharr na leathanach freisin, cur chuige a d'oirfeadh do pháistí óga. Baineadh úsáid as cló trom méid 14 sans serif le go mbeadh an scríbhneoireacht soléite. Cuireadh isteach treoir ghinearálta ag tús gach coda maidir le freagairt do na ráitis, ach bhí an taighdeoir ann ar an lá freisin le cabhrú leis na páistí tabhairt faoin gceistiúchán. Os cionn na roghanna freagartha "Ní aontaím leis seo in aon chor" bhí "X" an-mhór i gcló dearg. Os cionn "Ní aontaím leis seo", bhí "X" mór i gcló dearg. Bhí an cur chuige céanna in úsáid do na roghanna eile. Os cionn "Aontaím leis seo" bhí tic mór i gcló glas, agus os cionn "Aontaím leis seo go huile is go hiomlán leis seo" bhí tic an-mhór i gcló glas. Sa chaoi seo bhí na páistí in ann a dtuairimí maidir le gach ráiteas a nochtadh go han-éasca trí chiorcal a dhéanamh timpeall ar an gceann ceart. Feic an sampla thíos ach tabhair faoi deara go raibh cló níos mó in úsáid san fhíorcheistiúchán atá le feiceáil sna haguisíní.

Tábla 1: Sampla de scálaí Likert a bhí in úsáid sa cheistiúchán

Léigh na habairtí seo a leanas faoin <u>léitheoireacht i gcoitinne</u>. **Ansin roghnaigh an freagra a thaispeánann an méid a cheapann tusa.**	✗ **Ní aontaím leis seo <u>in aon chor!</u>**	✗ **Ní aontaím leis seo**	✓ **Aontaím leis seo**	✓ **Aontaím <u>go huile is go hiomlán</u> leis seo**
1. Is maith liom scéalta a léamh.	✗	✗	✓	✓

Baineadh úsáid as cur chuige beagán difriúil do ráitis nár oir scála Likert dóibh mar fhreagra, go háirithe nuair a bhí cead ag na páistí cúpla freagra a roghnú. Bhí sé seo i gceist maidir le (Cuid 1) fad leabhair a thaitníonn le páistí, an méid leabhar atá acu sa bhaile, na cineálacha leabhar a thaitníonn leo, (Cuid 3) minicíocht léitheoireachta, cúiseanna a léann siad, spéis sa chultúr Gaelach. Feic an sampla thíos.

Tábla 2: Sampla de na roghanna freagraí i gCuid 2 agus 3

26. Cén cineál leabhair is maith leat? ***Cuir tic*** ✓ ***in aice leis an bhfreagra cuí***	✓
Is maith liom leabhar atá níos lú ná 10 leathanach	
Is maith liom leabhar ina bhfuil 11 – 25 leathanach	
Is maith liom leabhar ina bhfuil 26 – 100 leathanach	
Is maith liom leabhar ina bhfuil níos mó ná 100 leathanach	

Maidir leis na ceisteanna a bhain le cleachtas léitheoireachta a thaitníonn leis na páistí, agus na seánraí a thaitníonn leo, baineadh úsáid as íomhánna os cionn an rogha, agus arís, bhí na páistí in ann a dtuairimí a nochtadh trí chiorcal a chur timpeall ar na cinn b'fhearr leo (Feic sampla thíos). Sa chuid dheireanach den cheistiúchán, Cuid 4, a bhain le seánraí léitheoireachta, bhí pictiúr ann de

chlúdach leabhair Ghaeilge ón seánra sin. Rinneadh é sin mar síleadh, b'fhéidir, go mbeadh cineál leabhair léite ag páistí ach nach mbeadh siad cinnte faoin seánra lenar bhain an leabhar, nó b'fhéidir go mbeadh seánra luaite agus nach mbeadh na páistí iomlán cinnte faoi na saghsanna leabhar a chlúdaíonn an seánra sin. Iarradh ar na páistí na seánraí a thaitníonn leo a roghnú ar dtús. Iarradh orthu na seánraí *nach dtaitníonn leo* a lua chomh maith. Rinneadh é seo chun tuairim a fháil faoi cé chomh mór is a thaitin seánra nó nár thaitin seánra leo. Rinneadh é freisin le hiad a chur ag smaoineamh ar bhealach níos caolchúisí maidir leis an réimse seánraí atá ann agus na cúiseanna is maith leo ceann amháin thar cheann eile. Bhí an taighdeoir ag iarraidh a fháil amach freisin, an raibh seánra amháin a thaitníonn leo agus an bhfuil bearna sa mhargadh foilsitheoireachta faoi láthair.

Tábla 3: Sampla de na ceisteanna a bhain le seánraí léitheoireachta

10. Is maith liom na cineálacha seo leabhar (cuir tic ***in aice leis na cinn is fearr leat):***

Ficsean

Pictiúrlea



Filíocht



Sraithsc

Scéal

Nuair a iarradh ar na páistí na leabhair is deireanaí a léigh siad a lua, nó aon tuairimí eile a lua, bhí íomhá de leabhar nó de bholgán cainte folamh ann agus bhí deis ag na páistí a dtuairim a bhreacadh síos ann. Measadh go gcabhródh an cur chuige amharc-ealaíne le spéis na bpáistí a choinneáil agus iad ag comhlánú an cheistiúcháin, agus go laghdódh sé an méid a bheadh le scríobh acu.

Tábla 4: Samplaí de na ceisteanna a bhain le cleachtas léitheoireachta

8. Na leabhair is fearr liom ná:





9. Aon rud eile a léigh tú le déanaí?



Dearadh an Chlub Léitheoireachta

Chun spéis na bpáistí a mhúscailt sa chlub agus ag tógáil ar an gcur chuige a bhí ann do thuile léitheoireachta Elley (1991), tógadh isteach mála mór ar an gcéad lá ina raibh rogha an-leathan leabhar. Bhí cead ag páistí leabhar a roghnú agus suí in aon áit sa seomra ranga le hé a léamh. Rinneadh é seo ag tús an chlub le go mbeadh deis ag páistí breathnú ar réimse leathan leabhar, go mbeadh taithí áirithe acu ar leabhair a roghnú, agus go mbeadh cúpla deis neamhfhoirmiúil acu taoiléitheoireacht nó léamh mar chaitheamh aimsire a dhéanamh ar scoil, agus taitneamh a bhaint aisti. Fágadh an mála mór leabhar leis an scoil ar feadh seachtaine agus bhí deis ag na páistí seal a chaitheamh ag léamh leabhair ón mála gach lá.

Baineann an bhraistint úinéireachta leis an rath a bhíonn ar an léitheoireacht (Rao agus Babu, 2016). Le páistí a spreagadh rannpháirtíocht ghníomhach a bheith acu sa chlub, tugadh an deis dóibh ionchur a bheith acu maidir leis na téacsanna léitheoireachta a bheadh ann. Tar éis na tuile

léitheoireachta ar feadh seachtaine, líon na páistí an chéad cheistiúchán isteach agus iad faoi stiúir an taighdeora. D'eascair sonraí saibhre spéisiúla as an méid a chuir na páistí in iúl sna ceistiúcháin. Thug na sonraí, ach go háirithe maidir le seánraí éagsúla léitheoireachta, treoir agus na téacsanna léitheoireachta á roghnú. Minic go leor, roghnaíodh seánra a léirigh na páistí spéis ann, ach i gcás nó dhó, cuireadh isteach seánra eile le níos mó feasachta a chothú ar an gcineál sin litríochta, mar shampla, scéalta digiteacha, nó chun dúshlán a thabhairt do na tuairimí a léirigh na páistí. (I gCaibidil 3, pléifear na tuairimí a léirigh na páistí agus na céatadáin bheachta a roghnaigh seánraí faoi leith ag tús an chlub léitheoireachta). Mhair an club 10 seachtaine agus roghnaíodh seánra nua gach seachtain. Cuireadh an leabhar céanna de ghnáth ar shúile an dá rang, ach in amanna roghnaíodh leabhar nó ábhar difriúil a bhí aoisoiriúnach. Fuair na páistí blaiseadh den léitheoireacht aonair, den léitheoireacht bheirte, agus den léitheoireacht ghrúpa. Mhair an club thart ar leathuair an chloig, agus ina dhiaidh, bhí plé neamhfhoirmiúil sa rang faoi threoir an taighdeora. Tráchtann Hiebert agus Martin (2001) ar an tionchar atá ag dearadh an leabhair, na léaráidí srl. ar aird léitheoirí. Mar sin, tugadh deiseanna do na páistí na gnéithe seo a phlé gach seachtain le go dtabharfaidís faoi deara iad amach anseo. Áitíonn Bai (2016) gur mó a chabhraíonn tascanna ina bhfuil ar fhoghlaimeoirí an bhunbhrí a aimsiú le cúrsaí litrithe agus forbairt foclóra ná tascanna ina bhfuil ar fhoghlaimeoirí foclóir a úsáid i gceart. Cé go raibh an phríomhbhéim ar an léitheoireacht mar chaitheamh aimsire sa taighde seo, is mó a baineadh úsáid as ceisteanna oscailte faoin téacs maidir le plota an scéil agus araile, ná as iarraidh ar pháistí an foclóir a úsáid i gcomhthéacs ceart. Tá seans ann mar sin gur cuireadh le foclóir teagmhasach na bpáistí ach ní dhearnadh tomhas foirmiúil air seo.

Féachfaimid anois ar na seánraí litríochta agus ar na téacsanna léitheoireachta a roghnaíodh do gach seachtain den chlub léitheoireachta. Chuir na páistí in iúl gur thaitin ábhar gearr léitheoireachta leo. Ó cuireadh tús le hAthbheochan na Gaeilge, rinneadh neart iarrachtaí maidir le greannán a sholáthar don óige. Bhain an t-ábhar de ghnáth le cúrsaí staire mar shampla, bhí cuid darbh ainm Tír na nÓg laistigh den ghreannán An Gael Óg. Bhí an greannán Clann Disney ann sna hochtóidí agus na nóchaidí freisin. Mar sin de, rinneadh iarracht dul taobh amuigh den stair agus den bhéaloideas. Chonacthas an buntáiste a bhain le pictiúir chun páistí a mhealladh chuig an léitheoireacht agus chun cabhrú lena dtuiscint. Sa cheistiúchán don chlub léitheoireachta chuir neart páistí in iúl gur mhaith leo greannán a léamh cé nach raibh siad cinnte an raibh a leithéid ar fáil as Gaeilge. Sa chéad seachtain bhí deis ag na páistí an chéad ghreannán – *Ruaille Buaille* – a léamh. Is cnuasach cartún atá ar fáil ann agus cuid acu bunaithe ar thagairtí cultúrtha comhaimseartha, cuir i gcás, an cluiche ríomhaire *Minecraft*. Cuireadh greannáin eile ar a súile do na páistí ansin, greannáin a aistríodh ón bhFraincis go Gaeilge: *Asterix* agus *Tintin*. Bhí fiúntas ag baint le haistriúchán a roghnú.

Cuid acu, bhuail na páistí leis na carachtair ghreannmhara seo i mBéarla cheana féin agus chuir siad fáilte chroíúil roimh na scéalta greannmhara seo a léamh as Gaeilge.

Ní mó an spéis a léirigh na páistí i bpictiúrleabhair "pháistiúla" ag an tús, ach roghnaíodh cúpla pictiúrleabhar ina raibh ardchaighdeán maisitheoireachta. Tar éis dóibh an líníocht sciliúil a fheiceáil sna leabhair *An Gréasaí Bróg* agus *Ó Chrann go Crann* bhí na páistí breá réidh do chomhrá cumasach aibí maidir le cúrsaí maisitheoireachta. Díríodh a n-aird ar chúrsaí líníochta agus faoin am a d'oscail siad an chéad seánra eile ina raibh pictiúir: na húrscéalta grafacha *An Táin*, *An Sclábhaí* agus *An Teachtaire* bhí an foclóir cuí acu chun comhrá breá beomhar a chur ar siúl. Pléann roinnt de na pictiúrleabhair agus de na húrscéalta grafacha le téamaí traidisiúnta, go háirithe an béaloideas, mar a phéigh go leor litríochta don óige ó tháinig sí ar an bhfód. Sna leaganacha nua-aimseartha seo, áfach, tá blaiseadh den sean agus den nua ar aon leathanach amháin. Cloíodh minic go leor le seanleaganacha na scéalta sna húrscéalta grafacha agus bhí tagairtí foréigneacha ann, ach níor chuir sé sin as do na páistí.

Chuir na páistí in iúl ón tús gur thaitin scéalta gearra leo agus ba rogha ciallmhar, mar sin, an tsraith *Níotú* a thabhairt dóibh. Lean na páistí eachtraí móra an Indiaigh. Sna saothair sin thug na pictiúir cabhair dóibh brí a bhaint as eachtraí an scéil, ach bhí áis bhreise ann sa tsraith freisin: má bhí aon téarma casta ann, bhí na páistí in ann dul i gcomhairle na gluaise ar bhun an leathanaigh. Tá an nós seo le fáil i roinnt leabhair Ghaeilge le tamall anuas ag aithint riachtanais léitheoireachta i dteanga bhreise. Ligeann an cur chuige seo do pháistí scéal a léamh ina bhfuil téama aoisoiriúnach, ach tá cabhair bhreise ann má bhíonn siad i bponc.

Léirigh roinnt páistí gur thaitin sé leo leabhair a léamh le daoine eile – an múinteoir, tuismitheoir, siblín. Ó am go chéile, mar sin, bhí deis acu leabhar a léamh i gcomhluadar páiste eile sa rang. D'oir sé seo go mór dóibh agus drámaí á léamh acu. Baineadh úsáid as sraith drámaí a d'fhoilsigh An Gúm ag deireadh na n-ochtóidí agus tús na nóchaidí. Ó shin i leith, níor foilsíodh a leithéid do pháistí ach tá níos mó treoirleabhar ar fáil do mhúineadh na drámaíochta. Mar sin, ní raibh móran taithí ag páistí ar dhrámaí *a léamh* as Gaeilge (ná as Béarla, b'fhéidir), cé go mbeadh taithí acu ar an drámaíocht mar mhodheolaíocht go háirithe don teanga ó bhéal (Dunne, 2016). Caitheadh roinnt ama ag míniú na gcoinbhinsiún téacs agus na nótaí breise atá ar fáil i ndrámaí. Chaith na páistí tamall ag léamh na treorach stáitse agus chúlra na gcarachtar. Rinne siad aisteoireacht chumasach agus iad ag glacadh róil éagsúla sna gearrdhrámaí.

D'oir an léitheoireacht bheirte do sheánraí eile freisin, mar shampla, do na scéalta neamhfhicsin faoi nósanna cultúrtha timpeall an domhain sa tsraith *Ar fud an Domhain*. D'oibrigh na páistí go dian dícheallach ina mbeirteanna chun cosúlachtaí agus difríochtaí a aimsiú idir na

háiteanna sna leabhair agus a n-áit dhúchais. Ba mhaith an mhaise do na páistí é, am a chaitheamh ag plé an leabhair, ag cur ceisteanna ar a chéile toisc go raibh go leor eolais nua le baint as na scéalta neamhfhicsin. Chuir na leabhair seo i gcuimhne an chumhacht atá ag leabhair páistí a chur ag smaoineamh.

Murab ionann an ghlúin seo agus glúine eile a ghlac páirt i gclubanna léitheoireachta, bhí taithí ag an nglúin seo ón gcliabhán ar chúrsaí teicneolaíochta. Cé go raibh an dúil ag na páistí in ábhar ar líne, b'annamh a léigh siad ríomhscéal Gaeilge. Do Rang a 5, toisc go raibh ríomhairí acu sa rang, roghnaíodh scéalta digiteacha ó chúpla suíomh idirlín: Askaboutireland.ie a dhíríonn ar scéalta béaloidis; agus www.leighleat.com a dhíríonn ar fhabhalscéalta. Sa dá chás, tá an dearthóir céanna i gceist, múinteoir bunscoile a bhfuil saineolas aige ar úsáid na teicneolaíochta faisnéise cumarsáide. Ní raibh le déanamh ag na páistí ach cúpla cnaipe a chliceáil agus bhí siad ag léamh. Leis an áis fuaime ar an dá shuíomh, bhí siad in ann éisteacht leis an scéal chomh maith. Cabhraíonn an taithí ilmheánach le léitheoireacht na Gaeilge.

Tá litríocht na n-óg lom lán le béaloideas, ní nach ionadh, óir d'eascair an seánra as iarrachtaí mórtas cultúrtha a chothú sa litríocht náisiúnta, agus freisin, as an tsimplíocht a bhaineann le scéalta béaloidis ina mbíonn teachtaireacht mhorálta le baint astu. Sa staidéar s'againne, roghnaíodh go leor scéalta ina raibh carachtair ó mhiotas traidisiúnta na hÉireann, ach d'aon ghnó roghnaíodh scéalta a bhí breac le carachtair láidre bhaineanna, go príomha cailleacha agus mná feasa, mar a bhí sna scéalta seo a leanas: *Clíona Cailleach, An Chailleach agus a Gruaig, An Bandraoi*. Ó aimsir na hAthbheochana ar aghaidh (Ní Bhroin, 2011), tá fianaise ann a léiríonn gur cuireadh chun cinn scéalta béaloidis ina raibh carachtair fhireanna iontu, ach theastaigh ón taighdeoir léiriú cothrom a thabhairt ar charachtair agus ar fhorlámhas na mban, atá de dhlúth agus d'inneach litríocht na Gaeilge. Chomh maith leis sin, toisc go mbíonn cur amach ag páistí ar chailleacha Disney agus ar léirithe diúltacha eile, theastaigh ón taighdeoir léargas eile níos traidisiúnta a thabhairt. Cé nach ndearnadh mórphlé sna seisiúin aischothaithe ar na léirithe seo sna leabhair, theastaigh ón taighdeoir normalú a dhéanamh ar na carachtair seo trí dheiseanna rialta a thabhairt do na páistí scéalta a léamh ina raibh carachtair den sórt sin.

Tháinig cúpla seánra nua ar an bhfód sa Ghaeilge le déanaí, ina measc, seanraí a mbíonn ceisteanna sóisialta iontu. Ní minic an téagar seo i litríocht Ghaeilge do pháistí idir 7 mbliana agus 11 bhliain, ach sa tsraith *Bímis ag caint faoi* tá an t-aitheantas don tsochaí ina mairimid ar fáil. Cé nach raibh an seánra seo luaite ar an gceistiúchán, ba dheis é don ghlúin óg léamh faoi mhórcheisteanna a bhaineann le riachtanais speisialta, le teaghlaigh éagsúla, agus leis an mbás, ach i mbealach sábháilte, agus theastaigh ón taighdeoir an deis sin a thapú.

Roghnaíodh leabhair ó sheánra eile – stair spraíúil - chomh maith. Bhí cur amach ag leor de na páistí ar mhorimeachtaí staire ach thug an tsraith *Seachain!* léargas eile dóibh ar na himeachtaí céanna ach ó dhearcadh éagsúil. Bhí na Cluichí Oilimpeacha ar siúl sa bhliain chéanna agus chuir na páistí spéis i stair na gcluichí. Bhain an leabhar faoin nGorta Mór leis an obair a bhí déanta ag an rang le déanaí. Sa tsraith *Na deich gcinn*, ní gnáthimeachtaí staire agus fíricí a bhí i gceist ach eolas agus scéalta faoi bhithiúnaigh a d'fhág a lorg ar an domhan nó na dineasáir is scanrúla a leag cos ar domhan riamh.

Bhí neart taithí ag na páistí ar an leabhar traidisiúnta ach ní hionann an léitheoireacht agus leabhair. Mar atá molta ag taighdeoirí amhail Tina Hickey (1991), tá fiúntas léitheoireachta i sleachta gearra, mar shampla, liricí ceoil, treoracha cluichí, agus b'shin a tugadh don dream chun clabhsúr a chur leis an gclub léitheoireachta. Tar éis dóibh na liricí a léamh, d'éist siad leis na hamhráin spraíúla ar an dlúthdhiosca *Ceol na Mara* de chuid Thadhg Mhic Dhonnagáin. Chuir an taighdeoir na liricí as a riocht agus bhí ar na páistí iad a chur san ord ceart, agus iad ag éisteacht leis an amhrán ar an dlúthdhiosca. I Rang 5, rinneadh an rud céann agus bhí orthu véarsaí ón amhrán *Ón Taobh Tuathail Amach* de chuid Kíla a leagan amach ó thús deireadh.

Tábla 5: Seánraí a clúdaíodh sa Chlub Léitheoireachta

Seánra	Téacs Léitheoireachta	Cineál Léitheoireachta
Greannáin	*Ruaille Buaille* (Rang 3) *Tintin* (Rang 3 agus 5) *Asterix* (Rang 3 agus 5)	Léitheoireacht Aonair
Pictiúrleabhair agus Úrscéalta Grafacha	*Cogito* (Rang 3), *An tÉan Órga* (Rang 3), *Ó Chrann go Crann* (Rang 3), *Níotú* (Rang 3) *An Táin* (Rang 5), *An Sclábhaí* (Rang 5)	Léitheoireacht Bheirte
Neamhfhicsean	An tsraith *Ar fud an Domhain* (Rang 3 agus 5) An tsraith *An tEolaí Beag* (Rang 3 agus 5)	Léitheoireacht Bheirte
Scéalta Digiteacha	Suíomhanna idirlín: Askaboutireland Léighleat (Rang 5)	Léitheoireacht Bheirte
Béaloideas (ag díriú ar charachtair bhaineanna)	*Clíona Cailleach, An Chailleach agus a Gruaig, An Bandraoi* (Rang 3 agus 5)	Léitheoireacht Aonair
Drámaí	Sraith an Ghúim (Rang 5)	Léitheoireacht Bheirte
Ceisteanna Sóisialta	An tsraith *Bímis ag caint faoi* (Rang 3)	Léitheoireacht Aonair
Stair Spraíúil	An tsraith *Na deich gcinn is measa* (Rang 3 agus 5) An tsraith *Seachain!* (Rang 3 agus 5)	Léitheoireacht Bheirte
Liricí Ceoil agus Treoracha do chluichí cláir	Amhráin ón dlúthdhiosca *Ceol na Mara* (Rang 3) Amhráin de chuid Kíla (Rang 5) Aistríodh na treoracha do na cluichí seo a leanas: Jenga, Twister, Guess Who, Snakes and Ladders (Rang 3 agus 5)	Léitheoireacht Ghrúpa

Laigí an Deartha

Déanann an staidéar seo iarracht go leor bearnaí a líonadh, bearnaí a tháinig chun cinn i staidéir eile, trí ghuth a thabhairt do pháistí maidir lena gcleachtas agus lena roghanna léitheoireachta. Ina ainneoin sin, níl saothar gan locht agus aithnítear cúpla laige a bhaineann leis an staidéar atá faoi chaibidil. Ar an gcéad dul síos, bheadh sé ina chabhair dá mbeadh guth na múinteoirí agus na dtuismitheoirí ar fáil freisin. Maidir le roghnú na seánraí a bhí idir lámha ag na páistí, ní raibh ach seachtain ann do gach seánra, agus mar sin, tá seánraí ann nár léadh agus ní féidir a áiteamh ach go raibh blaiseadh beag de na seánraí ag na páistí.

Ar ndóigh, b'fhearr líon níos mó páistí agus tréimhse níos faide a chaitheamh ar an idirghabháil, agus ar an gcaoi sin, thabharfaí léargas níos mó ar fhás agus ar fhorbairt cleachtais agus roghanna léitheoireachta. Dá mbeadh níos mó ama ann bheadh deis níos fearr dúshláin a thabhairt

do réamhthuairimí páistí agus cúrsaí léitheoireachta a phlé leo. D'fhéadfaí, mar shampla, iarraidh ar na páistí féin na buntáistí a bhaineann leis an léitheoireacht, dar leo, a bhailiú (Protacio, 2012). Chomh maith leis sin, ní bhfuarthas mórán aischothaithe cáilíochtúil agus chabhródh sé seo le pictiúr níos iomláine a fháil ar an taithí léitheoireachta.

Laige eile den chlub ná nach raibh go leor deiseanna ag na páistí léitheoireacht aithriseach a dhéanamh, is é sin, an téacs céanna a léamh cúpla uair. Bheadh fiúntas leis an léitheoireacht aithriseach ach faoi scáth na léitheoireachta forleithne, ní minic a iarrtar ar pháiste téacs a léamh arís (Stoller, 2015). Leis an dá thrá a fhreastal, áfach, fágadh na téacsanna léitheoireachta don leabharlann scoile ag deireadh an taighde.

Conclúid

Mar a pléadh thuas, baineadh úsáid as modheolaíocht chainníochtúil – ceistiúchán - chun eolas a bhailiú ó pháistí i Rang a 3 agus a 5 i scoil lán-Ghaeilge amháin maidir lena gcleachtas léitheoireachta agus a roghanna. Roinneadh an ceistiúchán ina 4 chuid le hiniúchadh a dhéanamh ní hamháin ar thuairimí ginearálta i leith na léitheoireachta (mar shampla, féinchoincheap sa léitheoireacht), ach freisin le béim a chur ar léitheoireacht na Gaeilge, teanga bhreise atá ina mionteanga chomh maith. Bhain na codanna deireanacha den cheistiúchán le cleachtais agus le roghanna léitheoireachta. Baineadh úsáid as roinnt scálaí seanbhunaithe chun tomhais bheachta a fháil ar dhearcadh faoi leith, ach ina theannta sin, bhí cúpla téama eile a cuireadh isteach agus bhí grúpa míreanna a d'imscrúdaigh tuairimí na bpáistí maidir leis sin (mar shampla a nósanna léitheoireachta agus na suíomhanna léitheoireachta a thaitníonn leo). Ba cheisteanna dúnta iad a bhformhór, ach le scála Likert, bhí na páistí in ann a léiriú cé chomh fada is a d'aontaigh siad nó a mhalairt le ráiteas ar bith. Bhí cúpla deis ag páistí freagraí oscailte a thabhairt freisin le cur síos níos mó a dhéanamh ar a dtuairimí. Rinneadh gach iarracht an ceistiúchán a dhéanamh chomh hoiriúnach do pháistí agus ab fhéidir, go háirithe, tríd an dearadh. Bhí aischothú an-fhiúntach ann sna ceistiúcháin agus an club léitheoireachta agus na téacsanna éagsúla á n-eagrú. Rinneadh iarracht cothromaíocht a fháil idir na seánraí a thaitníonn leis na páistí a roghnú, seánraí nach raibh mórán taithí acu orthu go dtí seo a chur san áireamh, agus dúshlán a thabhairt do roinnt réamhthuairimí a léirigh na páistí. Tar éis do na páistí tabhairt faoin gclub léitheoireachta ar feadh 10 seachtaine, tugadh amach an ceistiúchán arís dóibh agus bhí deis acu é a líonadh isteach. Cuireadh na sonraí ón gcéad uair agus ón dara huair i gcomparáid lena chéile. Pléifear an t-aischothú mar aon le haon athruithe suntasacha sa chéad dá chaibidil eile.

Caibidil 3

Tuairimí maidir le Léitheoireacht na Gaeilge ag an Tús

Réamhrá

Sa chaibidil seo, pléifear na tuairimí a nocht páistí Rang a 3 (aois 9 – 10) agus a 5 (aois 11 -12) ag bunú an chlub léitheoireachta. Ar dtús, breathnóimid ar an dearcadh atá ag páistí maidir le cúrsaí léitheoireachta i gcoitinne de réir na dtorthaí ó cheithre scála. Tógadh na scálaí agus na míreanna seo ó thaighde Sainsbury agus Schagen (2004) agus ón staidéar Progress In International Reading Litearcy Study (PIRLS) (2011), a bhí in úsáid i dtaighde Haslett (2002) freisin. Ansin, cuirfear na torthaí maidir le dearcadh na bpáistí i leith léitheoireacht na Gaeilge agus an spéis atá acu sa chultúr Gaelach in iúl. Tráchtfar ar aon torthaí a thagann amach maidir le cúrsaí inscne agus aoise. Ansin, breathnófar ar na torthaí maidir le cleachtais léitheoireachta na bpáistí, go háirithe na suíomhanna ina mbíonn siad ag léamh. Faoi dheireadh, féachfar ar roghanna léitheoireachta, go háirithe na seánraí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis na páistí. Tabharfar foramharc ar na freagraí oscailte chomh maith chun tacú leis na seánraí litríochta a luaigh siad. Mar sin, pléifear na torthaí san ord seo a leanas:

1. Dearcthaí ginearálta i leith na léitheoireachta
2. Dearcthaí maidir le léitheoireacht na Gaeilge, agus spéis sa chultúr Gaelach
3. Cleachtas léitheoireachta (fad leabhar, áit, am, leabhair a léadh le déanaí)
4. Roghanna léitheoireachta (seánraí)

Mar a luadh cheana, tá an ghrúpáil de na míreanna bunaithe ar chur le chéile na scálaí sa bhunstaidéar Sainsbury agus Schaegen (2004) ach dá bharr, ní cinneadh iomasach ná soiléir in amanna míreanna áirithe a bheith ann nó a bheith ar lár. Cuir i gcás go bhfuil taithí sa bhaile ar roinnt seánraí litríochta (scéalta) curtha leis an bhfoscála *Taitneamh Léitheoireachta* seachas le *Roghanna Léitheoireachta*, agus go bhfuil seánraí eile (dánta, leabhair eolais) curtha leis an scála ar *Tacaíocht don Léitheoireacht* seachas le *Roghanna Léitheoireachta.* D'fhéadfá a argóint gur chóir iniúchadh a dhéanamh ar na seánraí go léir in aon scála amháin, nó gur chóir na hábhair go léir nach leabhair thraidisiúnta iad - greannáin, irisí, nuachtáin, dánta – a chur le chéile toisc an ghiorracht in amanna, agus na híomhánna atá iontu. Ar mhaithe le leanúnachas, áfach, cloíodh le cur le chéile na bhfoscálaí sa bhuntaighde.

Sna táblaí thíos, feicfear na céatadáin éagsúla de pháistí Rang a 3 agus Rang 5 a d'aontaigh nó a d'easaontaigh le ráitis éagsúla faoin léitheoireacht. Ar an gceistiúchán, bhí ceithre rogha ag páistí agus sa tábla thíos tá na sonraí do na ceithre rogha éagsúla sin curtha in iúl. Sa phlé, áfach, cuirfear an dá rogha "Ní aontaím leis seo in aon chor" agus "Ní aontaím leis seo" le chéile chun an fhreagairt dhiúltach a thomhas. Leanfar leis an nós céanna don fhreagairt dhearfach agus cuirfear na roghanna "Aontaím leis seo" agus "Aontaím go huile is go hiomlán leis seo" le chéile. Nuair a chuirfear céatadán in iúl, beidh an giorrúchán "R3" in aice le torthaí ó Rang 3, agus beidh an giorrúchán "R5" in aice le torthaí ó Rang 5.

Tabharfar foramharc ar dtús ar na tomhaiseanna iontaofachta de réir Alfa Cronbach, agus ar na staitisticí tuairisciúla[32] do na scálaí ar fad. Pléifear na scálaí aonair agus na torthaí a tháinig astu sna codanna atá ag teacht. Mar is léir ón tábla thíos, bhí leibhéal iontaofacta sásúil i dtrí cinn de na scálaí: *Taitneamh Léitheoireachta*, *Féinchoincheap sa Léitheoireacht*, agus *Dearcadh i leith na Léitheoireachta* agus is féidir na torthaí ó na scálaí sin a chur i gcomparáid.

Mar is léir ó na torthaí don scála *Tacaíocht don Léitheoireacht*, bhí scór Alfa Cronbach íseal go leor sa bhuntaighde, mar a thagann chun cinn sa sampla seo. Níl scór Alfa Cronbach sásúil ann maidir le *Roghanna Léitheoireachta* do Rang 5, agus bhí scór íseal ann sa bhuntaighde. Maidir leis an dá scála seo, déanfar tagairt don mheánscór scála ach cuirfear na torthaí in iúl mar shonraí suirbhé.

Tábla 6: Iontaofachtaí sa Bhuntaighde agus sa Staidéar Seo

	Buntaighde	Staidéar faoi Chaibidil	
Taitneamh Léitheoireachta (10 mír)	**(Sainsbury & Schagen, 2004)**	**R3**	**R5**
	0.85	0.72	0.81
Tacaíocht don Léitheoireacht (9 mír)	**(Sainsbury & Schagen, 2004)**	**R3**	**R5**
	0.65	0.62	0.54
Roghanna Léitheoireachta (4 mhír)	**(Sainsbury & Schagen, 2004)**	**R3**	**R5**
	0.55	0.88	0.57
***Féinchoincheap sa Léitheoireacht (6 mhír)**	**(Caponero, Sestito, Russo, 2016)**	**R3**	**R5**
	0.69	0.77	0.76
Dearcadh i leith léitheoireacht na Gaeilge (10 mír)	**(Harris & Murtagh, 1999)**	**R3**	**R5**
	0.93	0.92	0.93

*Sa bhuntaighde bhí 7 mír sa scála seo

[32] Táimid buíoch den statisticeoir Aidan Clerkin as a chomhairle ar fad maidir leis na tástálacha staitistiúla.

Tábla 7: Foramharc ar na Staitisticí Tuairisciúla

	Rang 3	Rang 5
Taitneamh Léitheoireachta	N = 30 Meán = 2.95 Diall Caighdeánach = .48	N = 31 Meán = 2.71 Diall Caighdeánach = .48
Tacaíocht don Léitheoireacht	N = 30 Meán = 1.76 Diall Caighdeánach = .39	N = 31 Meán = 1.72 Diall Caighdeánach = .38
Roghanna Léitheoireachta (Irisí, Greannáin agus Nuachtáin)	N = 30 Meán = .88 Diall Caighdeánach = .45	N = 31 Meán = 1.1 Diall Caighdeánach = .44
Féinchoincheap sa Léitheoireacht	N = 30 Meán = 2.98 Diall Caighdeánach = .68	N = 31 Meán = 3.02 Diall Caighdeánach = .61
Dearcadh i leith Léitheoireacht na Gaeilge	N = 30 Meán = 2.69 Diall Caighdeánach = .78	N = 31 Meán = 2.73 Diall Caighdeánach = .66

Dearcthaí Ginearálta i leith na Léitheoireachta

Mar chuid de na dearcthaí atá ag na páistí i leith na léitheoireachta, díreofar go háirithe ar an taitneamh a cheanglaíonn siad leis an taithí léitheoireachta, ar an tacaíocht a fhaigheann siad don léitheoireacht sa bhaile, agus na cineálacha leabhar a bhfuil taithí orthu sa bhaile, agus ar an bhféinchoincheap atá acu maidir leis an léitheoireacht. Bunófar an plé ar na foscálaí de réir mar a grúpáladh iad i mbuntaighde Schagen agus Sainsbury (2004). (Is fiú a lua freisin, áfach, gur athraíodh roinnt de na míreanna in dhá fhoscála – *Tacaíocht don Léitheoireacht sa Bhaile* agus *Roghanna Léitheoireachta (Irisí, Greannáin agus Nuachtáin)* - i staidéar eile a rinne na taighdeoirí céanna níos deireanaí ar fhoghrúpa, ag eascairt as anailís fachtóirí a rinne na taighdeoirí.)

Taitneamh Léitheoireachta

Grúpáladh na 9 mír seo (i bhfocail na mbunúdar) toisc gur "a grouping of positive responses to those questions addressing enjoyment of reading, together with negative responses to those expressing negative feelings about reading. Also grouped in this factor is a tendency to read often at home, and positive responses to story reading" (2004: 379). Maidir leis an taitneamh léitheoireachta, rinneadh tástáil Cronbach ar na 9 mír sa scála seo; is é an scór do Rang 3 ná 0.72, agus do Rang 5 ná 0.81, scóir atá bailí, agus mar sin, déanfar anailís orthu mar scála.

Is féidir a fheiceáil ón meánmharc (R3 2.95; R5 2.70), ar scála ó 1 – 4, go mbaineann na daltaí taitneamh as an léitheoireacht i gcoitinne. Má fheachaimid ar na míreanna éagsúla, treisíonn siad an

toradh seo. Is maith le formhór an dá rang (R3 90%; R5 90%) scéalta a léamh agus easaontaíonn formhór an dá rang (R3 93.1%; R5 96.7%) nach bhfuil spéis acu i leabhair. Is maith le tromlach an dá rang (R3 80.0%; R5 76.7%) leabhair a léamh leo féin go ciúin, agus níl ach thart ar leath an dá rang (R3 50.0%; R5 56.7%) a deir gur fearr leo breathnú ar an teilifís ná leabhar a léamh. Easaontaíonn tromlach an dá rang freisin (R3 80.0%; R5 86.2%) nach maith leo léamh sa bhaile agus tá timpeall ar dhá thrian den dá rang (R3 66.7%; R5 60.0%) a deir gur maith leo cuairt a thabhairt ar an leabharlann. Nuair a chuirtear ceist ar an dá ghrúpa faoin taitneamh a bhaineann siad as an léitheoireacht, tá formhór ann sa dá rang (R3 90.0%; R5 93.3%) a deir go bhfuil sí taitneamhach agus ní mheasann ach níos lú ná trian i Rang 3 (R3 30.0%) go bhfuil an léitheoireacht leadránach agus cuireann níos lú ná sin an tuairim chéanna in iúl i Rang 5 (R5 12.0%). Leis na tuairimí dearfacha a léiríonn siad maidir leis an léitheoireacht, ní nach ionadh mar sin cé chomh minic is a bhíonn siad ag léamh. Léann formhór Rang 3 (60.0%) gach lá, ach deir gach páiste (.i. 100%) i Rang 5 go léann siad gach lá.

Tá an chuma ar an scéal mar sin go mbaineann na páistí taitneamh as an léitheoireacht agus go bhfuil fianaise ann go mbíonn siad ag léamh lasmuigh den scoil freisin.

Tacaíocht don Léitheoireacht

Maidir leis an dara scála *Tacaíocht don Léitheoireacht*, féachtar ar mhuinín páistí léamh go neamhspleách nó ar an tacaíocht atá de dhíth orthu. I bhfocail na mbunúdar: “Finding reading difficult is grouped with responses expressing a preference for reading with adult or other support. Two types of reading matter, poems and information books, fall into this factor. This may be the result of their comparative brevity or simplicity in relation to stories, magazines and newspapers” (Schagen agus Sainsbury, 2004: 379).

Ní haon ionadh leis an ardspéis sa léitheoireacht a tháinig amach san fhoscála *Taitneamh Léitheoireachta* go bhfuil fianaise ann go bhfuil na páistí compordach agus muiníneach ag léamh. An scór scála do na 9 mír ná (R3 1.76; R5 1.7) ar scála ó 1 - 4. Ach nuair a rinneadh Alfa Cronbach a ríomh ar na 9 mír, is é an scór do Rang 3 ná 0.62 agus do Rang 5 ná 0.54 agus níl an scór laistigh den ghnáthréimse bailí. Breathnaíodh ar scór Alfa Cronbach dá mbainfí aon mhír den scála ach ní raibh na scóir sin sa ghnáthréimse inghlactha. É sin ráite, bhí Alfa Cronbach íseal (0.65) sa bhuntaighde. Cuirfear na torthaí in iúl mar shonraí suirbhé.

Ní shíleann ach mionlach páistí go bhfuil an léitheoireacht deacair (R3 17.2%; R5 23.3%) agus ní haon ionadh mar sin go mbíonn siad cineál neamhspleách ina gcuid léitheoireachta. Ní deir ach 26.6% de pháistí gur maith leo leabhair a léamh le cabhair ó dhuine fásta agus tá níos lú díobh ann a

aontaíonn leis an ráiteas seo i Rang 5 (16.6%). Ní chuireann ach mionlach sa dá rang (R3 13.4%; R5 10.3%) in iúl go n-éisteann duine fásta leo ag léamh ná go léann daoine eile leo sa bhaile (R3 13.3%; R5 24.1%).

Tá seans ann go léiríonn an ráta íseal tacaíochta don léitheoireacht sa bhaile, go hindíreach, an mhuinín atá ag an dream seo sa léitheoireacht. Léiríonn taighde eile (mar shampla, Eivers et al., 2010) go mbíonn níos mó ionchuir ag tuismitheoirí nuair a léiríonn a bpáistí deacrachtaí. Is cosúil gur léitheoirí cumasacha i gcoitinne iad na páistí seo. Tagann sé seo leis na torthaí eile ó pháistí i scoileanna lán-Ghaeilge agus sna rátaí arda litearthachta a léiríonn siad (Gilleece, 2012).

Roghanna Léitheoireachta (Greannáin, Irisí agus Nuachtáin)

An foscála deireanach ó scála Sainsbury agus Schagen (2004) ná *Roghanna Léitheoireachta*. Is éard ata i gceist leis seo de réir an bhuntaighde ná scála a "identifies a preference for non-book reading matter, grouping together newspapers, comics and magazines". Rinneadh tástáil Cronbach ar na 4 mhír sa scála seo; is é an scór do Rang 3 ná (R3 = 0.58) agus do Rang 5 (R5 = 0.57) agus níl an scór laistigh den ghnáthréimse bailí. Breathnaíodh ar scór Alfa Cronbach dá mbainfí aon mhír den scála ach ní raibh na scóir sin sa ghnáthréimse inghlactha. É sin ráite, bhí Alfa Cronbach íseal (0.55) sa bhuntaighde. Cuirfear na torthaí in iúl mar shonraí suirbhé.

D'iarr an cheist seo ar na páistí a gcleachtais léitheoireachta sa bhaile a chur in iúl. Léann beagnach trian de Rang 3 (R3 30.0%) agus os cionn leath de Rang 5 (53.3%) greannáin agus greannáin. Léann níos lú sa dá rang dánta (R3 20.0%; R5 20.0%). Léann 40.0% de Rang 3 agus 63.3% de Rang 5 leabhair eolais. Maidir le hirisí, léann 33.3% de Rang 3 agus 56.7% de Rang 5 iad, agus i gcás nuachtán léann 20.0% de Rang 3 agus 56.7% de Rang 5 iad.

Is léir go bhfuil taithí áirithe ag an dá rang ar na foirmeacha neamhthraidisiúnta neamhfhoirmiúla seo den léitheoireacht. Cuireadh isteach dhá mhír bhreise maidir le cineálacha éagsúla léitheoireachta sa bhaile – ag léamh go leictreonach. Léigh líon an-bheag páistí scéalta ar líne sa bhaile (R3 6.7%; R5 20.0%), ach is líon níos airde páistí a léigh ábhar ar an bhfón póca (R3 23.3%; R5 33.3%).

Seans go léiríonn sé seo go bhfuil níos mó taithí ag Rang 3 ar an gcoincheap traidisiúnta de leabhar. Feicimid freisin go bhfuil níos mó taithí ag páistí Rang 5 ar théacsanna léitheoireachta níos leithne toisc go bhfuil cumas níos láidre acu agus tá siad níos neamhspleáiche ina gcuid léitheoireachta. Is féidir na roghanna seo a nascadh leis na sonraí a fuarthas i gCuid a 4 maidir le seánraí a thaitníonn nó nach dtaitníonn leis na páistí chun pictiúr níos iomláine a fháil.

Tábla 8: Dearcadh Ginearálta i leith na Léitheoireachta

	Rang 3				Rang 5			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo
1. Is maith liom scéalta a léamh.	6.9	0	33.3	56.7	3.3	6.7	20.0	70.0
2. Níl spéis agam i leabhair.	72.4	20.7	6.9	0	76.7	20.0	3.3	0
3. Is maith liom greannáin nó irisí a léamh.	17.9	28.6	25.0	28.6	16.7	20.0	36.7	26.7
4. Is maith liom dánta a léamh.	16.7	16.7	53.3	13.3	23.3	46.7	30.0	0
5. Sílim go bhfuil an léitheoireacht deacair.	52.1	20.7	17.2	0	46.7	30.0	20.0	3.3
6. Is maith liom léamh go ciúin liom féin.	10.0	10.0	40.0	40.0	13.3	10.0	36.7	40.0
7. Is fearr liom breathnú ar an teilifís ná leabhair a léamh.	23.3	26.7	33.3	16.7	13.3	30.0	40.0	16.7
8. Ní maith liom léamh sa bhaile.	73.3	6.7	13.3	6.7	62.1	24.1	10.3	3.4
9. Is maith liom dul chuig an leabharlann.	10.0	23.3	40.0	26.7	10.0	30.0	46.7	13.3
10. Is maith liom leabhair eolais a léamh.	16.7	20.0	40.0	23.3	13.3	30.0	30.0	26.7
11. Is maith liom scéalta a léamh nuair atá duine fásta ag cabhrú liom.	50.0	23.3	23.3	3.3	43.3	40.0	13.3	3.3
12. Bainim taitneamh as an léitheoireacht	0	10.0	23.3	66.7	3.3	3.3	20.0	73.3
13. Sílim go bhfuil an léitheoireacht leadránach.	46.7	23.3	23.3	6.7	50.0	40.0	6.7	3.3
15. Léann duine fásta liom sa bhaile	58.6	31.0	10.3	0	69.0	13.8	13.8	3.4
16. Éisteann duine fásta liom sa bhaile agus mé ag léamh.	66.7	20.0	6.7	6.7	62.1	27.6	3.4	6.9
17. Léann daoine eile sa bhaile liom.	70.0	16.7	10.0	3.3	55.2	20.7	10.3	13.8
27. An léann tú na leabhair seo a leanas sa bhaile?								
(a) Leabhair scéalta	83.3				93.3			
(b) Greannáin	30.0				53.3			
(c) Irisí	33.3				56.7			
(d) Nuachtáin	20.0				56.7			
(e) Leabhair Eolais	40.0				63.3			
(f) Dánta	20.0				20.0			
(g) Scéalta ar líne	6.7				20.0			
(h) Ábhar ar an bhfón póca	23.3				33.3			
18. Cé chomh minic is a bhíonn tusa ag léamh?								
"Léim …								
gach lá	60.0				100.0			
uair sa tseachtain	10.0				0			
3 huaire sa tseachtain	16.7				0			
uair sa choicís	3.3				0			
uair sa mhí	10.0				0			

Féinchoinceap sa Léitheoireacht

Léiríonn an scála seo cé chomh muiníneach is atá na páistí ag léamh. Rinneadh tástáil Cronbach ar na 8 mír sa scála seo; is é an scór do Rang 3 ná 0.79 agus do Rang 5 ná 0.60. Níl an scór do Rang 5 laistigh den ghnáthréimse bailí. Baineann míreanna 24 agus 25 den cheistiúchán le tuairimí maidir le tionchar inscne ar chúrsaí léitheoireachta. Dá mbainfí an dá mhír seo den scála, tá 6 mhír fágtha agus pléann siad go díreach le muinín sa léitheoireacht. Mar sin, rinneadh Alfa Cronbach a ríomh don fhoscála seo agus tá an dá scór laistigh de réimse bailí (R3 = 0.77; R5 = 0.76). Tá meánscór scála ard ag an dá rang (R3 = 2.97; R5 3.05) ar scála 1 - 4, agus léiríonn sé seo muinín as a gcuid inniúlachta sa léitheoireacht.

Bhain an scála seo le léitheoireacht i gcoitinne, ach freisin, bhí cúpla mír a bhain le léitheoireacht na Gaeilge. Cosúil leis na sonraí ón scála *Tacaíocht don Léitheoireacht*, is cosúil gur léitheoirí neamhspleácha iad na páistí a roghnaíonn an léitheoireacht as a stuaim féin. Ní aontaíonn ach mionlach díobh (R3 20.0%; R5 10.3%) nach léann siad ach má bhíonn iallach orthu. Is maith le leath na ndaltaí i Rang 3 (50.0%) ach níos mó i Rang 5 (80.0%) labhairt le daoine eile faoi leabhair. Bheadh áthas ar fhormhór na bpáistí leabhar a fháil mar bhronntanas (R3 73.3%; R5 80.0%) agus deir an tromlach díobh (R3 93.4%; R5 96.6%) go bhfuil go leor leabhar acu sa bhaile. (Faightear sonraí níos beaichte ar líon na leabhar sa bhaile sa chuid a bhaineann le cleachtais léitheoireachta i gCuid 3 den cheistiúchán). Deir níos lú paistí, áfach, go bhfuil leabhair Ghaeilge acu nach leabhair scoile iad (R3 60.0%; R5 46.6%). Maidir le cúrsaí inscne, síleann os cionn trí cheathrú (R3 76.7%; R5 82.8%) de na páistí go mbaineann cailíní agus buachaillí an taitneamh céanna as an léitheoireacht ach níl aontú ann maidir le cailíní a bheith níos fearr ná buachaillí ag léamh i measc pháistí Rang 3; aontaíonn agus easaontaíonn an méid céanna leis an ráiteas (50.0%). I Rang 5, áfach, tá mionlach páistí (30.0%) a aontaíonn leis seo.

Taispeánann an foscála seo go bhfuil tuairimí dearfacha ag na páistí i leith na léitheoireachta. Tá luathchomharthaí ann go mbeidh spéis acu labhairt faoi ábhar léitheoireachta sa chlub léitheoireachta. Tá fianaise áirithe ann go gceapann siad go n-imríonn inscne tionchar ar an rath a bheidh orthu ag léamh ach fós féin síleann siad go mbaineann cailíní agus buachaillí araon an taitneamh céanna as an léitheoireacht. Tá sé seo tábhachtach agus an bhéim ar léitheoireacht mar chaitheamh aimsire seachas inniúlacht léitheoireachta á hiniúchadh.

Léiríonn na sonraí ó na ceithre fhoscála – *Taitneamh Léitheoireachta*, *Tacaíocht don Léitheoireacht sa Bhaile*, *Roghanna Léitheoireachta (greannáin, nuachtáin, irisí)*, agus *Féinchoincheap sa Léitheoireacht*, go bhfuil dearcadh dearfach ag an dá rang maidir le cúrsaí

léitheoireachta, agus cé nach dtuairiscíonn na páistí go bhfuil mórán tacaíochta acu sa bhaile don léitheoireacht, tá siad muiníneach ag léamh ina n-aonar. I dteannta leis na buanna seo, léann siad go rialta, tá siad sásta labhairt le daoine eile faoi leabhair agus faoin taithí acu ar théacsanna léitheoireachta nach leabhair thraidisiúnta iad, rudaí a bheidh cabhrach don chlub léitheoireachta.

Tábla 9: Féinchoincheap sa Léitheoireacht

	Rang 3				Rang 5			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo
18. Ní léim ach má bhíonn iallach orm.	73.3	6.7	16.7	3.3	58.6	31.0	3.4	6.9
19. Is maith liom labhairt le daoine faoi leabhair.	33.3	16.7	26.7	23.3	13.3	6.7	46.7	33.3
20. Bheadh áthas orm leabhar a fháil mar bhronntanas.	16.7	10.0	30.0	43.3	3.3	6.7	46.7	33.3
21. Is maith liom léamh as Gaeilge.	16.7	23.3	46.7	13.3	30.0	20.0	43.3	6.7
22. Tá go leor leabhar agam sa bhaile.	0	6.7	16.7	76.7	3.3	0	13.3	83.3
23. Tá roinnt leabhair Ghaeilge agam sa bhaile nach leabhair scoile iad.	23.3	16.7	26.7	33.3	30.0	23.3	33.3	13.3
24. Baineann cailíní agus buachaillí an taitneamh céanna as an léitheoireacht.	6.7	16.7	26.7	50.0	3.4	13.8	34.5	48.3
25. Tá formhór cailíní níos fearr ag léamh ná formhór buachaillí.	33.3	16.7	10.0	40.0	40.0	30.0	10.0	20.0

Dearcadh i leith Léitheoireacht na Gaeilge

Cé gur bhain cúpla mír le léitheoireacht na Gaeilge sa chuid den cheistiúchán ar an scála *Féinchoincheap sa Léitheoireacht*, d'fhéach Cuid 2 den cheistiúchán le tuairimí i leith léitheoireacht na Gaeilge amháin a iniúchadh. Bhí soiléiriú sna treoracha ar bharr an choda ag leagan béime ar chomhthéacs na Gaeilge amháin. Bunaíodh an t-ábhar ar an *Attitudes and Motivation Test Battery*, go bunúsach an chuid a bhaineann le dearcthaí i leith foghlaim teanga. Bhí scór Alfa Cronbach inghlactha don dá rang (R3 0.92; R5 0.93) agus mar sin, pléifear na sonraí mar scála. I dtaighde eile, amhail Harris et al. (2006) agus Dunne (2015), rinneadh an scála a leasú le freastal ar an bhfeiniméan nua faoi scrúdú. Cuirtear na sonraí maidir le spéis sa chultúr Gaelach san áireamh anseo freisin le féachaint ar an tsuim i gcoitinne atá ag na páistí i ngnéithe liteartha agus cultúrtha.

Rinneadh scór scála agus fuarthas amach go bhfuil dearcadh dearfach ag daltaí na ranganna seo i leith léitheoireacht na Gaeilge (R3 2.94; R5 2.7) ar scála 1 – 4, mar a bheifí ag súil leis ó pháistí sa chóras tumoideachais. Feicimid mar sin go raibh dearcadh níos dearfaí acu ó bhonn i gcomparáid le páistí a ghlac páirt i dtuilte leabhar roimhe seo in Éirinn (mar shampla, Hickey, 1991). Tugann na

míreanna éagsúla léargas an-mhaith ar an infheistíocht atá déanta ag na páistí sa teanga agus i léitheoireacht na Gaeilge. Ní cheapann ach mionlach (R3 26.6%; R5 28.5%) gur cur amú ama í léitheoireacht na Gaeilge, nó go stopfaidh siad ag léamh nuair a fhágfaidh siad an scoil (R3 23.4%; R5 24.1%). É sin ráite, deir aon chúigiú de Rang 3 (20.0%) agus beagnach aon trian de Rang 5 (31.0%) gur fuath leo léitheoireacht na Gaeilge, agus deir líon substaintiúil páistí gurbh fhearr leo am a chaitheamh ar ábhair eile (R3 46.7%; R5 72.4%), agus go bhfuil léitheoireacht na Gaeilge leadránach (R3 30.0%; R5 41.3%). Ar nóta dearfach, léiríonn líon ard páistí go mbaineann siad taitneamh as a bheith ag léamh as Gaeilge (R3 66.6%; R5 50.0%) agus deir líon ard díobh freisin go bhfuil léitheoireacht na Gaeilge thar barr (R3 66.6%; R5 43.3%). Léiríonn céatadáin arda páistí arís (R3 63.3%; R5 50.0%) gur breá leo léamh as Gaeilge agus cuireann 44.8% de Rang 3 agus 20.0% de Rang 5 in iúl go léifidh siad an oiread leabhair Ghaeilge agus is féidir. Tá an-mheas acu ar léitheoireacht na Gaeilge mar chuid den chlár scoile agus síleann an tromlach (R3 96.6%; R5 93.3%) gur cuid thábhachtach de chlár na scoile í an Ghaeilge. Cuireadh isteach mír bhreise maidir le féinéifeachtacht agus creideann 80.0% de Rang 3 agus 66.7% de Rang 5 go bhfuil siad "go maith" ag léamh as Gaeilge.

Tábla 10: Dearcadh i leith Léitheoireacht na Gaeilge

	Rang 3				Rang 5			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo
1. Is cur amú ama í léitheoireacht na Gaeilge.	50.0	23.3	13.3	13.3	25.0	46.4	21.4	7.1
2. Nuair a fhágaim an scoil, ní léifidh mé as Gaeilge a thuilleadh.	53.3	23.3	16.7	6.7	41.4	34.5	13.8	10.3
3. Bainim an-taitneamh as léamh as Gaeilge.	13.3	20.0	33.3	33.3	13.3	36.7	30.0	20.0
4. Is breá liom léamh as Gaeilge.	13.3	23.3	33.3	30.0	20.0	30.0	40.0	10.0
5. Is cuid thábhachtach den chlár scoile í léitheoireacht na Gaeilge.	3.3	0	23.3	73.3	3.3	3.3	50.0	43.3
6. Tá léitheoireacht na Gaeilge thar barr.	13.3	20.0	43.3	23.3	16.7	40.0	33.3	10.0
7. Is fuath liom léamh as Gaeilge.	53.3	26.7	3.3	16.7	24.1	44.8	13.8	17.2
8. B'fhearr liom m'am a chaitheamh ar ábhair eile seachas ar léitheoireacht na Gaeilge.	20.0	33.3	26.7	20.0	10.3	17.2	55.2	17.2
9. Sílim go bhfuil léitheoireacht na Gaeilge leadránach.	33.3	36.7	13.3	16.7	24.1	34.5	31.0	10.3
10. Léifidh mé an oiread leabhair Ghaeilge agus is féidir.	17.2	37.9	20.7	24.1	23.3	56.7	20.0	0
11. Tá mé go maith ag léamh as Gaeilge.	10.0	10.0	50.0	30.0	16.7	16.7	46.7	20.0

Ar an iomlán, tá dea-thoil agus muinín léirithe ag na páistí i leith léitheoireacht na Gaeilge ach ní hionann sin agus léamh go rialta sa Ghaeilge mar gheall ar na deacrachtaí a luadh cheana, ina measc, feasacht ar leabhair Ghaeilge. Chomh maith leis sin, feicimid titim áirithe sa dearcadh dearfach faoin am a shroicheann na páistí Rang 5 ach níl an titim seo suntasach ó thaobh staitistice de.

Spéis sa Chultúr Gaelach

Déantar trácht ar an ngaol idir an spéis léitheoireachta sa chéad teanga agus an spéis léitheoireachta i dteanga bhreise. Maidir le cás na Gaeilge, tá seans ann go mbeidh toscaí eile a imreoidh tionchar ar spéis na bpáistí i léitheoireacht na Gaeilge. B'fhéidir gur cuid den spéis ghinearálta sa chultúr Gaelach í an spéis i léitheoireacht na Gaeilge. Mar sin, cuireadh ceisteanna ar na páistí faoi cé chomh minic is a bhreathnaíonn siad ar TG4, a imríonn siad cluichí Gaelacha, a éisteann siad le ceol Gaelach, agus a sheinneann siad ceol traidisiúnta. Rinneadh an scór scála a ríomh ar na 4 mhír sin, ach ní raibh an scór Alfa Cronbach laistigh de réimse inghlactha, fiú dá mbainfí mír. Mar sin pléifear iad mar shonraí suirbhé.

Léiríonn na gnéithe cultúrtha eile seo, an teagmháil a bhíonn ag páistí leis an nGaeilge, rud a chabhródh, b'fhéidir, leis an gcumas Gaeilge. Is cosúil go bhfuil spéis ag na páistí sa chultúr Gaelach agus bheifeá ag súil leis seo toisc gurb é éiteas na scoile é an córas tumoideachais. Is iad na cluichí Gaelacha an ghné is mó a thaitníonn leis na páistí (R3 76.7%; R5 76.7%), ansin ceol traidisiúnta (R3 40.0%; R5 33.3%), éisteacht le ceol as Gaeilge (R3 26.7%; R5 30.0%), agus is í an ghné is lú a thaitníonn leis na páistí ná breathnú ar TG4 (R3 16.7%; R5 6.7%).

Is léir, mar sin, go bhfuil spéis ag na páistí sa chultúr Gaelach, ach sna foirmeacha a thaitníonn leo, ní gá go bhfuil mórán teagmhála acu leis an nGaeilge.

Tábla 11. Spéis sa Chultúr Gaelach

Tá spéis agam…		
	Rang 3	**Rang 5**
Féachaint ar TG4	16.7	6.7
Éisteacht le ceol as Gaeilge	26.7	30.0
Cluichí Gaelacha a imirt	76.7	76.7
Ceol traidisiúnta a sheinm	40	33.3

Difríochtaí idir Cailíní agus Buachaillí

Léiríonn na tástálacha Anova go bhfuil tionchar áirithe ag cúrsaí inscne ar an dearcadh ginearálta i leith na léitheoireachta. Maidir le Rang 3, is é an meanscór don scála *Taitneamh Léitheoireachta* atá

ag cailíní ná 3.13 agus do bhuachaillí ná 2.79. Maidir le Rang 5, is é an meanscór don scála *Taitneamh Léitheoireachta* atá ag cailíní ná 2.90 agus do bhuachaillí ná 2.56. Mar sin, cé go bhfuil buachaillí dearfach i gcoitinne, baineann cailíní i Rang a 3 agus i Rang 5 níos mó taitnimh as an léitheoireacht (R3 F = 4.26, p = 0.49, eta = 13.6%) (R5 F= 6.22, p = 0.02, eta = 18.7%). Chomh maith leis sin, de réir an scála *Féinchoincheap sa Léitheoireacht*, tá cailíní i Rang 3 níos muiníní (F = 10.84, p = 0.003, eta = 19.2%). Maidir le Rang 3, is é an meanscór don scála *Féinchoincheap sa Léitheoireacht* atá ag cailíní ná 3.36 agus do bhuachaillí ná 2.65. Níl gaol suntasach ó thaobh inscne ann do pháistí Rang 5. Tá sé seo ag teacht leis na torthaí do na Measúnachtaí Náisiúnta ar ghnótháil i scoileanna lán-Ghaeilge, staidéar a léirigh nach mbíonn gaol suntasach idir cúrsaí inscne de réir mar a shroicheann páistí na hardranganna (Gilleece et al., 2011).

I ndifríochtaí idir cailíní agus buachaillí, ní thagann aon ghaol suntasach amach maidir le *Tacaíocht don Léitheoireacht* sa bhaile ná le *Roghanna (irisí, greannáin agus nuachtáin)* a léamh sa bhaile. Tá seans ann go mbaineann sé seo leis na deacrachtaí na seánraí éagsúla a ghrúpáil i scálaí éagsúla nó b'fhéidir go bhfuil cur chuige níos leanúnaí ag tuismitheoirí maidir leis an léitheoireacht agus le nósanna obair bhaile is cuma más cailín nó buachaill atá ann.

Tá tionchar inscne ar dhearcadh i leith léitheoireachta sa chéad teanga, agus tá a leithéid le feiceáil maidir leis an nGaeilge freisin. Tá buachaillí dearfach i gcoitinne ach tá cailíní an-dearfach. Maidir le Rang 3, is é an meanscór don scála *Dearcadh i leith léitheoireacht na Gaeilge* atá ag cailíní ná 3.32 agus ag buachaillí ná 2.65. Tá cailíní i Rang 3 níos dearfaí ná na buachaillí (F = 6.13, p = 0.02, eta = 18.5%), ach níl tionchar suntasach ag cúrsaí inscne ar dhearcthaí Rang 5.

Cúrsaí Aoise

Is léir go bhfuil tionchar ag an aois ar an taitneamh léitheoireachta ag an tús. Tá difríocht shuntasach sa mheánscór do Rang 3 agus do Rang 5 (R3 2.95; R5 2.71) (F = 1.01, p = 0.04). Tagann sé seo le torthaí Sainsbury agus Schagen (2004) a thaispeánann go mbíonn léitheoirí níos óige níos dearfaí faoin taithí léitheoireachta. Níl aon tionchar suntasach ag an aois ar na réimsí eile – *Tacaíocht don Léitheoireacht*, *Roghanna Léitheoireachta (irisí, greannáin agus nuachtáin),* ná *Féinchoincheap sa Léitheoireacht*.

Tá tionchar aoise eile ann, áfach, maidir leis an dearcadh i leith na léitheoireachta sa Ghaeilge agus arís tá páistí i Rang 3 níos dearfaí maidir le léitheoireacht sa teanga bhreise (R3 2.95; R5 2.44) (F = 5.89, p = 0.005).

Tá na sonraí seo a bhaineann le cúrsaí taitnimh agus dearctha tábhachtach agus muid ag caint ar an léitheoireacht mar chaitheamh aimsire agus is léir go bhfuil idirghabhálacha de dhíth ó na léitheoirí níos sine ach go háirithe.

Cleachtais Léitheoireachta

Díríodh isteach ar chúpla gné maidir le cleachtais léitheoireachta. Grúpáladh cúpla mír maidir leis an am is mó a thaitníonn leis na páistí léamh, na suíomhanna a thaitníonn leo, agus fad an leabhair. Ní scálaí foirmiúla iad, agus dá bharr sin, ní dhearnadh scór a ríomh, ach tugann siad blaiseadh dúinn ar nósanna léitheoireachta na bpáistí.

Ar dtús, cuireadh ceisteanna ar na páistí maidir le líon na leabhar Béarla agus Gaeilge a bhí acu sa bhaile le comparáid a dhéanamh idir an taithí a bhíonn acu le leabhair Bhéarla agus leabhair Ghaeilge. Ach cuireadh ceist isteach faoi théacsanna léitheoireachta eile, óir ní hé an leabhar traidisiúnta an t-aon chineál ábhar léitheoireachta; tá cineálacha eile ábhar ar fáil – nuachtáin agus irisí, mar shampla. Is fianaise coincréiteach iad na téacsanna seo ar an dea-thoil i leith na léitheoireachta i measc na bpáistí agus baineadh úsáid as an gceist seo i dtaighde eile a bhain le cleachtas léitheoireachta i gcomhthéacsanna eile.

Rud eile de, cé nár ghá gurb ionann leabhar a bheith sa bhaile agus é a bheith á léamh, nuair a cheannaíonn daoine leabhar Gaeilge tá cinneadh comhfhiosach déanta acu toisc go bhfuil sé níos deacra teacht ar na leabhair sin agus b'fhéidir go léiríonn sin níos mó tiomantais go léifidh siad an leabhar.

Tá an chuma ar an scéal gur maith le níos mó páistí i Rang 5 leabhar substaintiúil ach gur maith le páistí Rang 3 leabhair níos giorra. Is maith le formhór pháistí Rang 5 leabhar ina bhfuil níos mó ná 100 leathanach, ach is maith os cionn dhá thrian de Rang 3 an fad céanna (R3 66.7%; R5 86.7%). Ina theannta sin, is maith le 16.7% de Rang 3 leabhar ina bhfuil idir 26-100 leathanach. Seans go mbaineann an difríocht seo leis an gcumas níos fearr atá ag páistí níos sine, .i. Rang 5, léamh go neamhspleách.

I gceist 22 mar chuid den scála *Féinchoincheap sa Léitheoireacht*, chuir formhór na bpáistí in iúl go raibh a lán leabhar acu sa bhaile, ach ní raibh sé soiléir an leabhair Ghaeilge nó Bhéarla a bhí iontu. Rinneadh an scéal a imscrúdú ar bhealach níos doimhne i gceist 28 "Cé mhéad leabhar atá agat sa bhaile?" ina raibh deis ag páistí an méid leabhar a bhí acu i gcoitinne a thuairisciú. Luaigh formhór an dá rang (R3 93.1%; R5 90.0%) go raibh idir 26 - 100 leabhar Béarla acu sa bhaile ach bhí torthaí eile ann maidir le líon na leabhar Gaeilge. Dúirt mionlach (R3 20.0%; R5 6.7%) go raibh idir 26 - 100 leabhar Gaeilge acu agus dúirt níos mó páistí (R3 26.7%; R5 33.3%) go raibh idir 11 - 25 acu, ach

bhí os cionn leath an dá rang (R3 53.3%; R5 60.0%) a léirigh go raibh níos lú ná 10 leabhar Gaeilge acu sa bhaile. Ní mór a thabhairt chun cuimhne freisin, áfach, gur admhaigh líon ard páistí i gceist 23 mar chuid den scála *Féinchoincheap sa Léitheoireacht* gur le cúrsaí scoile a bhain go leor de na leabhair Ghaeilge atá acu sa bhaile.

Tugann Cuid 3 níos mó eolais ar na cúiseanna a léann páistí. Mar a míníodh níos luaithe, cuireadh roinnt ceisteanna le chéile ar an gceistiúchán toisc an córas céanna freagartha a bheith ann, mar shampla, uimhir ar scála Likert a roghnú. Cuireadh ceisteanna ina raibh córas éagsúil le chéile ar leathanach eile. Baineann na ceisteanna seo a leanas ar an gceistiúchán le Cuid 1: ceisteanna 26 agus 28; Cuid 3: ceisteanna 2, 4, agus 5. Bhí cead ag na páistí cúpla freagra a roghnú sa cheist seo. Tá inspreagadh intreach ag formhór na bpáistí (R3 86.7%; R5 96.7%) agus deir siad go léann siad toisc gur maith leo léamh, agus deir céatadán beag díobh go léann siad toisc gur cuid den obair bhaile é (16.7%) ach tá céatadán níos airde i Rang 5 (60.0%) a aontaíonn leis an ráiteas seo "Léim mar is cuid den obair bhaile í". De réir pháistí Rang 3, níl tionchar ag daoine eile sa bhaile ná a gcairde ar an gcinneadh a dhéanann siad léamh. Léiríonn sé seo go hindíreach go mb'fhéidir go mbíonn siad ag léamh ina n-aonar. Níl iontas ar bith mar sin ag baint leis na torthaí ó na míreanna eile sa chuid seo maidir le cleachtais léitheoireachta. Maidir le páistí Rang 5, áfach, tá níos mó tionchair, dar leo, ag a bpiaraí (16.7%), ag a siblíní (13.3%) agus ag a dtuismitheoirí (16.7%) ar an gcinneadh a dhéanann siad léamh.

Tábla 12: Roghanna Léitheoireachta (Fad an Leabhair agus Líon na Leabhar sa Bhaile)

	Rang 3	Rang 5
26 (a) Is maith liom leabhar atá níos lú ná 10 leathanach	10.0	6.7
26 (b) Is maith liom leabhar ina bhfuil 11 – 25 leathanach	3.3	3.3
26 (c) Is maith liom leabhar ina bhfuil 26 – 100 leathanach	16.7	0
26 (d) Is maith liom leabhar ina bhfuil níos mó ná 100 leathanach	66.7	86.7
28 (a) Tá níos lú ná 10 leabhar Béarla agam sa bhaile	3.4	3.3
28 (b) Tá idir 11 – 25 leabhar Béarla agam sa bhaile	3.4	6.7
28 (c) Tá idir 26 – 100 leabhar Béarla agam sa bhaile	93.1	90.0
28 (d) Tá níos lú ná 10 leabhar Gaeilge agam sa bhaile	53.3	60.0
28 (e) Tá idir 11 – 25 leabhar Gaeilge agam sa bhaile	26.7	33.3
28 (f) Tá idir 26 – 100 leabhar Gaeilge agam sa bhaile	20.0	6.7

Tábla 13: Cúiseanna Léitheoireachta

C2. Léim leabhar mar…	Rang 3	Rang 5
is maith liom an léitheoireacht	86.7	96.7
is cuid den obair bhaile é	16.7	60.0
bíonn mo chairde ag iarraidh léamh	0	16.7
bíonn mo dheirfiúracha agus mo dhearthá ireacha ag iarraidh léamh	0	13.3
bíonn mo thuismitheoirí ag iarraidh léamh	0	16.7

I gceist 4 den chuid seo ar roghanna léitheoireachta, díríodh ar an gcomhluadar léitheoireachta, arís bhí deis ag na páistí cúpla freagra a roghnú. Tá os cionn trian díobh ar maith leo léamh leis an múinteoir (R3 36.7%; R5 33.3%) ach gach seans gur léitheoireacht fhoirmiúil a bheadh ann sa chás seo. Cuireann níos mó ná trí cheathrú díobh in iúl (R3 76.6%; R5 93.3%) gur mian leo léamh ina n-aonar, agus is maith le níos mó ná leath díobh (R3 56.7%; R5 53.3%) léamh lena gcairde, ach tá i bhfad níos lú díobh a léiríonn gur maith leo léamh lena muintir (R3 13.3%; 23.3%). Tá an toradh seo ag teacht leis an toradh a tháinig chun cinn sa scála *Tacaíocht don Léitheoireacht sa Bhaile* nuair nach ndeir ach líon beag gur léigh siad toisc go mbíonn a siblíní nó a dtuismitheoirí ag léamh. Tá tionchar beag, dar leo, ag nósanna léitheoireachta a bpiaraí agus a muintire ar a nósanna léitheoireachta féin.

Léiríonn mionlach substaintiúil díobh gur maith leo léamh go leictreonach, ar an bhfón póca (R3 30.0%; R5 43.3%), ach tá níos lú díobh a thuairiscíonn go bhfuil taithí acu air seo (R3 23.3%; R5 33.3%). Tagann neamhréir amach freisin maidir leis an líon páistí ar mhaith leo bheith ar líne (R3 43.3%; R5 43.3%) agus an líon díobh a bhfuil taithí acu air seo (R3 76.0%; R5 20.0%). Treisíonn na torthaí seo an difríocht idir spéis a bheith ag páistí i seánra amháin agus taithí a bheith acu air. Cuirfear na sonraí seo leis na freagraí do chuid 4 maidir le seánraí éagsúla ar ball.

Tá amanna agus suíomhanna faoi leith a thaitníonn leis na páistí agus iad ag léamh. An suíomh is fearr leo ná léamh sa leaba (R3 96.7%; R5 96.7%), agus ina dhiaidh sin léamh ar scoil (R3 76.7%; R5 90.0%). Is maith le níos mó ná leath díobh léamh ar maidin (R3 53.3%; 56.7%), agus is maith le céatadán ard freisn léamh sa charr (R3 36.7%; R5 53.3%). Níl an spéis chéanna acu a bheith ag léamh sa chlós (R3 16.7%; R5 3.3%), ná ag an stad an bhus (R3 10.0%; R5 0.0%). Tá seans ann go bhfuil suíomhanna eile a thaitníonn le páistí ach ní raibh deis acu iad a chur in iúl.

Tábla 14: Roghanna Léitheoireachta (Suíomh agus Am)

	Rang 3	Rang 5
D4. Is maith liom léamh…		
Liom féin	76.6	93.3
Le mo chairde	56.7	53.3
Le mo mhuintir	13.3	23.3
Ar líne	43.3	43.3
Ar an bhfón póca	30.0	43.3
Leis an múinteoir	36.7	33.3
D5. *Is maith liom léamh…*		
Ar maidin	53.3	56.7
Ar scoil	76.7	90.0
Sa chlós	16.7	3.3
Ag an stad an bhus	10.0	0
Sa charr	36.7	53.3
Sa leaba	96.7	96.7

Nuair a iarradh ar na páistí cad iad na leabhair Bhéarla agus Ghaeilge a bhí léite acu le déanaí, ar an meán, bhí níos mó leabhar comhaimseartha léite acu sa Bhéarla, mar shampla, *Diary of a Wimpy Kid* le Jeff Kenny, ach sa Ghaeilge bhí siad ag léamh leabhar a bhí níos sine, mar shampla, scéalta sí, agus an-dochúlacht ann gur ar scoil a léigh siad iad toisc go raibh siad léite ag an rang ar fad.

Léiríonn na torthaí ón gcuid seo den cheistiúchán a laghad leabhair Ghaeilge is atá ag páistí sa bhaile. Is fianaise é seo, b'fhéidir, ar easpa feasachta ar na leabhair Ghaeilge atá ar fáil. Chomh maith leis sin, tugann sé le fios go mb'fhéidir go bhfuil bearna sa mhargadh ó thaobh seánraí de agus gurbh fhéidir freastal níos fearr a dhéanamh ar léitheoirí Gaeilge san aoisghrúpa seo. Ar aon chuma, treisíonn na torthaí seo ar nósanna léitheoireacht na Gaeilge a ceangal le cúrsaí scoile amháin.

Cé go bhfuil inspreagadh intreach don léitheoireacht léirithe ag an dá rang, ní fhaigheann siad mórán inspreagtha ó dhaoine eile léitheoireacht a dhéanamh agus tá seans ann go bhfuil níos mó gá le rólmhúnlaí. Tá seans ann nach raibh mórán taithí ag na páistí ar léitheoireacht a dhéanamh le chéile go dtí seo mar gur roghnaigh an formhór léamh ina n-aonar. Na suíomhanna is fearr leo ná léamh ina n-aonar sa leaba nó i suíomh foirmiúil na scoile. Is cosúil nach caitheamh aimsire sóisialta atá ann ina n-aigne mar nach mbíonn siad ag léamh le cairde ná lena muintir minic go leor nó ní spreagann daoine eile ina saol iad le léamh. Ach léiríonn siad spéis i labhairt faoi leabhair le daoine eile (feic mír 19 sa scála *Féinchoinceap sa Léitheoireacht*) agus b'fhéidir go bhfuil níos mó deiseanna de dhíth orthu a bheith páirteach i bpobal léitheoireachta.

Roghanna Léitheoireachta (Seánraí)

Bhí fiúntas ar leith ag baint leis na ceisteanna a bhain leis na seánraí a thaitníonn leis na páistí mar nach bhfuil mórán sonraí impiriciúla ann go dtí seo air sin (Ní Chuilleanáin, 2014: 179).

Na seánraí is mó a thaitníonn le Rang 3 ná treoracha do chluichí cláir (63.3%), ficsean eolaíochta (60.0%), scéalta neamhfhicsin (60.0%), sraithscéalta (60%), greannáin (50%), scéalta bleachtaireachta (46.7%), leabhair chócaireachta (46.7%), ríomhleabhair (43.3%), scéalta dátheangacha (30.0%), liricí ceoil (26.7%), béaloideas na hÉireann (26.7%), drámaí (26.7%), úrscéalta grafach (23.3%), gearrscéalta (13.3%), filíocht (13.3%), agus pictiúrleabhair (13.3%).

Tá na roghanna seo spéisiúil mar léiríonn siad ar dtús an spéis i seánraí neamhfhoirmiúla, mar shampla, sleachta gearra i dtreoracha do chluichí cláir agus greannáin. Tá neamhréir mar sin idir a gcuid spéiseanna agus a dtaithí. Níl ach timpeall aon cheathrú díobh (R3 26.7%) a dtaitníonn scéalta faoi bhéaloideas na hÉireann leo, ach mar atá aitheanta cheana féin, ba théama an-choitianta é, agus is téama an-choitianta é fós, an béaloideas i litríocht Ghaeilge na n-óg. In amanna eile, feicimid go bhfuil spéis ag na páistí i seánra faoi leith ach nach bhfuil mórán ábhar Gaeilge ar fáil dóibh, mar shampla ríomhleabhair agus leabhair chócaireachta.

Mar a bheifeá ag súil leis, chuir Rang 5 tuairimí eile in iúl maidir le seánraí a thaitníonn nó nach dtaitníonn leo agus bhain roinnt de na cinnidh seo le haoisoiriúnacht an chineáil leabhair, dar leo. Na seánraí is fearr leo ná sraithscéalta (83.3%), greannáin (73.3%), gearrscéalta (73.3%), ficsean eolaíochta (70.0%), leabhair chócaireachta (56.7%), ríomhleabhar (43.3%), scéalta bleachtaireachta (40.0%), scéalta neamhfhicsin (40.0%), cluichí cláir (36.7%), drámaí (36.7%), pictiúrleabhair (36.7%), úrscéalta grafacha (33.3%), liricí ceoil (20.0%), scéalta dátheangacha (20.0%), béaloideas (20.0%). Tugann na torthaí seo le fios go bhfuil spéis ag na páistí i réimse leathan ábhair ach ní hionann sin agus an taithí léitheoireachta a bheith acu. Maille leis seo, tá bearnaí ann i margadh litríocht na n-óg ar fiú aird a dhíriú orthu chun freastal ar a riachtanais léitheoireachta na léitheoirí níos sine.

Anuas air sin, iarradh ar na daltaí na seánraí nach dtaitníonn leo a lua. Ní maith lena lán díobh gearrscéalta (R3 73.3%; R5 60.0%) ná béaloideas na hÉireann (R3 63.3%; 46.7%), téama fíorchoitianta i litríocht na n-óg. Cuireann céatadán ard in iúl nach dtaitníonn úrscéalta grafacha leo (R3 66.7%; R5 40.0%) ach na húrscéalta grafacha atá ar fáil, tá siad dírithe ar léitheoirí níos sine agus tá seans ann nach bhfuil cur amach ag páistí bunscoile ar a leithéid. Deir níos mó ná leath de na páistí (R3 63.3% R5 53.3%) nach dtaitníonn filíocht leo, agus tá sé sin spéisiúil toisc gur minic a bhíonn an seánra seo mar chuid de churaclam na Gaeilge, ach tá an dearcadh seo ag teacht leis an líon íseal páistí a léirigh go léann siad dánta sa bhaile. Ní maith le os cionn leath den dá rang, scéal dátheangach (R3 56.7%; R5 50.0%), agus ní maith le céatadán ard pictiúrleabhair (R3 53.3%; R5

33.3%), ríomhleabhair (R3 53.3%; R5 23.3%), leabhair chócaireachta (R3 46.7%; R5 30.0%), cluichí cláir (R3 40.0%; R5 50.0%), drámaí (R3 43.3%; R5 46.7%), scéalta bleachtaireachta (R3 40.0%; R5 23.3%), greannáin (R3 36.7%; R5 20.0%), scéalta neamhfhicsin (R3 33.3%; R5 41.4%), ficsean eolaíochta (R3 30.0%; 16.7%), ná sraithscéalta (R3 30.0%; R5 6.7%).

Tábla 15: Roghanna Léitheoireachta (Seánraí)

10. Is maith liom na cineálacha seo leabhar:	**Rang 3**		**Rang 5**
Cluichí cláir	63.3	Sraithscéalta	83.3
Ficsean eolaíochta	60.0	Greannáin	73.3
Scéal neamhfhicsin	60.0	Gearrscéalta	73.3
Sraithscéal	60.0	Ficsean eolaíochta	70.0
Greannáin	50.0	Leabhair chócaireachta	56.7
Scéal bleachtaireachta	46.7	Scéal dátheangach	50.0
Leabhar cócaireachta	46.7	Ríomhleabhar	43.3
Ríomhleabhar	43.3	Scéalta bleachtaireachta	40.0
Scéal dátheangach	30.0	Scéalta neamhfhicsin	40.0
Béaloideas na hÉireann	26.7	Cluichí cláir	36.7
Drámaí	26.7	Drámaí	36.7
Liricí ceoil	26.7	Pictiúrleabhair	36.7
Úrscéal grafach	23.3	Úrscéalta grafacha	33.3
Gearrscéalta	20.0	Liricí ceoil	20.0
Filíocht	13.3	Scéalta dátheangacha	20.0
Pictiúrleabhair	13.3	Béaloideas	20.0
11. Ní maith liom na cineálacha seo leabhar:			
Gearrscéalta	73.3	Gearrscéalta	60.0
Úrscéal grafach	66.7	Líricí ceoil	56.7
Béaloideas na hÉireann	63.3	Filíocht	53.3
Filíocht	63.3	Cluichí cláir	50.0
Líricí ceoil	60.0	Scéalta dátheangacha	50.0
Scéal dátheangach	56.7	Béaloideas na hÉireann	46.7
Pictiúrleabhar	53.3	Drámaí	46.7
Ríomhleabhar	53.3	Scéal neamhfhicsin	41.4
Leabhar cócaireachta	46.7	Úrscéal grafach	40.0
Drámaí	43.3	Pictiúrleabhar	33.3
Cluiche cláir	40.0	Leabhar cócaireachta	30.0
Scéal bleachtaireachta	40.0	Ríomhleabhar	23.3
Greannáin	36.7	Scéal bleachtaireachta	23.3
Scéal neamhfhicsin	33.3	Greannáin	20.0
Ficsean eolaíochta	30.0	Ficsean eolaíochta	16.7
Sraithscéal	30.0	Sraithscéal	6.7

Taispeánann na torthaí seo go bhfuil tuairimí láidre forbartha ag na páistí maidir le litríocht na n-óg, agus sin an tábhacht a bhaineann le haischothú a fháil ó na léitheoirí féin. Maidir leis na torthaí ó Rang 3, is minic a bhíonn gaol idir na freagraí do na seánraí a thaitníonn leo agus nach dtaitníonn leo. Is é sin, má thaitníonn seánra le céatadán áirithe i gceist 10, roghnaíonn an fuílleach nach dtaitníonn sé leo i gceist 11 (mar shampla, is maith le 43.3% i Rang 3 ríomhleabhair, agus ní maith le 53.3% iad). Tá tuairimí Rang 5 beagán níos casta. Ní bhíonn gaol soiléir idir céatadáin na bpáistí a roghnaíonn go dtaitníonn seánra leo leis an gcéatadán a roghnaíonn nach dtaitníonn sé leo i

gceist 11 (cuir i gcás pictiúrleabhar – is maith le 36.7% díobh iad, agus ní maith le 33.3% díobh iad; is maith le 33.3% díobh úrscéalta grafacha agus ní maith le 40.0% díobh iad). D'fhéadfaí smaoineamh ar na freagraí seo mar thuairimí défhiúsacha nó go bhfuil roinnt páistí idir dhá chomhairle faoin seánra. Ní gá gur míbhuntáiste í an easpa cinnteachta seo maidir le roghnú ábhar léitheoireachta mar feicimid go bhfuil na páistí ag éirí níos solúbtha maidir le cineálacha éagsúla ábhar agus go bhfuil siad níos oscailte d'ábhar digiteach, cuir i gcás. Ciallaíonn sé go bhfuil níos mó deiseanna de dhíth ó na páistí níos óige freisin tuairimí eolacha a fhorbairt maidir le caighdeán leabhair faoi leith.

Freagraí oscailte

Tugadh deis do na páistí a dtuairimí a nochtadh maidir leis na seánraí a thaitníonn leo agus an chúis leis an rogha sin. Ba cheist bhreise oscailte a bhí ann, ach as Rang 3, thug 94.0% freagra agus i Rang 5, thug 100% freagra don chuid seo. (Tá na tuairimí ar fad do na ceisteanna oscailte ar fáil in Aguisín E).

Na fáthanna is mó a thaitníonn seánra amháin leis na páistí thar sheánra eile ná go bhfuil sé "spreagúil" nó "greannmhar" nó "suimiúil", nó go dtaitníonn sé leo. Léiríonn na freagraí loma nach bpléitear an litríocht mórán leis na páistí. In amanna luaigh na páistí seánra faoi leith. Feicimid ó na céatadáin i gCeist 11 go dtaitníonn leabhair chócaireachta le beagnach leath de Rang 3. Luann 20% de na daltaí i Rang 3 agus 30% díobh i Rang 5 leabhair chócaireachta sa cheist oscailte ag déanamh tagartha do na hoidis a fhaigheann siad iontu agus an spéis atá acu sa chócaireacht. Sa dá rang luann 20% díobh greannáin mar gheall ar an ngreann iontu, agus i Rang 5 deir siad go bhfuil greannáin "éasca" freisin. I Rang 5 léiríonn 20% díobh spéis i sraithscéalta mar gheall ar an leanúnachas sna carachtair. Tá na tuairimí seo ag teacht leis na moltaí a rinne de Brún (2007) agus Hickey (2001) maidir le cineálacha éagsúla seánraí a chur ar fáil, go háirithe cinn ghearra chun léitheoirí nua nó drogallacha a mhealladh.

Tagann corrthuairim eile chun cinn. Mar shampla, i Rang 3 luann páiste amháin scéalta ficsin mar "bíonn scannal ann ach tá a fhios agat nach bhfuil sé fíor", agus luann páiste eile drámaí mar "tarlaíonn rudaí ag aon am amháin". Labhraíonn páiste eile faoi liricí ceoil agus scéalta bleachtaireachta mar gheall ar na heachtraí a tharlaíonn iontu. Taitníonn scéalta ficsin le páiste amháin i Rang 5 mar go gcuirtear domhan eile ar fáil don léitheoir. Ní raibh ach páiste amháin (R3) a scríobh nár thaitin an léitheoireacht leis/ léi in aon chor.

Léiríonn na páistí tuairimí níos ginearálta nuair a bhíonn seánraí a thaitníonn leo á bplé acu, ach a mhalairt atá ann maidir leis na cinn nach dtaitníonn leo. Pléann 50.0% den dá rang pictiúrleabhair, an rogha is lú a thaitníonn leo de réir Cheist 10 agus 11. Ní thaitníonn pictiúrleabhair

leis na páistí mar go bhfuil siad páistiúil, “róghearr”, “leadránach”, agus nach maith leo “go leor pictiúr”. Ní bhaineann na páistí taitneamh astu toisc go bhfeictear dóibh nach bhfuil na leabhair sin ar chomhchaighdeán le leabhair eile. De réir páiste amháin, “éirím tuirseach agus mé ag léamh pictiúrleabhar”. Léiríonn na tuairimí sin go bhfuil íomhá áirithe ag na páistí ina n-intinn ar a bhfuil i gceist le pictiúrleabhair, go bhfuil siad spriocdhírithe ar pháistí óga agus nach bhfuil mórán de scéal iontu. Ar na cúiseanna nach dtaitníonn greannáin le roinnt páistí, luann siad an scríbhneoireacht i mbolgáin (R3). Maidir le scéalta neamhfhicsin síleann páiste amháin “ní tharlaíonn aon rud spreagúil iontu i ndáiríre”.

Tá an chuma ar an scéal mar sin go bhfuil tuairimí ag na páistí maidir le seánraí áirithe agus gach seans gurb iad seo na seánraí is mó a bhfuil taithí orthu go dtí seo. Ní luann na páistí tuairimí láidre maidir le húrscéalta grafacha ná scéalta dátheangacha, mar shampla. Léiríonn an taithí theoranta seo an gá le teagmháil níos faide a bheith acu le seánraí éagsúla chun gur féidir plé forásach domhain a bheith ag na páistí maidir lena roghanna léitheoireachta.

Achoimre

Chun tátal a bhaint as an méid a pléadh thuas, tá sé soiléir go bhfuil roinnt buntáistí léitheoireachta ag an dá ghrúpa seo, Rang 3 agus Rang 5, fiú ag bunú an chlub. Tá taitneamh ag baint leis an léitheoireacht, dar leo, agus bíonn sí ar siúl, ní hamháin ar scoil, ach sa bhaile freisin. Agus an léitheoireacht ar siúl sa bhaile, is go neamhspleách den chuid is mó a bhíonn na páistí ag léamh. Taispeánann an nós seo go mb’fhéidir go bhfuil níos mó treorach de dhíth ó thuismitheoirí chun cabhair bhríoch a thabhairt dá bpáistí maidir leis an léitheoireacht, ach taispeánann sé go hindíreach an mhuinín atá ag na páistí léamh ina n-aonar. Feicimid gur fearr leo, de ghnáth, léamh ina n-aonar freisin ná léamh le daoine eile sa bhaile. An suíomh is fearr leo ná ina leapacha féin agus taispeánann sé seo gur caitheamh aimsire aonair atá ann den chuid is mó.

Tá dearcadh dearfach léirithe ag na páistí i dtaobh gnéithe den chultúr Gaelach, ach ní bhíonn mórán teagmhála acu leis an teanga trí na gnéithe cultúrtha sin. Tá fiúntas ag baint le léitheoireacht na Gaeilge mar sin chun tuilleadh teagmhála a chothú leis an teanga. Léiríonn na páistí dearcadh dearfach i leith léitheoireacht na Gaeilge. Luíonn sé seo leis an muinín a léiríonn siad sa mháthairtheanga léamh as a stuaim féin sa bhaile agus síleann a bhformhór go bhfuil siad go maith ag léamh.

In ainneoin na ndearcthaí dearfacha seo, ní gá go bhfuil léitheoireacht rialta Ghaeilge ar siúl. Cé go léann formhór na bpáistí gach lá tá sé soiléir gur i mBéarla atá siad ag léamh den chuid is mó mar gheall ar an líon íseal leabhar Gaeilge atá acu sa bhaile. Chomh maith leis sin ní fhéachann siad

ar léitheoireacht na Gaeilge mar imeacht sóisialta agus ní bhíonn siad ag idirghníomhú le daoine eile le linn daoibh bheith ag léamh. Is féidir, áfach, na tuairimí maidir le cineálacha léitheoireachta a thaitníonn leo i gcoitinne a úsáid le cur leis an bhfonn léitheoireachta.

Maidir le cúrsaí inscne, tá buntáiste ag cailíní thar bhuachaillí ag an tús i réimsí áirithe. Tuairiscíonn siad níos mó taitnimh i Rang a 3 agus 5 agus iad ag léamh i gcoitinne. Tuairiscíonn cailíní freisin, dearcadh níos dearfaí maidir le léitheoireacht na Gaeilge. I Rang 3 freisin, léiríonn cailíní níos mó muiníne maidir leis an léitheoireacht. Níl an chuma ar an scéal go n-imríonn cúrsaí inscne tionchar ar aon réimse eile agus níl difríocht shuntasach idir cailíní agus buachaillí maidir le tacaíocht a fháil sa bhaile nó maidir le dearcadh i leith léitheoireacht na Gaeilge. Maidir le cúrsaí aoise, baineann Rang 3 níos mó taitnimh as an léitheoireacht i gcoitinne agus tá siad níos dearfaí maidir leis an léitheoireacht sa Ghaeilge.

Maidir le roghanna léitheoireachta, tá spéis ghinearálta ag na páistí i gcineálacha éagsúla téacsanna léitheoireachta, go háirithe na páistí i Rang 5, ach tá seans ann nach bhfuil mórán taithí acu ar na téacsanna sin go dtí seo. An t-eolas a bhailíomar faoi na seánraí a thaitníonn leo, tugann sé léargas spéisiúil dúinn. Ar an gcéad dul síos, tá tuairimí láidre ag na páistí maidir le roinnt leabhar, leabhair a bhfuil teagmháil fhada acu leo (mar shampla, pictiúrleabhar, béaloideas) ach níl fianaise ann go bhfuil an taithí chéanna acu ar chineálacha eile de réir taighde ar sholáthar leabhair Ghaeilge ar scoil, agus freisin ó na torthaí sa staidéar seo maidir le líon íseal leabhair Ghaeilge sa bhaile. Feicimid neamhréir idir na cineálacha leabhar a gcuireann na páistí spéis iontu agus na seánraí atá ar fáil, mar shampla, an easpa spéise sa bhéaloideas ach an bhéim ar an téama céanna go traidisiúnta i litríocht na n-óg. Chomh maith leis sin, feicimid an spéis ata acu i ngreannáin, i leabhair chócaireachta, agus in ábhar digiteach a léamh, ach an bhearna sa mhargadh go dtí seo. In amanna eile bíonn tuairim mhíréalaíoch nó neamhfhorbartha acu maidir le cineál leabhair, mar shampla, nuair a shíleann siad go bhfuil pictiúrleabhar ró-pháistiúil, tuairim a chuireann srian lena dtaithí leis an seánra sin. I gcoitinne, áfach, tá céatadáin níos airde i Rang 3 nach dtaitníonn seánraí faoi leith leo.

Tugann na tuairimí seo ar fad ábhar machnaimh dúinn. Feicimid gur féidir guth níos mó a chothú i measc páistí óga maidir lena roghanna léitheoireachta agus iad a ghríosadh chun tuairimí eolacha a fhorbairt faoi na cúiseanna ar maith leo nó nach maith leo seánra áirithe. Tugann sé ábhar machnaimh dúinn freisin maidir leis an ngá dúshlán a thabhairt do réamhthuairimí na bpáistí (mar shampla, gur caitheamh aimsire aonair í an léitheoireacht, go bhfuil roinnt seánraí leadránach, nó go bhfuil pictiúrleabhair ró-pháistiúil). Má thugaimid cluas éisteachta do thuairimí na bpáistí, cloisfimid na riachtanais léitheoireachta atá acu, mar shampla, ó thaobh soláthar seánraí níos leithne de.

Caibidil 4

Athruithe agus Forbairt ar Thuairimí

Féachfar anois ar na hathruithe a tharla, agus ar na tuairimí a mhair, ó bhunú an chlub léitheoireachta go dtí a dheireadh. Na sonraí go léir a bailíodh ag bunú an chlub léitheoireachta thug siad bunlíne thábhachtach don taighde. Ba léir go raibh na ranganna tiomnaithe don léitheoireacht i gcoitinne, agus go raibh dearcadh dearfach acu i leith léitheoireacht na Gaeilge agus codanna eile den chultúr Gaelach. Cé go raibh na buntáistí seo acu i bprionsabal, ba léir nach raibh teagmháil acu le réimse fairsing seánraí agus go raibh roinnt tuairimí gan bhunús acu. Ach thug an club léitheoireachta deis dóibh machnamh níos caolchúisí a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla den léitheoireacht. Bailíodh sonraí ar an lá deireanach den chlub léitheoireachta (10 seachtaine níos deireanaí) agus bhí an ceistiúchán céanna in úsáid ar mhaithe le comparáid bhríoch a dhéanamh idir réamhthuairimí agus iarthuairimí.

Taispeánfar ar dtús na sonraí ó Rang 3 agus ansin ó Rang 5. Taispeánfar sna táblaí thíos an céatadán beacht de pháistí a roghnaigh gach ceann de na freagairtí “Ní aontaím leis seo in aon chor”, “Ní aontaím leis seo”, “Aontaím leis seo”, agus “Aontaím go mór leis seo”. Sa phlé, áfach, mar a rinneadh i gCaibidil 3, cuirfear na céatadáin a roghnaigh freagra diúltach le chéile (“Ní aontaím leis seo in aon chor” agus “Ní aontaím leis seo”). Cuirfear na céatadáin a roghnaigh freagra dearfach le chéile (“Aontaím go mór leis seo” agus “Aontaím leis seo”).

Má tá athrú ann sna torthaí ón gceistiúchán tosaigh go dtí an ceistiúchán deiridh, léireofar an líon páistí a d’aontaigh leis an ráiteas ag an tús (R3 T1) nó (R5 T1) agus ag an deireadh (R3 T2) nó (R5 T2). Is i gcomparáid lena chéile a chuirfear na scóir scála ó 3 scála sa cheistiúchán (scálaí a raibh scór Alfa Cronbach inghlactha acu) agus t-tástáil samplaí péireáilte in úsáid. In amanna, breathnófar ar roinnt míreanna ionadaíocha laistigh de scála agus ar aon athrú suntasach a tharla. Sna cásanna sin, bainfear úsáid as torthaí tástáil Chi Cearnaithe. Cuireadh roinnt míreanna nua isteach sa cheistiúchán le díriú ar chás uathúil na Gaeilge. Ní scála atá sna míreanna, agus mar sin, pléifear athruithe na míreanna aonair mar shonraí suirbhé.

An anailís sa chuid seo, baineann sí le tuairimí a nocht na páistí agus ní le feitheoireacht a rinneadh orthu le linn na léitheoireachta ná le haischothú ó mhúinteoirí nó ó thuismitheoirí. Aithnítear go bhfuil deacrachtaí a bhaineann le modhanna féintuairiscithe, is é sin, nach dtugann an rannpháirtí eolas beacht agus tá castacht bhreise ag baint leis an modh féintuairiscithe agus páistí mar rannpháirtithe.

Dearcadh i leith na Léitheoireachta i gCoitinne

Seo súil siar gasta ar na trí fhoscála a bhain le dearcadh i leith na léitheoireachta i gcoitinne agus a tógadh ó thaighde Sainsbury agus Schagen (2004).

1. Taitneamh Léitheoireachta

Maidir leis an scála *Taitneamh Léitheoireachta* grúpáladh na míreanna seo de réir na gcritéar seo a leanas: "a grouping of positive responses to those questions addressing enjoyment of reading, together with negative responses to those expressing negative feelings about reading. Also grouped in this factor is a tendency to read often at home, and positive responses to story reading" (2004: 379).

2. Tacaíocht don Léitheoireacht

Maidir leis an dara scála *Tacaíocht don léitheoireacht sa Bhaile*, baineann míreanna áirithe leis an bhfoscála seo mar gheall ar chúpla gné. I bhfocail na mbunúdar: "Finding reading difficult is grouped with responses expressing a preference for reading with adult or other support. Two types of reading matter, poems and information books, fall into this factor. This may be the result of their comparative brevity or simplicity in relation to stories, magazines and newspapers" (2004: 379).

3. Roghanna Léitheoireachta

An foscála deireanach ná *Roghanna Léitheoireachta*. I bhfocail na mbunúdar, léiríonn an scála seo "a preference for non-book reading matter, grouping together newspapers, comics and magazines" (2004: 379). Taispeánann an foscála seo an *taithí* a bhíonn ag páistí ar théacsanna léitheoireachta nach "leabhair" iad, mar shampla greannáin, irisleabhair agus nuachtáin. Cuirfear roinnt de na torthaí sin leis na freagraí do cheist 10 agus 11 i gCuid 4 a phléifidh ar bhealach níos cuimsithí le *spéiseanna* na bpáistí i seánraí litríochta.

Taitneamh Léitheoireachta

Léiríonn a lán taighde maidir le dearcthaí nach dtagann athruithe suntasacha ar dhearcadh toisc gur cuid de dhiminsean mothachtálach an duine é, agus go bhforbraítear é luath go leor i saol an duine (Dunne, 2015; Garrett, 2003; Murtagh, 2007). Toisc gur léirigh na páistí dearcthaí dearfacha i leith na léitheoireachta ag an tús, mar a bheimis ag súil leis, mhair an spéis agus an tiomantas don léitheoireacht le linn thréimhse an taighde ar an gclub. De réir na t-tástálach samplaí péireáilte, ní raibh athrú suntasach sa mheánscór scála do Rang 3 (T1 1 2.95; T2 3.04) ag an tús ná ag an deireadh, ná do Rang 5 (2.71; 2.78), ar scála 1 - 4.

Féachfaimid ar roinnt athruithe ionadaíocha laistigh den scála a thaispeánann athruithe i dtreo meon níos dearfaí. Deir níos lú páistí i Rang a 3 nach maith leo léamh sa bhaile (R3 T1 20%; R3 T2 10.7%) (X^2 (2, N= 26) = 18.29, p ≤.05), agus ag an am céanna is maith le níos mó páistí leabhair scéalta a léamh sa bhaile (R3 T1 83.3%; R3 T2 92.9%) (X^2 (2, N= 26) = 17.95, p ≤.05). Chomh maith leis sin, tá níos lú páistí ar fearr leo breathnú ar an teilifís ná leabhar a léamh (R3 T1 50.0%; R3 T2 39.3%) (X^2 (2, N= 26) = 18.29, p ≤.05). Tá luach ar leith ag baint leis an athrú intinne maidir leis an léitheoireacht a bheith leadránach agus tá seans go mbaineann sé seo leis an taithí dhearfach a bhí acu le linn thréimhse an chlub.

Tábla 16. Rang a 3: Taitneamh Léitheoireacht ag Tús agus Deireadh an Chlub Léitheoireachta

	Tús an Chlub Léitheoireachta				**Deireadh an Chlub Léitheoireachta**			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	**Ní aontaím leis seo**	**Aontaím leis seo**	**Aontaím go huile is go hiomlán leis seo**	**Ní aontaím leis seo in aon chor**	**Ní aontaím leis seo**	**Aontaím leis seo**	**Aontaím go huile is go hiomlán leis seo**
1. Is maith liom scéalta a léamh.	6.9	0	33.3	56.7	3.6	3.6	39.3	53.6
2. Níl spéis agam i leabhair.	72.4	20.7	6.9	0	78.6	14.3	7.1	0
6. Is maith liom léamh go ciúin liom féin.	10.0	10.0	40.0	40.0	3.6	0	57.1	39.3
7. Is fearr liom breathnú ar an teilifís ná leabhair a léamh.	23.3	26.7	33.3	16.7	25.0	35.7	17.9	21.4
8. Ní maith liom léamh sa bhaile.	73.3	6.7	13.3	6.7	64.3	25.0	10.7	0
9. Is maith liom dul chuig an leabharlann.	10.0	23.3	40.0	26.7	17.9	21.4	35.7	25.0
12. Bainim taitneamh as an léitheoireacht	0	10.0	23.3	66.7	3.6	7.1	25.0	64.3
13. Sílim go bhfuil an léitheoireacht leadránach.	46.7	23.3	23.3	6.7	75.0	14.3	7.1	3.6
27. An léann tú na leabhair seo a leanas sa bhaile?								
(a) Leabhair scéalta	83.3				92.9			
18. Cé chomh minic is a bhíonn tusa ag léamh?								
"Léim …								
gach lá	60.0				67.9			
uair sa tseachtain	10.0				10.7			
3 huaire sa tseachtain	16.7				10.7			
uair sa choicís	3.3				3.6			
uair sa mhí	10.0				7.1			

*Q 7: X^2 (2, N= 26) = 19.79, p ≤.05
*Q 8: X^2 (2, N= 26) = 18.29, p ≤.05
*Q27a: X^2 (2, N= 26) = 17.95, p ≤.05

Bhí dearcadh beagán níos dearfaí ag Rang 3 i gcomparáid le Rang 5 agus luíonn sé seo le torthaí taighde eile nach mbíonn páistí atá níos sine chomh dearfach céanna (Sainsbury agus Schagen, 2004). Féachfaimid ar roinnt athruithe ionadaíocha san fhoscála *Taitneamh*

Léitheoireachta. Tá titim áirithe i measc Rang 5 i gcás mír nó dhó: "Níl spéis agam i leabhair" (R5 T1 3.3%; R5 T2 17.2%) (X^2 (2, N= 26) = 10.65, p ≤.05). Feicimid athruithe maidir leis an seánra "leabhair scéalta". Tá níos lú páistí a thuairiscíonn go léann siad "leabhair scéalta" sa bhaile (R5 T1 93.3%; R5 T2 82.8%) (X^2 (2, N = 29) = 38.23, p ≤.05). Ar an iomlán mhair an dearfacht ghinearálta agus ní fheicimid aon titim shuntasach i meon na bpáistí maidir le taitneamh léitheoireachta.

Tábla 17: Rang 5 Taitneamh Léitheoireachta ag Tús agus Deireadh an Chlub Léitheoireachta

	Tús an Chlub Léitheoireachta				**Deireadh an Chlub Léitheoireachta**			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	**Ní aontaím leis seo**	**Aontaím leis seo**	**Aontaím go huile is go hiomlán leis seo**	**Ní aontaím leis seo in aon chor**	**Ní aontaím leis seo**	**Aontaím leis seo**	**Aontaím go huile is go hiomlán leis seo**
1. Is maith liom scéalta a léamh.	3.3	6.7	20.0	70.0	0	3.4	34.5	62.1
2. Níl spéis agam i leabhair.	76.7	20.0	3.3	0	62.1	20.7	17.2	0
6. Is maith liom léamh go ciúin liom féin.	13.3	10.0	36.7	40.0	6.9	13.8	48.3	31.0
7. Is fearr liom breathnú ar an teilifís ná leabhair a léamh.	13.3	30.0	40.0	16.7	13.8	44.8	31.0	10.3
8. Ní maith liom léamh sa bhaile.	62.1	24.1	10.3	3.4	62.1	24.1	10.3	3.4
9. Is maith liom dul chuig an leabharlann.	10.0	30.0	46.7	13.3	13.8	24.1	48.3	13.8
12. Bainim taitneamh as an léitheoireacht	3.3	3.3	20.0	73.3	3.4	10.3	20.7	65.5
13. Sílim go bhfuil an léitheoireacht leadránach.	50.0	40.0	6.7	3.3	57.1	35.7	3.6	3.6
27. An léann tú na leabhair seo a leanas sa bhaile?								
(a) Leabhair scéalta	93.3				82.8			
18. Cé chomh minic is a bhíonn tusa ag léamh?								
"Léim …								
gach lá	100.0				82.8			
uair sa tseachtain	0				17.2			
3 huaire sa tseachtain	0				0			
uair sa choicís	0				0			
uair sa mhí	0				0			

*Q 1: X^2 (2, N= 29) = 39.78, p ≤.05
*Q 2: X^2 (2, N= 29) = 10.65, p ≤.05
*Q27: X^2 (2, N= 29) =6.47, p ≤.05

Faightear eolas breise maidir leis seo sna freagraí oscailte freisin. Léiríonn na tuairimí cáilíochtúla gur bhain na páistí taitneamh as an gclub léitheoireachta. Ar an iomlán, scríobh na páistí i Rang 3 níos lú ná Rang 5 sna freagraí oscailte seo, ach fós féin tá fianaise ann gur bhain siad taitneamh as, gur éirigh siad níos muiníne sa léitheoireacht agus gur chothaigh an club níos mó spéise sa léitheoireacht:

"Tá sé an-mhaith, go raibh maith agat." (R3)

"Bhí sé an-spreagúil." (R3)

"Léigh mé a lán saghas leabhar nua! ☺" (R3)

"Léigh mé as Gaeilge níos mó ná roimh an gclub." (R5)

"Tá mé ag iarraidh é a dhéanamh arís." (R5)

"Is maith liom léamh as Gaeilge níos mó." (R5)

"Beidh mé ag léamh níos mó leabhair Ghaeilge anois." (R5)

"Ní raibh a fhios agam go raibh na leabhair Ghaeilge chomh maith." (R3)

"Níl a lán suime agam i leabhair ach tá cúpla ceann a chuireann iontas orm." (R5)

Luaigh páistí eile an taitneamh agus an spraoi a bhain leis an gclub léitheoireachta:

"Go raibh maith agat. Slán. p.s. cad atá le tarlú anois?" (R3)

"Bhí sé an-mhaith agus ba bhreá liom coinneáil leis agus léigh mé a lán scéalta nua. Go raibh maith agat." (R3)

"Bhí an club spraíúil agus chabhraigh sé go mór liom." (R5)

"Bhí sé go hiontach. Bhain mé an-taitneamh as!" (R5)

"Tá sé níos fearr ná mata a dhéanamh" (R5)

"Táim ag iarraidh é a dhéanamh arís" (R5)

"Is maith liom leabhair Ghaeilge níos mó anois." (R5)

"Is maith liom léamh. Sin é an t-ábhar is fearr liom." (R5)

"Bhí sé an-mhaith, go raibh míle maith agat. Is maith liom gach leabhar a léigh muid. Bhain mé an-taitneamh as!" (R5)

Tacaíocht don Léitheoireacht sa Bhaile

Bhí naoi mír sa dara scála *Tacaíocht don Léitheoireacht sa Bhaile*, de réir na hanailíse a rinne Sainsbury agus Schagen (2004). Ní raibh difríocht shuntasach sa mheanscór ag tús agus ag deireadh an taighde ar an gclub do cheachtar de na ranganna (R3 T1 1.76; R3 T2 1.78) (R5 T1 1.72; R5 T2 1.71). Feicimid san fhoscála ardú áirithe muiníne ó bhunú an chlub go dtí a dheireadh. Cé nach athrú

suntasach atá ann sa scór ó thús deireadh, seans go léiríonn an t-athrú i gcás cuid de na míreanna go bhfuil tuairimí ag tosú ag athrú.

Tá titim áirithe sa tuairim gur maith leis na páistí go mbeidh duine fásta ag cabhrú leo agus iad ag léamh scéalta (R3 T1 26.6%; R3 T2 17.9%) (X^2 (2, N= 26) = 20.47, p ≤.05), agus tá titim chomhthreomhar i líon na bpáistí a deir go léann daoine eile leo sa bhaile (R3 T1 13.3%; R3 10.7%) (X^2 (2, N= 26) = 17.35, p ≤.05). Ach, deir níos mó páistí go bhfuil daoine fásta ag éisteacht leo agus iad ag léamh (R3 T1 13.4%; R3 T2 25.0%) (X^2 (2, N= 26) = 24.03, p ≤.05), gach seans go mbaineann an nós seo leis an obair bhaile. Mar sin, tá na páistí ag éirí níos muiníní ach is cosúil go bhfuil ról ag daoine fásta, agus ag tuismitheoirí den chuid is mó, fós maidir le héisteacht leis an léitheoireacht mar chuid den obair bhaile.

Tá titim i líon na bpáistí a deir gur maith leo dánta a léamh (R3 T1 66.6%; R3 T2 57.1%) X^2 (2, N= 26) = 17.2, p ≤.05) agus tá ardú i líon na bpáistí a léann dánta sa bhaile (R3 T1 20.0%; R3 T2 32.1%) (X^2 (2, N= 26) =.9.18, p ≤.05). Léiríonn an neamhréir seo easpa cumais, b'fhéidir, tomhais bheachta a thabhairt maidir lena nósanna léitheoireachta. Leagann sé béim chomh maith ar an difríocht idir spéis agus taithí. Tá titim i líon na bpáistí a léann leabhair eolais sa bhaile (R3 T1 40.0%; R3 T2 32.1%) (X^2 (2, N= 29) = 6.47, p ≤.05). Ní cúis díomá í an titim sa taithí ar sheánra amháin mar, de réir mar a fheicimid ar ball, mhéadaigh an spéis atá ag na páistí i seánraí eile ag an am céanna, agus b'fhéidir go bhfuil siad ag caitheamh ama ar théacsanna léitheoireachta eile, nó go bhfuil feasacht níos fearr acu ar réimse leathan seánraí.

Tábla 18: Rang 3 Tacaíocht don Léitheoireacht sa Bhaile

	Tús an Chlub Léitheoireachta				Deireadh an Chlub Léitheoireachta			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo
4. Is maith liom dánta a léamh.	16.7	16.7	53.3	13.3	17.9	25.0	46.4	10.7
5. Sílim go bhfuil an léitheoireacht deacair.	52.1	20.7	17.2	0	64.3	21.4	10.7	3.6
10. Is maith liom leabhair eolais a léamh.	16.7	20.0	40.0	23.3	21.4	21.4	42.9	14.3
11. Is maith liom scéalta a léamh nuair atá duine fásta ag cabhrú liom.	50.0	23.3	23.3	3.3	42.9	39.3	14.3	3.6
15. Léann duine fásta liom sa bhaile.	58.6	31.0	10.3	0	42.9	46.4	10.7	0
16. Éisteann duine fásta liom sa bhaile agus mé ag léamh.	66.7	20.0	6.7	6.7	32.1	42.0	21.4	3.6
17. Léann daoine eile sa bhaile liom.	70.0	16.7	10.0	3.3	57.1	32.1	10.7	0
27. An léann tú na leabhair seo a leanas sa bhaile?								
(e) Leabhair Eolais	40.0				32.1			
(f) Dánta	20.0				32.1			

*Q 4: X^2 (2, N= 26) = 17.2, p ≤.05
*Q 11: X^2 (2, N= 26) = 20.47, p ≤.05
*Q 16: X^2 (2, N= 26) = 24.03, p ≤.05
*Q 17: X^2 (2, N= 26) = 17.35, p ≤.05
*Q27e: X^2 (2, N= 26) =6.47, p ≤.05
*Q27f: X^2 (2, N= 26) =.9.18, p ≤.05

Tá an treocht chéanna, a bheag nó a mhór, le feiceáil maidir le tuairimí Rang 5. Níl athrú suntasach sa mheánscór ó bhunú an chlub go dtí a dheireadh (R5 T1 1.72; R5 T2 1.71), ar scála 1 - 4. Tá cúpla athrú laistigh den scála, áfach, mar shampla tá níos lú páistí a shíleann go bhfuil an léitheoireacht deacair (R5 T1 23.3%; R5 T2 13.7%) (X^2 (2, N= 29) = 20.94, p ≤.05). Maidir le tacaíocht ó thuismitheoirí, deir níos mó páistí go bhfuil a dtuismitheoirí ag léamh leo sa bhaile (R5 T1 17.2%; R5 T2 24.1%) (Q 15: X^2 (2, N= 29) = 38.23) agus ag éisteacht leis an léitheoireacht (R5 T1 10.3%; R5 T2 17.2%) (X^2 (2, N= 29) = 22.33, p ≤.05). Toisc gur bhain an club léitheoireachta leis an scoil amháin, is deacair a rá an raibh tionchar mór aige ar an taithí léitheoireachta sa bhaile agus b'fhéidir go bhfuil toscaí eile a chuir leis an méadú seo.

Tá titim i líon na bpáistí a deir gur maith leo dánta a léamh (R5 T1 20.0%; R5 T2 10.3%) (X^2 (2, N= 29) = 4.13, p ≤.05) agus titim neamhshuntasach i líon na bpáistí ar maith leo leabhair eolais a léamh (R5 T1 63.3%; R5 T2 44.8%). Arís, is comhartha sláintiúil é gur athraigh siad a meon maidir le seánraí faoi leith.

Tábla 19: Rang 5 Tacaíocht don Léitheoireacht sa Bhaile

	Tús an Chlub Léitheoireachta				Deireadh an Chlub Léitheoireachta			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo
4. Is maith liom dánta a léamh.	23.3	46.7	30.0	0	41.4	41.4	13.8	3.4
5. Sílim go bhfuil an léitheoireacht deacair.	46.7	30.0	20.0	3.3	58.6	27.6	10.3	3.4
10. Is maith liom leabhair eolais a léamh.	13.3	30.0	30.0	26.7	17.2	20.7	37.9	24.1
11. Is maith liom scéalta a léamh nuair atá duine fásta ag cabhrú liom.	43.3	40.0	13.3	3.3	44.8	31.0	20.7	3.4
15. Léann duine fásta liom sa bhaile	69.0	13.8	13.8	3.4	48.3	27.6	20.7	3.4
16. Éisteann duine fásta liom sa bhaile agus mé ag léamh.	62.1	27.6	3.4	6.9	58.6	24.1	13.8	3.4
17. Léann daoine eile sa bhaile liom.	55.2	20.7	10.3	13.8	37.9	41.4	17.2	3.4
27. An léann tú na leabhair seo a leanas sa bhaile?								
(e) Leabhair Eolais	63.3				44.8			
(f) Dánta	20.0				10.3			

*Q 4: X^2 (2, N= 29) = 13.17, p ≤.05
*Q5: X^2 (2, N= 29) = 20.94, p ≤.05
*Q10: X^2 (2, N= 29) = 40.31, p ≤.05
*Q 15: X^2 (2, N= 29) = 38.23, p ≤.05
*Q 16: X^2 (2, N= 29) = 22.33, p ≤.05
*Q27e: X^2 (2, N= 29) = 9.15, p ≤.05
*Q27f: X^2 (2, N= 29) = 4.13, p ≤.05

Roghanna Léitheoireachta

Bhain an chuid seo leis an taithí atá ag páistí ar théacsanna léitheoireachta nach "leabhar" é, mar atá, greannáin, irisleabhair, agus nuachtáin. Mar a luadh cheana, tá an ghrúpáil seo déanta bunaithe ar chur le chéile na scálaí sa bhunstaidéar. Léiríonn na torthaí ar an taithí atá ag na páistí go hindíreach an spéis atá acu i seánraí éagsúla, ach ní mór a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir go bhfuil spéis acu i seánra ach nach féidir leo teacht ar an ábhar sa bhaile. I gCuid 4 den cheistiúchán, féachfar ar na seánraí a thaitníonn nó nach dtaitníonn leis na páistí ar bhealach níos cuimsithí.

Ní raibh aon athrú suntasach sa scór scála maidir leis an taithí a bhí ag na páistí ar irisí agus ar ghreannáin i Rang 3 (R3 T1 2.88; R3 T2 .79) ná i Rang 5 (R5 T1 1.10; R5 T2 1.09). Feictear athrú suntasach amháin laistigh den scála. Ag an tús is maith le níos mó de Rang 3 greannáin nó irisí a léamh agus faoin deireadh is maith le os cionn dhá thrian de na páistí iad (R3 T1 53.6%; R3 T2 67.8%) (X^2 (2, N= 26) = 16.96, p ≤.05). Tá an chuma ar an scéal go bhfuil níos mó taithí acu ar ghreannáin (R3 T1 30.0%; R3 T2 35.7%) (X^2 (2, N= 26) = 5.54, p ≤.05), agus ar nuachtáin (R3 T1 20.0%; R3 T2 25.0%) (X^2 (2, N= 26) = 7.07, p ≤.05). Tá athrú intinne léirithe ag páistí ó bhunú an chlub go dtí a dheireadh

agus is comhartha maith í seo ar bhealach go raibh deis acu ábhair éagsúla a léamh agus smaoineamh orthu ar bhealach níos géarchúisí.

Tábla 20: Rang 3 Roghanna Léitheoireachta sa Bhaile

	Tús an Chlub Léitheoireachta				Deireadh an Chlub Léitheoireachta		
	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo
3. Is maith liom greannáin nó irisí a léamh.	17.9	28.6	25.0	28.6	21.4	35.7	32.1
27. An léann tú na leabhair seo a leanas sa bhaile?							
(b) Greannáin	30.0				35.7		
(c) Irisí	33.3				25.0		
(d) Nuachtáin	20.0				25.0		

*Q 3: X^2 (2, N= 26) = 21.05, p ≤.05
*Q27a: X^2 (2, N= 26) = 5.54, p ≤.05
*Q27c: X^2 (2, N= 26) = 7.07, p ≤.05

Cuireadh dhá mhír bhreise leis an gceist ar an léitheoireacht sa bhaile – an maith leis na páistí léamh ar scáileán (ríomhaire nó fón póca). Taispeánann na hathruithe go bhfuil siad ag éirí níos solúbtha sa chaoi a léann siad agus go léann níos mó páistí ábhar digiteach, mar go bhfuil méadú neamhshuntasach i líon na bpáistí a léann scéalta ar líne (R3 T1 6.7%; R3 T2 17.9%), agus méadú suntasach i líon na bpáistí a léann ábhar ar an bhfón póca (R3 T1 23.3%; R3 T2 28.6%) (X^2 (2, N= 26) = 11.22, p ≤.05). Ní féidir a rá go díreach an raibh tionchar ag an gclub léitheoireachta ar na nósanna nua seo sa bhaile, áfach.

Tábla 21: Rang 3 Roghanna Léitheoireachta sa Bhaile: Ábhair Dhigiteacha

27. An léann tú na leabhair seo a leanas sa bhaile?		
	Ag an tús	**Ag an deireadh**
Scéalta ar líne	6.7	17.9
Ábhar ar an bhfón póca	23.3	28.6

*Q27h: X^2 (2, N= 26) = 11.22, p ≤.05

Mar an gcéanna leis an athrú maidir leis an taithí léitheoireachta sa bhaile a tharla i measc pháistí Rang 3, bhí athruithe beaga suntasacha sa teagmháil a bhí ag Rang 5 le seánraí éagsúla sa bhaile mar shampla, titim i líon na bpáistí a raibh taithí acu ar ghreannáin (R5 T1 53.3%; R5 T2 51.7%) (X^2 (2, N= 29) = 12.46, p ≤.05), agus irisí (R5 T1 56.7%; R5 T2 48.3%) (Q27c: X^2 (2, N= 29) = 4.44, p ≤.05), agus athrú neamhshuntasach maidir le nuachtáin (R5 T1 56.7%; R5 T2 44.8%).

Tábla 22: Rang 5 Roghanna Léitheoireachta sa Bhaile

	Tús an Chlub Léitheoireachta				Deireadh an Chlub Léitheoireachta			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo
3. Is maith liom greannáin nó irisí a léamh.	16.7	20.0	36.7	26.7	3.4	20.7	55.2	20.7
27. An léann tú na leabhair seo a leanas sa bhaile?								
(b) Greannáin	53.3				51.7			
(c) Irisí	56.7				48.3			
(d) Nuachtáin	56.7				44.8			

*Q27b: X^2 (2, N= 29) = 12.46, p ≤.05
*Q27c: X^2 (2, N= 29) = 4.44, p ≤.05

Tá Rang 5 ag éirí níos solúbtha freisin maidir leis an gcaoi a léann siad agus tá méadú suntasach tagtha ar an líon páistí ar maith leo ábhar digiteach a léamh. Tá méadú suntasach ar líon na bpáistí a léann ar líne (R5 T1 20.0%; R5 T2 24.1%) (X^2 (2, N= 29) = 4.24, p ≤.05), agus ar an bhfón póca (R5 T1 33.3%; R5 T2 37.9%) (X^2 (2, N= 29) = 6.67, p ≤.05).

Tábla 23: Rang 5 Roghanna Léitheoireachta sa Bhaile

27. An léann tú na leabhair seo a leanas sa bhaile?		
	Ag an tús	**Ag an deireadh**
Scéalta ar líne	20.0	24.1
Ábhar ar an bhfón póca	33.3	37.9

*Q27g: X^2 (2, N= 29) = 4.24, p ≤.05
*Q27h: X^2 (2, N= 29) = 6.67, p ≤.05

Mar thátal ar an méid seo, tá dearcthaí dearfacha fós ag an dá rang agus tá athruithe beaga sna nósanna léitheoireachta sa bhaile. Tá seans ann go mbaineann cuid de seo leis an bplé atá déanta ar chúrsaí léitheoireachta mar chuid den chlub léitheoireachta. Feicimid freisin go bhfuil na páistí compordach le léitheoireacht ar bhealaí éagsúla, ina measc léitheoireacht ar líne.

Féinchoincheap sa Léitheoireacht

Mar a míníodh i gCaibidil 4, baineadh dhá mhír (24 agus 25) den scála seo ar mhaithe le scór Alfa Cronbach sásúil a fháil. Chabhraigh sé seo freisin leis an dá mhír a bhaineann le cúrsaí inscne a phlé ina n-aonar.

Mar a chonacthas ag tús an taighde ar an gclub, chuir na páistí spéis i gcúrsaí léitheoireachta i gcoitinne agus níl athrú suntasach ar an meánscór scála do Rang 3 (R3 T1 2.97; R3 T2 2.95) ná do Rang 5 (T1 2 3.05; T2 3.02) ach é sin ráite, tá cúpla athrú suntasach i míreanna áirithe. Deir beagnach an líon céanna páistí go bhfuil a lán leabhar acu sa bhaile ag tús agus ag deireadh an taighde (R3 T1 93.4%; R3 T2 100.0%), agus deir 60.0% go bhfuil leabhair Ghaeilge acu sa bhaile nach mbaineann le cúrsaí scoile, ach tá laghdú ar an líon seo go 35.7% ag deireadh an taighde. (Bhí deacracht leis an scór Chi a léirmhíniú sa chás seo óir bhí 20 cell nach bhfuil an ríomh ionchais inghlactha acu. Baineann sé leis na céatadáin íseal rannpháirtithe sa staidéar). Ní féidir bheith cinnte cad a chuir leis an titim seo, nó an raibh laige sa mhodh féintuairiscithe, rud a chiallaíonn nach bhfuil tomhas beacht againn ar na leabhair atá acu nach mbaineann leis an scoil. Ní raibh ach mír amháin a dhírigh ar an nGaeilge agus is í sin an cheist maidir le leabhair Ghaeilge a bheith acu sa bhaile, leabhair nach mbaineann le cúrsaí scoile. Tá seans ann freisin go raibh páistí measctha suas maidir le brí na ceiste.

Ag deireadh an taighde ar an gclub, tá comharthaí ann go bhfuil níos lú páistí a deir nach léann siad ach má bhíonn iallach orthu (R3 T1 20.0%; R3 T2 7.1%) (X^2 (2, N= 26) = 17.59, $p \leq .05$) agus tá ardú freisin i líon na bpáistí ar maith leo labhairt le daoine eile faoi leabhair (R3 T1 50.0%; R3 T2 75.0%) (X^2 (2, N= 26) = 19.32, $p \leq .05$), ach tá titim i líon na bpáistí ar maith leo léamh as Gaeilge (R3 T1 60.0%; R3 T2 53.6%) X^2 (2, N= 26) = 37.71, $p \leq .05$.

Maidir le cúrsaí inscne, tá titim bheag neamhshuntasach i gcéatadán na bpáistí a cheapann go mbaineann cailíní agus buachaillí araon an taitneamh céanna as an léitheoireacht (R3 T1 76.7%; R3 T2 67.8%), agus tá titim i líon na bpáistí a chreideann go bhfuil bua níos fearr ag cailíní maidir leis an léitheoireacht (R3 T1 50.0%; R3 T2 42.9%). Ar an iomlán, áfach, níor tharla aon athrú suntasach maidir le dearcthaí ar thionchar cúrsaí inscne.

Tábla 24: Rang 3 Féinchoinceap sa Léitheoireacht

	Tús an Chlub Léitheoireachta				Deireadh an Chlub Léitheoireachta			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo
18. Ní léim ach má bhíonn iallach orm.	73.3	6.7	16.7	3.3	67.9	25.0	7.1	0
19. Is maith liom labhairt le daoine faoi leabhair.	33.3	16.7	26.7	23.3	17.9	7.1	60.7	14.3
20. Bheadh áthas orm leabhar a fháil mar bhronntanas.	16.7	10.0	30.0	43.3	7.1	10.7	60.7	21.4
21. Is maith liom léamh as Gaeilge.	16.7	23.3	46.7	13.3	25.0	21.4	50.0	3.6
22. Tá go leor leabhar agam sa bhaile.	0	6.7	16.7	76.7	0	0	7.1	92.9
23. Tá roinnt leabhair Ghaeilge agam sa bhaile nach leabhair scoile iad.	23.3	16.7	26.7	33.3	42.9	21.4	21.4	14.3
24. Baineann cailíní agus buachaillí an taitneamh céanna as an léitheoireacht.	6.7	16.7	26.7	50.0	21.4	10.7	32.1	35.7
25. Tá formhór cailíní níos fearr ag léamh ná formhór buachaillí.	33.3	16.7	10.0	40.0	36.7	21.4	14.3	28.6

*Q 18: X^2 (2, N= 26) = 17.59, p ≤.05 Ní léim ach má bhíonn iallach orm
*Q 19: X^2 (2, N= 26) = 19.32, p ≤.05 Is maith liom labhairt le daoine faoi leabhair
*Q 21: X^2 (2, N= 26) = 37.71, p ≤.05 Is maith liom léamh as Gaeilge

Maidir le Rang 5, mhair na dea-thréithe tríd an gclub leabhar, mar shampla, níl ach mionlach a deir nach léann siad ach amháin nuair a bhíonn iallach orthu (R5 T1 10.3%; R5 T2 10.3%), agus tá an méid céanna, a bheag nó a mhór, a thuairiscíonn go bhfuil a lán leabhar acu sa bhaile (T1 96.6%; T2 96.5%). Cé nach raibh méadú suntasach ann ó thaobh an scóir scála ag an tús agus ag an deireadh, tá gluaiseacht i dtreo cleachtais níos dearfaí sna míreanna éagsúla. Bheadh níos mó páistí sásta leabhar a fháil mar bhronntanas (R5 T1 80.0%; R5 T2 93.1%) (X^2 (2, N= 29) = 16.59, p ≤.05). Maille leis sin, tá níos mó páistí a deir gur maith leo bheith ag léamh as Gaeilge (R5 T1 50.0%; R5 T2 62.1%) (X^2 (2, N= 29) = 20.19, p ≤.05).

Tuairiscíonn céatadán níos ísle gur maith leo labhairt le daoine eile faoi leabhar (R5 T1 80.0%; R5 T2 62.1%) ach ní titim shuntasach é seo ó thaobh staitistice de cé go bhfuil bearna mhór idir an dá chéatadán. Is fiú anailís a dhéanamh ar an titim neamhshuntasach mar sin féin, mar tá sé tábhachtach páistí a chumasú labhairt faoi chúrsaí léitheoireachta más mian linn tús áite a thabhairt dá dtuairimí. Is gá a thabhairt faoi deara freisin go dtagraíonn an mhír seo don labhairt faoi leabhair i gcoitinne, ach b'fhéidir go léireodh na páistí tuairim eile dá mbeadh mír bheacht ann maidir le comhrá a dhéanamh le páistí eile sa rang tar éis dóibh ábhar a léamh, mar feicimid cé chomh dearfach is atá siad faoin gclub léitheoireachta.

Níl neamhréir ann ach oiread maidir leis an líon páistí a deir go bhfuil leabhair acu sa bhaile nach mbaineann leis an scoil, mar a tharla le Rang 3. B'fhéidir go bhfuil cumas níos fearr ag páistí níos sine na leabhair sa bhaile a shórtáil de réir cúrsaí scoile agus seánraí eile. Is amhlaidh go dtuairiscíonn siad ardú beag i líon na leabhar sa bhaile (R5 T1 46.6%; R5 T2 51.7%) (X^2 (2, N= 29) = 17.23, p ≤.05). Níor bhain an club léitheoireachta le léitheoireacht sa bhaile ach tá seans go raibh dea-thionchar ag an gclub ar chúrsaí léitheoireachta sa bhaile.

Mar a tharlaíonn le Rang 3, níor tharla aon athrú suntasach maidir lena ndearcthaí faoi chúrsaí inscne. Síleann a bhformhór go mbaineann cailíní agus buachaillí an taitneamh céanna as an léitheoireacht (R5 T1 82.8%; R5 T2 89.6%) agus tá thart ar thrian a shíleann fós go bhfuil cailíní níos cumasaí ag léamh (R5 T1 30.0%; R5 T2 34.5%). Taispeánann na hathruithe neamhshuntasacha, áfach, go mb'fhéidir go bhfuil siad ag tosú ar mhachnamh níos doimhne.

Tábla 25: Rang 5 Féinchoincheap sa Léitheoireacht

	Tús an Chlub Léitheoireachta				Deireadh an Chlub Léitheoireachta			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo
18. Ní léim ach má bhíonn iallach orm.	58.6	31.0	3.4	6.9	55.2	34.5	6.9	3.4
19. Is maith liom labhairt le daoine faoi leabhair.	13.3	6.7	46.7	33.3	10.3	27.6	41.4	20.7
20. Bheadh áthas orm leabhar a fháil mar bhronntanas.	3.3	6.7	46.7	33.3	6.9	0	37.9	55.2
21. Is maith liom léamh as Gaeilge.	30.0	20.0	43.3	6.7	24.1	13.8	48.3	13.8
22. Tá go leor leabhar agam sa bhaile.	3.3	0	13.3	83.3	0	3.4	17.2	79.3
23. Tá roinnt leabhair Ghaeilge agam sa bhaile nach leabhair scoile iad.	30.0	23.3	33.3	13.3	31.0	17.2	27.6	24.1
24. Baineann cailíní agus buachaillí an taitneamh céanna as an léitheoireacht.	3.4	13.8	34.5	48.3	0	10.3	44.8	44.8
25. Tá formhór cailíní níos fearr ag léamh ná formhór buachaillí.	40.0	30.0	10.0	20.0	34.5	31.0	20.7	13.8

*Q 20: X^2 (2, N= 29) = 16.59, p ≤.05
*Q 21: X^2 (2, N= 29) = 20.19, p ≤.05
*Q 23: X^2 (2, N= 29) = 17.23, p ≤.05

I dtaca leis an scála *Féinchoincheap sa Léitheoireacht*, tugann na freagraí oscailte ón dá rang le fios freisin, go bhfuil páistí ag éirí níos muiníní ó thaobh na léitheoireachta de.

"Tá mé níos fearr ag léamh anois." (R5)

"Tá mé níos fearr ag léamh as Gaeilge anois." (R3)

"Tá mé ábalta léamh as Gaeilge anois." (R5)

Dearcadh i leith léitheoireacht na Gaeilge

Mar a bheimis ag súil leis, mhair na dearcthaí dearfacha maidir le léitheoireacht na Gaeilge. Bhí scór Alfa Cronbach inghlactha ag an tús (R3 T1 0.92; R5 T1 0.84) agus ag an deireadh (R3 T1 0.85; R5 T2 0.93). Cé go raibh athrú beag sa mheánscór ó thús deireadh (R3 T1 2.97; R3 T2 2.78) agus (R5 T1 2.69; R5 T2 2.74) ní raibh na hathruithe seo suntasach ag an leibhéal $p \leq .05$. Tagann sé seo le torthaí ó thaighde eile go mbíonn páistí níos dearfaí faoin nGaeilge sa chóras tumoideachais agus go maireann dearcthaí dearfacha.

Ag deireadh an chlub, leagann beagán níos mó páistí béim ar thábhacht léitheoireacht na Gaeilge sa bhunscoil: "Is cuid thábhachtach den chlár scoile í léitheoireacht na Gaeilge" (R3 T1 96.6%; R3 T2 100%) (X^2 (2, N= 26) = 18.68, $p \leq .05$). Léiríonn céatadáin arda páistí go n-aontaíonn siad fós le ráitis ina bhfuil foclaíocht dhearfach: "Tá léitheoireacht na Gaeilge thar barr" (R3 T1 66.6%; R3 T2 57.2%); "Léifidh mé an oiread leabhair Ghaeilge agus is féidir" (R3 T1 44.8%; R3 42.9%). Níl ach mionlach a aontaíonn le ráitis ina bhfuil foclaíocht dhiúltach: "Is cur amú ama í léitheoireacht na Gaeilge" (R3 T1 26.6%; R3 T2 25.0%); "Is fuath liom léamh as Gaeilge" (R3 T1 20.0%; R3 T2 25.0%) agus ta níos lú páistí a cheapann go bhfuil léitheoireacht na Gaeilge leadránach (R3 T1 30.0%; R3 T2 21.5%) ach ní athrú suntasach é seo.

Léiríonn taighde eile go n-éiríonn páistí níos diúltaí maidir leis an léitheoireacht de réir mar a théann siad in aois agus tagann sé seo chun cinn maidir le dhá mír ach go háirithe – "Bainim an-taitneamh as léamh as Gaeilge" (R3 T1 66.6%; R3 T2 60.7%) (X^2 (2, N= 26) = 24.47, $p \leq .05$); "Is breá liom léamh as Gaeilge" (R3 T1 63.3%; R3 T2 53.6%) (X^2 (2, N= 26) = 17.79, $p \leq .05$). Tá titim neamhshuntasach sna míreanna eile: "Nuair a fhágaim an scoil, ní léifidh mé as Gaeilge a thuilleadh" (R3 T1 23.4%; R3 T2 42.9%); agus "B'fhearr liom m'am a chaitheamh ar ábhair eile seachas ar léitheoireacht na Gaeilge" (R3 T1 46.7%; R3 T2 61.5%).

Tá fianaise ann go mb'fhéidir go bhfuil a meon ag athrú. É sin ráite, ar an mórchuid léiríonn siad dearcthaí dearfacha i leith léitheoireacht na Gaeilge.

Tábla 26: Rang 3 Dearcadh i leith Léitheoireacht na Gaeilge

	Tús an Chlub Léitheoireachta				Deireadh an Chlub Léitheoireachta			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo
1. Is cur amú ama í léitheoireacht na Gaeilge.	50.0	23.3	13.3	13.3	39.3	35.7	14.3	10.7
2. Nuair a fhágaim an scoil, ní léifidh mé as Gaeilge a thuilleadh.	53.3	23.3	16.7	6.7	32.1	25.0	28.6	14.3
3. Bainim an-taitneamh as léamh as Gaeilge.	13.3	20.0	33.3	33.3	21.4	17.9	46.4	14.3
4. Is breá liom léamh as Gaeilge.	13.3	23.3	33.3	30.0	21.4	25.0	42.9	10.7
5. Is cuid thábhachtach den chlár scoile í léitheoireacht na Gaeilge.	3.3	0	23.3	73.3	0	0	32.1	67.9
6. Tá léitheoireacht na Gaeilge thar barr.	13.3	20.0	43.3	23.3	21.4	21.4	53.6	3.6
7. Is fuath liom léamh as Gaeilge.	53.3	26.7	3.3	16.7	42.9	32.1	10.7	14.3
8. B'fhearr liom m'am a chaitheamh ar ábhair eile seachas ar léitheoireacht na Gaeilge.	20.0	33.3	26.7	20.0	0	38.5	42.3	19.2
9. Sílim go bhfuil léitheoireacht na Gaeilge leadránach.	33.3	36.7	13.3	16.7	53.6	25.0	3.6	17.9
10. Léifidh mé an oiread leabhair Ghaeilge agus is féidir.	17.2	37.9	20.7	24.1	14.3	42.9	28.6	14.3
11. Tá mé go maith ag léamh as Gaeilge.	10.0	10.0	50.0	30.0	14.3	32.1	32.1	21.4

*Q 3: X^2 (2, N= 26) = 24.47, p ≤.05
*Q 4: X^2 (2, N= 26) = 17.79, p ≤.05
*Q 6: X^2 (2, N= 26) = 18.68, p ≤.05

Maidir le Rang a 5 feicimid go leanann na dearcthaí dearfacha ar an mórchuid agus go n-aontaíonn líon substaintiúil fós leis na ráitis ina bhfuil foclaíocht dhearfach: "Is cuid thábhachtach den chlár scoile í léitheoireacht na Gaeilge" (R5 T1 93.3%; R5 T2 93.1%). Tá athrú beag suntasach tagtha ar an taitneamh a cheanglaíonn siad le léitheoireacht na Gaeilge. "Bainim an-taitneamh as léamh as Gaeilge" (R5 T1 50.0%; R5 T2 55.1%) (X^2 (2, N= 26) = 18.75, p ≤.05).

Tá cúpla toradh a thagann salach ar a chéile go pointe, mar atá, an titim i gcéatadán na bpáistí gur breá leo léamh as Gaeilge (R5 T1 50.0; R5 T2 41.4%) (X^2 (2, N= 26) = 22.92, p ≤.05) ach an titim freisin sa chéatadán a deir gur fuath leo léamh as Gaeilge (R5 T1 31.0%; R5 T2 27.5.0%) (X^2 (2, N= 26) = 26.49, p ≤.05). Ina theannta sin, tá athruithe suntasacha sna céatadáin a aontaíonn le ráitis ina bhfuil foclaíocht dhiúltach: "Is cur amú ama í léitheoireacht na Gaeilge" (R5 T1 28.5%; R5 T2 24.1%) (X^2 (2, N= 26) = 24.69, p ≤.05) agus "Nuair a fhágaim an scoil, ní léifidh mé as Gaeilge a thuilleadh" (R5 T1 24.1%; R5 T2 37.9%) (X^2 (2, N= 26) = 25.02, p ≤.05). Taispeánann an dá mhír seo an

ceangal a dhéantar idir an scoil agus cúrsaí léitheoireachta. Maidir leis an scór scála áfach, feicimid nach bhfuil athrú suntasach ar an iomlán cé gur tharla cúpla athrú laistigh den scála.

Cuireadh mír amháin eile leis an scála seo: ceist faoina muinín léamh as Gaeilge. I gcás Rang 3 agus Rang 5 ní raibh aon athrú ag an deireadh (R3 T1 66.7%; R3 T2 65.5%) (R5 T1 66.7%; R5 T2 65.5%).

Tábla 27: Rang 5 Dearcthaí i leith Léitheoireacht na Gaeilge

	Tús an Chlub Léitheoireachta				Deireadh an Chlub Léitheoireachta			
	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo	Ní aontaím leis seo in aon chor	Ní aontaím leis seo	Aontaím leis seo	Aontaím go huile is go hiomlán leis seo
1. Is cur amú ama í léitheoireacht na Gaeilge.	25.0	46.4	21.4	7.1	34.5	41.4	20.7	3.4
2. Nuair a fhágaim an scoil, ní léifidh mé as Gaeilge a thuilleadh.	41.4	34.5	13.8	10.3	20.7	41.4	20.7	17.2
3. Bainim an-taitneamh as léamh as Gaeilge.	13.3	36.7	30.0	20.0	17.2	27.6	31.0	24.1
4. Is breá liom léamh as Gaeilge.	20.0	30.0	40.0	10.0	24.1	34.5	27.6	13.8
5. Is cuid thábhachtach den chlár scoile í léitheoireacht na Gaeilge.	3.3	3.3	50.0	43.3	3.4	3.4	34.5	58.6
6. Tá léitheoireacht na Gaeilge thar barr.	16.7	40.0	33.3	10.0	17.2	31.0	37.9	13.8
7. Is fuath liom léamh as Gaeilge.	24.1	44.8	13.8	17.2	27.6	44.8	17.2	10.3
8. B'fhearr liom m'am a chaitheamh ar ábhair eile seachas ar léitheoireacht na Gaeilge.	10.3	17.2	55.2	17.2	17.2	20.7	37.9	24.1
9. Sílim go bhfuil léitheoireacht na Gaeilge leadránach.	24.1	34.5	31.0	10.3	34.5	41.4	17.2	6.9
10. Léifidh mé an oiread leabhair Ghaeilge agus is féidir.	23.3	56.7	20.0	0	6.9	58.6	27.6	6.9
11. Tá mé go maith ag léamh as Gaeilge.	16.7	16.7	46.7	20.0	6.9	27.6	48.3	17.2

Q 1: X^2 (2, N= 26) = 24.69, p ≤.05
Q 2: X^2 (2, N= 26) = 25.02, p ≤.05
Q 3: X^2 (2, N= 26) = 18.75, p ≤.05
Q 3: X^2 (2, N= 26) = 22.92, p ≤.05
Q 7: X^2 (2, N= 26) = 26.49, p ≤.05

Cuireann na freagraí maidir le gnéithe den chultúr Gaelach a thaitníonn leo lenár dtuiscint ar an spéis i gcoitinne atá ag na páistí i gcúrsaí Gaeilge agus i gcúrsaí Gaelacha. Ní scála é seo ach samplaí d'imeachtaí sóisialta agus de chineálacha caitheamh aimsire. Is cosúil gur mhair an spéis atá ag páistí i ngnéithe den chultúr Gaelach, is maith lena lán díobh cúrsaí spóirt go háirithe (R3 T1 76.7%; R3 T2 85.7%) ach tá líon níos lú a bhfuil spéis acu breathnú ar chláir as Gaeilge (R3 T1 16.7%; R3 T2 14.3%) nó éisteacht le ceol as Gaeilge (R3 T1 26.7%; R3 T2 25.0%). Ag an tús agus ag an

deireadh is iad na gnéithe den chultúr Gaelach ina bhfuil an teagmháil is lú acu leis an teanga, na cinn is fearr leo.

Tábla 28: Rang 3 Spéis sa Chultúr Gaelach

	Tús an Chlub Léitheoireachta	Deireadh an Chlub Léitheoireachta
Féachaint ar TG4	16.7	14.3
Éisteacht le ceol as Gaeilge	26.7	25.0
Cluichí Gaelacha a imirt	76.7	85.7
Ceol traidisiúnta a sheinm	40.0	42.9

Feictear an patrún céanna le Rang 5, is é sin, gur maith lena bhformhór díobh cluichí Gaelacha a imirt fós (R5 T1 76.7%; R5 T2 72.4%) ach nach léiríonn siad an spéis chéanna i ngnéithe cultúrtha ina bhfuil an teanga in úsáid, mar shampla, féachaint ar TG4 (R5 T1 6.7%; R5 T2 13.8%) nó éisteacht le ceol as Gaeilge (R5 T1 30.0%; R5 T2 37.9%).

Tábla 29: Rang 5 Spéis sa Chultúr Gaelach

	Tús an Chlub Léitheoireachta	Deireadh an Chlub Léitheoireachta
Féachaint ar TG4	6.7	13.8
Éisteacht le ceol as Gaeilge	30.0	37.9
Cluichí Gaelacha a imirt	76.7	72.4
Ceol traidisiúnta a sheinm	33.3	34.5

Mar sin, ar an iomlán tá dearcthaí dearfacha fós ag páistí Rang 5 cé go bhfuil titim bheag i míreanna áirithe laistigh de na scálaí. Níl fianaise ann go bhfuil mórán teagmhála ag paistí sa dá rang leis an teanga lasmuigh den scoil. Leagann sé seo béim ar fhiúntas na léitheoireachta d'fhorbairt scileanna teanga go háirithe nuair is mionteanga atá ann. Léiríonn taighdeoirí eile go meastar go bhfuil siollabas Gaeilge na meánscoile ag cur thar maoil le cúrsaí litríochta (Ó Dubhthaigh 1978 in Ó Laoire, 2008), agus tuairiscíonn roinnt mac léinn sa chéad bhliain san ollscoil, drochthaithí maidir le litríocht na Gaeilge a dhéanamh don Ardteistiméireacht (Dunne, 2015: 85). B'fhéidir go gcuireann an easpa teagmhála le cúrsaí litríochta sa bhunscoil leis an dearcadh seo ar ball. Má tá páistí cleachta leis an léitheoireacht, ní smaoineoidh siad gur ualach é leabhair a léamh.

Cúrsaí Aoise

Fós ag deireadh an chlub léitheoireachta, léiríonn páistí Rang 3 dearcadh níos fearr i leith na léitheoireachta i gcoitinne ($F = 3.79$, $p = 0.034$). Anois freisin, roghnaíonn páistí Rang 5 téacsanna léitheoireachta nach leabhair thraidisiúnta iad níos mó ná páistí Rang 3 ($F = 0.081$, $p = .002$). Chomh

maith leis sin tá páistí Rang 3 fós níos dearfaí ná Rang 5 maidir le léitheoireacht na Gaeilge (F = 4.85, p = 0.036).

Cúrsaí Inscne

Chonacthas ag an tús i Rang 3 agus i Rang 5 go raibh roinnt difríochtaí staitistiúla suntasacha idir cailíní agus buachaillí. Is é sin gur bhain cailíní níos mó taitnimh as an léitheoireacht i gcoitinne, ach nach raibh tionchar ag cúrsaí inscne ar an tacaíocht a fhaigheann siad don léitheoireacht sa bhaile, ar an rogha a dhéanann siad leabhair neamhthraidisiúnta a léamh, ná ar a ndearcadh i leith na léitheoireachta Gaeilge.

Ag an deireadh i Rang 3 níor tháinig aon chomhchoibhneas suntasach amach idir cailíní agus taitneamh léitheoireachta mar gur éirigh dearcadh na mbuachaillí beagán níos dearfaí. An meanscór do chailíní ná R3 T1 3.13; R3 T2 3.15 agus an meánscór do bhuachaillí ná R3 T1 2.79; R3 T2 2.96. Chuir formhór an ranga in iúl i gCuid 1 freisin go gceapann siad go mbaineann cailíní agus buachaillí an taitneamh céanna as an léitheoireacht (R3 T1 76.7%; R3 T2 67.8%). Níl difríocht shuntasach idir an mhuinín atá ag cailíní i gcomparáid le buachaillí ag deireadh an chlub léitheoireachta ach tá an deighilt seo imithe i léig mar gur éirigh na buachaillí beagán níos dearfaí le linn do na cailíní éirí beagán níos diúltaí. an meánscór do chailíní ná R3 T1 3.38; R3 T2 3.12 an meánscór do bhuachaillí ná R3 T1 2.59; R3 T2 2.80.

Maidir le Rang 5 áfach, bhí gaol dearfach ann idir cailíní agus taitneamh léitheoireachta ag an deireadh (F = 8.225, p = 0.008, eta = 24.0%). Is é R5 T1 2.90; R5 T2 2.98 an meánscór do chailíní agus is é R5 T1 2.56; R5 T2 2.61 an meánscór do bhuachaillí. Tá sé sin spéisiúil mar ag an deireadh síleann an rang féin go mbaineann cailíní agus buachaillí an taitneamh céanna as an léitheoireacht (R5 T1 82.8%; R5 T2 89.6%). Tagann an difríocht seo chun cinn mar go n-éiríonn cailíní agus buachaillí beagán níos dearfaí.

Níl dearcadh níos dearfaí ag cailíní Rang 3 ag an deireadh maidir le léitheoireacht na Gaeilge mar tháinig titim bheag neamhshuntasach i measc cailíní agus buachaillí. Is é (R3 T1 3.32; R3 T2 3.09) an meánscór do chailíní agus is é (R3 T1 2.65; R3 T2 2.53) an meánscór do bhuachaillí. Ach imríonn cúrsaí inscne tionchar ar dhearcthaí Rang 5 i leith léitheoireacht na Gaeilge ag an deireadh mar éiríonn na cailíní beagán níos dearfaí le linn do na buachaillí éirí beagán níos diúltaí. Is é (R5 T1 3.00; R5 T2 3.01) an meánscór do chailíní ná agus is é (R5 T1 2.56; R5 T2 2.49) (F = 4.85, p = 0.036, eta = 15.2%) an meánscór do bhuachaillí.

Mar a fheicimid ar ball, tháinig athruithe ar na cineálacha leabhar a thaitníonn leis na ranganna ar fad, buachaillí agus cailíní, mar aon leis an mbealach gur fearr leo bheith ag léamh. Más

féidir freastal ar na mianta seo, tá seans ann go n-imreoidh sé dea-thionchar ar an taitneamh léitheoireachta. I gcoitinne, áfach, léirítear nach bhfuil tionchar an-mhór ag cúrsaí inscne ar léitheoireacht i dteanga bhreise.

Cleachtais Léitheoireachta

Sna codanna eile den cheistiúchán, bhí deis ag na páistí a dtuairimí a nochtadh maidir lena nósanna léitheoireachta agus leis an gcaoi a léann siad. Ní scála a bhí anseo ach grúpa míreanna, agus mar sin, ní dhearnadh meánscór scála a ríomh. Cuirfear na torthaí in iúl mar shonraí suirbhé.

Ar an iomlán is maith le páistí Rang 3 leabhar téagartha nó ina bhfuil níos mó ná 100 leathanach (R3 T1 66.7%; R3 T2 53.6%), agus níl an spéis chéanna acu i ngearrshleachta. Ag deireadh an chlub léitheoireachta, ní deir aon duine gur maith leo leabhair ina bhfuil níos lú ná 10 leathanach (R3 T1 10.0%; R3 T2 0%), ach anois léiríonn níos mó páistí go dtaitníonn leabhair meánmhéid leo in a bhfuil idir 11-25 leathanach leo (R3 T1 3.3%; R3 T2 10.7%), nó leabhar ina bhfuil 26-100 leathanach (R3 T1 16.7%; R3 T2 35.7%). Is athrú dearfach é seo toisc go bhfuil siad ag éirí níos solúbtha sna cineálacha léitheoireachta a thaitníonn leo agus nach bhféachann siad ar an léitheoireacht mar leabhar mór amháin.

Fad Leabhair agus Líon Leabhar

Bhí deis ag na páistí a chur in iúl cé mhéad leabhar Béarla agus Gaeilge atá acu sa bhaile. Is fiú a thabhairt san áireamh, áfach, go mbíonn neamhréir uaireanta idir an líon leabhar a thuairiscíonn siad ag bunú agus deireadh an chlub léitheoireachta agus taispeánann sé seo roinnt de na deacrachtaí a bhíonn le féintuairisciú i measc páistí óga.

Mar a bheifí ag súil leis, agus an Béarla mar phríomhtheanga an bhaile, tá níos mó leabhar Béarla ag na páistí ná mar atá leabhair Ghaeilge. Is dea-chomhartha é go ndeir formhór an ranga go bhfuil idir 26 - 100 leabhar Béarla acu sa bhaile (R3 T1 93.1%; R3 T2 96.4%) ach tá líon suntasach a deir go bhfuil níos lú ná 10 leabhar Gaeilge acu sa bhaile (R3 T1 53.3%; R3 T2 42.9%). Léiríonn na torthaí seo go bhfuil léitheoireacht na Gaeilge teoranta minic go leor don scoil, agus mar sin, tá fiúntas ag baint le léitheoireacht fhorleathan a dhéanamh ar scoil.

Tábla 30: Rang 3 Cleachtais Léitheoireachta (Fad Leabhair agus Líon Leabhar)

	Tús an Chlub Léitheoireachta	Deireadh an Chlub Léitheoireachta
26 (a) Is maith liom leabhar atá níos lú ná 10 leathanach	10.0	0
26 (b) Is maith liom leabhar ina bhfuil 11 – 25 leathanach	3.3	10.7
26 (c) Is maith liom leabhar ina bhfuil 26 – 100 leathanach	16.7	35.7
26 (d) Is maith liom leabhar ina bhfuil níos mó ná 100 leathanach	66.7	53.6
28 (a) Tá níos lú ná 10 leabhar Béarla agam sa bhaile	3.4	3.6
28 (b) Tá idir 11 – 25 leabhar Béarla agam sa bhaile	3.4	0
28 (c) Tá idir 26 – 100 leabhar Béarla agam sa bhaile	93.1	96.4
28 (d) Tá níos lú ná 10 leabhar Gaeilge agam sa bhaile	53.3	42.9
28 (e)Tá idir 11 – 25 leabhar Gaeilge agam sa bhaile	26.7	28.6
28 (f) Tá idir 26 – 100 leabhar Gaeilge agam sa bhaile	20.0	28.6

Tagann torthaí cosúil leis seo chun cinn i measc léitheoirí Rang 5, is é sin, go bhfuil siad níos ceanúla ar leabhair atá beagáinín níos giorra a léamh tar éis an chlub léitheoireachta. Tá ardú tagtha ar líon na bpáistí ar maith leo leabhar ina bhfuil níos lú ná 10 leathanach (R5 T1 6.7%; R5 T2 20.7%), agus leabhar ina bhfuil 26-100 leathanach (R5 T1 0%; R5 T2 13.8%). Tá titim ann ag an am céanna i líon na bpáistí a deir go dtaitníonn leabhar fada leo ina bhfuil níos mó ná 100 leathanach (R5 T1 86.7%; R5 T2 62.1%). Is cosúil nach gceanglaíonn siad an léitheoireacht le leabhar traidisiúnta anois agus tá seans ann go mbaineann sé seo leis an taithí a bhí acu ar sheánraí éagsúla agus ar sheánraí níos gaire.

I measc léitheoirí Rang 5 tá difríocht mhór fós ann idir líon na leabhar Béarla agus líon na leabhar Gaeilge atá acu sa bhaile. Cuir i gcás, léiríonn formhór díobh go bhfuil idir 26 - 100 leabhar Béarla acu sa bhaile (R5 T1 90.0%; R5 T2 82.8%) ach léiríonn os cionn leath den ghrúpa go bhfuil níos lú ná 10 leabhar Gaeilge acu sa bhaile (R5 T1 60.0%; R5 T2 62.1%).

Cosúil le páistí Rang 3, baineann léitheoireacht na Gaeilge i Rang 5 leis an lá scoile níos mó ná le caitheamh aimsire sa bhaile. Cé go nochtann líon ard de na páistí dearcadh dearfach maidir le léamh as Gaeilge ar an scála *Dearcadh i leith léitheoireacht na Gaeilge*, ní hionann an meon dearfach agus deiseanna rialta a bheith acu sa bhaile. Ní raibh aon bhaint ag an gclub léitheoireachta leis an léitheoireacht sa bhaile i ndáiríre, agus mar sin, ní bheadh iontas ar an taighdeoir nach raibh athrú suntasach le feiceáil sna codanna seo.

Tábla 31: Rang 5 Cleachtais Léitheoireachta (Fad Leabhair agus Líon Leabhar)

	Tús an Chlub Léitheoireachta	Deireadh an Chlub Léitheoireachta
26 (a) Is maith liom leabhar atá níos lú ná 10 leathanach	6.7	20.7
26 (b) Is maith liom leabhar ina bhfuil 11 – 25 leathanach	3.3	3.4
26 (c) Is maith liom leabhar ina bhfuil 26 – 100 leathanach	0	13.8
26 (d) Is maith liom leabhar ina bhfuil níos mó ná 100 leathanach	86.7	62.1
28 (a) Tá níos lú ná 10 leabhar Béarla agam sa bhaile	3.3	3.4
28 (b) Tá idir 11 – 25 leabhar Béarla agam sa bhaile	6.7	10.3
28 (c) Tá idir 26 – 100 leabhar Béarla agam sa bhaile	90.0	82.8
28 (d) Tá níos lú ná 10 leabhar Gaeilge agam sa bhaile	60.0	62.1
28 (e) Tá idir 11 – 25 leabhar Gaeilge agam sa bhaile	33.3	31.0
28 (f) Tá idir 26 – 100 leabhar Gaeilge agam sa bhaile	6.7	6.9

Tá castacht ag baint leis na torthaí seo a léirmhíniú, áfach. Ní fianaise bheacht é an líon leabhar atá sa bhaile ar an méid a léitear agus tráchtann taighdeoirí air seo i gcás léitheoireachta sa mháthairtheanga ach go háirithe. Maidir le leabhair i dteanga bhreise, áfach, tá níos mó seans ann gur cinneadh comhfhiosach a bhí ann iad a cheannach agus tá tiomantas ann iad a léamh.

Ag an deireadh iarradh ar na páistí arís cad iad na leabhair Bhéarla agus Ghaeilge a bhí léite acu le déanaí. Ag an tráth seo, arís ar an meán, bhí níos mó leabhar Béarla comhaimseartha léite ag na páistí, mar shampla, leabhair de chuid David Walliams, ach bhí cúpla leabhar comhaimseartha luaite acu sa Ghaeilge, mar shampla, an tsraith *Ailfí* le hOrna Ní Choileáin. Is leabhair iad seo a rinneadh mar chuid den chlub. Taispeánann sé sin buntáiste a bhí ag an gclub maidir le níos mó teagmhála le téacsanna léitheoireachta Gaeilge.

Suíomhanna Léitheoireachta

Le linn an chlub léitheoireachta, moladh do na páistí áiteanna a roghnú sa seomra ranga chun an t-ábhar a léamh. Bhí saoirse acu áit a roghnú maidir le cúrsaí solais, compoird, comhluadair nó eile. Ag deireadh an chlub léitheoireachta, bhí deis ag na páistí machnamh ar an am den lá is mó a thaitin leo agus an áit. I Rang 3, tá ardú sa líon páistí ar maith leo léamh ina n-aonar (R3 T1 76.6%; R3 T2 92.9%) agus titim sa líon díobh ar maith leo léamh in éineacht le cairde (R3 T1 56.7%; R3 T2 39.3%). Léiríonn siad spéis, áfach, léamh lena muintir sa bhaile (R3 T1 13.3%; R3 T2 28.6%), agus tá féidearthachtaí ann mar sin tionscnamh mar seo a leathnú amach don bhaile. Cé gur maith le tromlach na bpáistí léamh ar scoil (R3 T1 76.7%; R3 T2 67.9%), tá níos mó díobh ann gur maith leo léamh sa bhaile, go háirithe sa leaba (R3 T1 96.7%; R3 T2 96.4%). Arís tá féidearthachtaí ann ceangal níos dlúithe a dhéanamh idir an léitheoireacht scoile agus an léitheoireacht bhaile.

Níor baineadh úsáid as scéalta digiteacha le Rang 3 mar chuid den chlub léitheoireachta ach tá sé spéisiúil mar sin féin go bhfuil níos lú ná trian den rang (R3 T2 28.6%) ag an deireadh a

chuireann in iúl gur maith leo scéalta den sórt seo ag aithint go bhfuil na páistí seo san aoisghrúpa ar a dtugtar "dúchasaigh dhigiteacha".

Tá cúpla léamh ar an tromlach i Rang 3 nach n-úsáideann ábhair dhigiteacha. Ar lámh amháin, b'fhéidir gur fearr leo fós leabhar a láimhseáil nó b'fhéidir nach bhfuil scéalta digiteacha ar fáil go fóill a fhreastalaíonn ar a mianta agus ar a riachtanais léitheoireachta. Nó ar an lámh eile, b'fhéidir nach mbíonn am scáileáin acu chun ábhar a léamh agus nach féidir leo machnamh domhain a dhéanamh air.

Table 32: Rang 3 Cleachtais Léitheoireachta (Suíomh agus Am)

	Tús an Chlub Léitheoireachta	**Deireadh an Chlub Léitheoireachta**
D4. Is maith liom léamh…		
Liom féin	76.6	92.9
Le mo chairde	56.7	39.3
Le mo mhuintir	13.3	28.6
Ar líne	43.3	28.6
Ar an bhfón póca	30.0	21.4
Leis an múinteoir	36.7	35.7
D5. *Is maith liom léamh…*		
Ar maidin	53.3	35.7
Ar scoil	76.7	67.9
Sa chlós	16.7	21.4
Sa charr	36.7	39.3
Ag an stad an bhus	10.0	7.1
Sa leaba	96.7	96.4

Tá torthaí cosúil leis seo le fáil i Rang 5. Is é sin gur fearr leis na páistí fós léamh leo féin (R5 T1 93.3%; R5 T2 93.1%) ná le cairde (R5 T1 53.3%; R5 T2 48.3%). Bhí deis ag an ngrúpa seo scéalta digiteacha a léamh agus tá ardú beag sa líon páistí ar maith leo ábhar a léamh ar líne anois (R5 T1 43.3%; R5 T2 51.7%), agus ar an bhfón póca (R5 T1 43.3%; R5 T2 48.3%). Tá níos mó dochúlachta ann leis na páistí atá níos sine go bhfuil fón póca acu agus gur féidir leo machnamh eolach a dhéanamh ar an gceist seo.

Mar a thit amach le Rang 3, an áit is mó a thaitníonn le páistí chun léitheoireacht a dhéanamh ná sa leaba (R5 T1 96.7%; R5 T2 89.7%) ach léiríonn beagnach an méid céanna díobh gur maith leo léamh ar scoil (R5 T1 90.0%; T2 86.2%). Tá seans ann go bhfuil suíomhanna eile a thaitníonn leo maidir le léitheoireacht a dhéanamh ach ní raibh deis acu iad a nochtadh sa cheistiúchán seo.

Tábla 33: Rang 5 Cleachtais Léitheoireachta (Am agus Suíomh)

	Tús an Chlub Léitheoireachta	Deireadh an Chlub Léitheoireachta
D4. Is maith liom léamh…		
Liom féin	93.3	93.1
Le mo chairde	53.3	48.3
Le mo mhuintir	23.3	24.1
Ar líne	43.3	51.7
Ar an bhfón póca	43.3	48.3
Leis an múinteoir	33.3	31.0
D5. *Is maith liom léamh…*		
Ar maidin	56.7	48.3
Ar scoil	90.0	86.2
Sa chlós	3.3	6.9
Sa charr	53.3	44.8
Ag an stad an bhus	0	13.8
Sa leaba	96.7	89.7

Is féidir roinnt de na torthaí seo a chur i gcomparáid le freagraí don mhír "Is maith liom léamh go ciúin liom féin" sa scála *Taitneamh Léitheoireachta*. Tá líon ard páistí fós ar fearr leo léamh ina n-aonar agus i suíomh ciúin. Feicimid an t-ardú i líon na bpáistí i Rang 3 a deir gur maith leo léamh go ciúin leo féin (R3 T1 80.0%; R3 T2 96.4%). Mar sin, tá fiúntas ag baint le meascán de chuir chuige, ach an cur chuige traidisiúnta ná páistí ag léamh go ciúin leo féin. Arís is maith le beagán níos mó páistí i Rang 5 léamh go ciúin ina n-aonar (R5 T1 76.7%; R5 T2 79.3%) ach sna freagraí oscailte, luaigh a lán páistí gur maith leo bheith i gcomhluadar páistí eile agus iad ag léamh. Is cosúil nach amháin na téacsanna léitheoireachta a mheall na páistí, ach an cur chuige don chlub, mar luaigh trian de Rang 5 gur bhain siad an-taitneamh as suí in áiteanna eile sa seomra. Féach ar roinnt de na tuairimí ionadaíocha:

"Is breá liom suí le mo chairde agus mé ag léamh." (R5)

"Is breá liom a bheith ag léamh in áiteanna eile sa seomra ranga." (R5)

"Is maith liom suí in áiteanna eile le léamh." (R5)

"Is breá liom suí le mo chairde agus mé ag léamh." (R5)

Is féidir an dá thrá a fhreastal ar bhealach, áfach, agus ligean do na páistí suí ina rogha áit sa seomra, de ghnáth in aice lena gcairde, ach fós féin spás ciúin a chur ar fáil don léitheoireacht.

Is féidir cúrsaí inspreagtha a mheas ó na freagraí a thug siad maidir leis an bhfáth a léann siad. Tá tromlach Rang 3 a deir go léann siad toisc go bhfuil spéis acu sa léitheoireacht (R3 T1 86.7%; R3 T2 78.6%), agus chonaiceamar cheana féin sna scálaí *Dearcadh i leith na léitheoireachta* agus *Dearcadh i leith léitheoireacht na Gaeilge* go bhfuil dearcadh dearfach acu maidir le cúrsaí

léitheoireachta. Is beag tionchar atá ag a bpiaraí ná ag a dtuismitheoirí ar na páistí, ach tá mionlach díobh a deir go léann siad toisc gur cuid den obair bhaile é (R3 T1 16.7%; R3 T2 21.4%).

Tábla 34: Rang 3 Cúiseanna Léitheoireachta

	Tús an Chlub Léitheoireachta	Deireadh an Chlub Léitheoireachta
C2. Léim leabhar mar…		
is maith liom an léitheoireacht	86.7	78.6
is cuid den obair bhaile é	16.7	21.4
bíonn mo chairde ag iarraidh léamh	0	3.6
bíonn mo dheirfiúracha agus mo dheartháireacha ag iarraidh léamh	0	7.1
bíonn mo thuismitheoirí ag iarraidh léamh	0	3.6

Tá páistí Rang 5 féinspreagtha freisin agus is maith leis an tromlach díobh an léitheoireacht (R5 T1 96.7; R5 T2 82.8%) agus luíonn sé seo leis na dearcthaí dearfacha a léirigh siad don léitheoireacht ar na scálaí eile. Déanann siad ionannú níos minice, áfach, idir an léitheoireacht agus an obair bhaile. Léann a lán páistí toisc gur cuid den obair bhaile í (R5 60.0%; R5 T2 75.9%), agus is beag tionchar atá ag a bpiaraí ná a muintir ar nósanna léitheoireachta.

I dtaighde eile, léirítear an meath a thagann ar spéiseanna léitheoireachta de réir mar a théann páistí in aois agus feictear roinnt toscaí eile a imríonn tionchar ar an nós, mar shampla, nach bhfuil rólmhúnla léitheoireachta ag páistí nó nach gcothaíonn a muintir agus a bpiaraí fonn iontu léamh. Ar ndóigh, tá iliomad cineálacha caitheamh aimsire ar fáil do pháistí freisin agus seans gur fearr leo a gcuid ama a chaitheamh orthu siúd.

Tábla 35: Rang 5 Cúiseanna Léitheoireachta

	Tús an Chlub Léitheoireachta	Deireadh an Chlub Léitheoireachta
C2. Léim leabhar mar…		
is maith liom an léitheoireacht	96.7	82.8
is cuid den obair bhaile é	60.0	75.9
bíonn mo chairde ag iarraidh léamh	16.7	3.4
bíonn mo dheirfiúracha agus mo dheartháireacha ag iarraidh léamh	13.3	6.9
bíonn mo thuismitheoirí ag iarraidh léamh	16.7	17.2

Léiríonn na torthaí ón gcuid seo den taighde go bhfuil meon dearfach fós ag páistí ach go bhfuil athruithe ag teacht *ar an gcaoi* a dtaitníonn sé leo bheith ag léamh. Cuireann taighdeoirí na tuarascála seo níos mó spéise san athrú maidir le bealaí chun léitheoireacht a dhéanamh, seachas na mionathruithe a bhaineann le suíomh faoi leith. Ar an iomlán taispeánann na hathruithe maidir leis

an gcaoi a dtaitníonn sé le páistí bheith ag léamh go bhfuil machnamh á dhéanamh acu ar a roghanna léitheoireachta agus is buntáiste é sin agus léitheoirí neamhspleácha á gcothú againn.

Seánraí Litríochta

An chuid dheireanach den cheistiúchán, bhain sé le seánraí litríochta agus le tuairimí na bpáistí fúthu. Mar a míníodh i gCaibidil 2, tugadh deis do na páistí seánra nua a phlé gach seachtain mar chuid den chlub léitheoireachta. Roghnaíodh na seánraí éagsúla bunaithe ar an aischothú a fuarthas ó na páistí sa chéad cheistiúchán. Rinneadh iarracht seánraí a gcuireann siad spéis iontu a roghnú, mar shampla, ábhar grinn, mar a bhí sna greannáin. Iarradh orthu ní hamháin na seánraí a thaitníonn leo a léiriú ach na cinn nach dtaitníonn leo a léiriú. In amanna, agus go háirithe i measc pháistí Rang 5, bhí neamhréir idir an céatadán a léirigh gur thaitin nó nár thaitin an seánra leo, mar a tharla le húrscéalta grafacha. Léirigh sé seo go mb'fhéidir nach raibh taithí chuimsitheach acu ar an seánra agus cuireadh é san áireamh i ndearadh an chlub léitheoireachta. Léiríonn sé freisin go mbíonn tuairimí láidre agus freagairt instinneach ag páistí Rang 3 do leabhar agus do sheánra faoi leith. Roinnt de na tuairimí láidre seo, ní gá go raibh siad bunaithe i gcónaí ar fhíorthaithí léitheoireachta, tóg mar shampla an bhraistint go bhfuil pictiúrleabhair "páistiúil", agus cuireadh roinnt de na leabhair seo isteach sa chlub chun dúshlán a thabhairt do na réamhthuairimí.

Ceann de na haidhmeanna a bhain leis an gclub léitheoireachta ná go mbeadh na páistí in ann rogha eolach a dhéanamh, agus mar sin, in ionad liosta a dhéanamh amach de na seánraí ab fhearr leo, cuireann taighdeoirí na tuarascála seo níos mó spéise *san fháth* ar thaitin seánra amháin leo thar sheánra eile agus sa chumas a léirigh siad labhairt faoi chúrsaí léitheoireachta. Tá an bhéim seo tábhachtach agus má tá an léitheoireacht á cur chun cinn mar chaitheamh aimsire, tá fiúntas ag baint leis an gclub a mhúnlú ar chlubanna leabhar do dhaoine fásta ina mbíonn deis ag léitheoirí buanna agus lochtanna an leabhair a phlé. Mar sin, féachfar ar na freagraí oscailte freisin le tuiscint níos fearr a fháil ar thuairimí na bpáistí.

Is léir gur athraigh roinnt páistí a meon faoi sheánraí faoi leith agus tá an t-aischothú ar fad ar fáil sa tábla thíos. Ba mhaith liom díriú isteach ar chúpla athrú go speisialta chun tábhacht an chlub léitheoireachta a léiriú agus chun moltaí don tionscal foilsitheoireachta a mholadh. Tá ardú i líon na bpáistí a dtaitníonn pictiúrleabhair leo ag deireadh an chlub léitheoireachta (R3 T1 13.3%; R3 T2 35.7%). Idir tús agus deireadh an taighde bhí deis ag na páistí cúrsaí maisitheoireachta a phlé agus comhrá aibí a dhéanamh faoi na teicnící agus faoin stíl sna leabhair, agus dá bharr sin, níor smaoinigh an líon céanna páistí ar na cineálacha seo leabhar mar leabhair do pháistí amháin. Is léitheoirí teanga bhreise iad na páistí sa staidéar seo; chonaic siad go raibh pictiúir i leabhair cabhrach dóibh chun an bhrí a thuiscint agus chun comhthéacs a thabhairt don fhoclóir. Tá an t-

athrú meoin seo úsáideach mar beidh na páistí níos oscailte do thacaíochtaí pictiúrtha amach anseo. Ag tús an chlub ní raibh spéis ag a lán páistí i mbéaloideas na hÉireann, an seánra is coitianta i litríocht na n-óg. Seans gur cheangail na páistí é sin le téamaí seanfhaiseanta nó le scéalta atá ar eolas acu cheana féin. Ach nuair a breathnaigh siad ar athinsintí nua-aimseartha de na scéalta céanna léirigh siad meon níos dearfaí ag deireadh an taighde (R3 T1 26.7%; R3 T2 60.7%). I gcás na drámaíochta tá tábhacht leis an méadú i líon na ndaltaí a dtaitníonn sé leo drámaí a léamh (R3 T1 26.7%; R3 T2 39.3%). Ó cuireadh Curaclam na Bunscoile 1999 i bhfeidhm, cheangail an curaclam drámaí na Gaeilge le forbairt scileanna labhartha na Gaeilge den chuid is mó agus tá beag is fiú déanta dá ról mar ábhar léitheoireachta.

Ag deireadh an chlub léitheoireachta, tá ardú i líon na bpáistí ar maith leo cineálacha neamhthraidisiúnta léitheoireachta; na cineálacha seo, cuir i gcás, cluichí cláir (R3 T1 63.3%; R3 T2 75.0%), filíocht (R3 T1 20.0%; R3 T2 28.6%), agus gearrscéalta (R3 T1 13.3%; R3 T2 21.4%). Is comhartha dearfach é seo go bhfuil an coincheap atá acu ar cad is litríocht ann ag leathnú amach agus cuireann sé béim ar an bhfiúntas a bhaineann le hábhair ghearra, go háirithe do léitheoirí teanga breise.

Feicimid fás agus forbairt sna tuairimí a léiríonn Rang 5 chomh maith. Toisc aoisghrúpa eile a bheith ann, agus seánraí beagáinín difriúil curtha ar fáil dóibh sa chlub léitheoireachta, ní bheimis ag súil leis na tuairimí céanna a fháil uathu ach ta roinnt cosúlachtaí le sonrú. Arís, tá níos mó páistí ann ar maith leo pictiúrleabhair ag an deireadh óir ní smaoiníonn siad orthu mar ábhar páistiúil (R5 T1 36.7%; R5 T2 55.2%). Tá níos mó díobh ann freisin a léiríonn spéis i mbéaloideas na hÉireann (R5 T1 16.7%; R5 T2 37.9%). Tá dearcadh dearfach acu maidir le seánraí neamhfhoirmiúla agus le sleachta gearra anois, mar shampla gearrscéalta (R5 T1 26.7%; R5 T2 51.7%), liricí ceoil (R5 T1 20.0%; R5 T2 31.0%), scéalta dátheangacha (R5 T1 16.7%; R5 T2 48.3%).

Tá titim i líon na bpáistí ar maith leo greannáin (R5 T1 73.3%; R5 T2 58.6%). Tá titim le feiceáil i bhfoilsiú greannán le blianta beaga anuas agus b'fhéidir go bhfuil easpa spéise ag páistí an lae inniu iontu toisc go bhfuil ábhair tharraingteacha ilmheánacha eile ar fáil dóibh. Tá seans ann go gcuireann an cur i láthair sna greannáin an leabhar scoile i gcuimhne dóibh, ina bhfuil bolgáin chainte, nó nach bhfuil dóthain teagmhála acu leis an seánra seo go dtí seo.

Tábla 36: Rang 3 Roghanna Léitheoireachta (Seánraí)

10. Is maith liom na cineálacha seo leabhar:	**Tús an Chlub Léitheoireachta**	**Deireadh an Chlub Léitheoireachta**
Cluichí cláir	63.3	75.0
Ficsean eolaíochta	60.0	60.7
Scéal neamhfhicsin	60.0	53.6
Sraithscéal	60.0	71.4
Greannáin	50.0	50.0
Scéal bleachtaireachta	46.7	53.6
Leabhar cócaireachta	46.7	35.7
Ríomhleabhar	43.3	28.6
Scéal dátheangach	30.0	39.3
Béaloideas na hÉireann	26.7	60.7
Drámaí	26.7	39.3
Liricí ceoil	26.7	25.0
Úrscéal grafach	23.3	7.1
Gearrscéalta	20.0	21.4
Filíocht	13.3	28.6
Pictiúrleabhair	13.3	35.7
11. Ní maith liom na cineálacha seo leabhar:		
Gearrscéalta	73.3	75.0
Úrscéal grafach	66.7	67.9
Béaloideas na hÉireann	63.3	39.3
Filíocht	63.3	57.1
Líricí ceoil	60.0	67.9
Scéal dátheangach	56.7	46.4
Pictiúrleabhar	53.3	42.9
Ríomhleabhar	53.3	57.1
Leabhar cócaireachta	46.7	42.9
Drámaí	43.3	57.1
Cluiche cláir	40.0	17.9
Scéal bleachtaireachta	40.0	53.6
Greannáin	36.7	46.4
Scéal neamhfhicsin	33.3	39.3
Ficsean eolaíochta	30.0	50.0
Sraithscéal	30.0	21.4

Tábla 37: Rang 5 Roghanna Léitheoireachta (Seánraí)

10. Is maith liom na cineálacha seo leabhar:	**Tús an Chlub Léitheoireachta**	**Deireadh an Chlub Léitheoireachta**
Sraithscéalta	83.3	82.8
Greannáin	73.3	58.6
Gearrscéalta	73.3	51.7
Ficsean eolaíochta	70.0	65.5
Leabhair chócaireachta	56.7	58.6
Scéal dátheangach	50.0	48.3
Ríomhleabhar	43.3	37.9
Scéalta bleachtaireachta	40.0	82.8
Scéalta neamhfhicsin	40.0	41.4
Cluichí cláir	36.7	51.7
Drámaí	36.7	37.9
Pictiúrleabhair	36.7	58.6
Úrscéalta grafacha	33.3	27.6
Liricí ceoil	20.0	31.0
Scéalta dátheangacha	20.0	48.3
Béaloideas	20.0	37.9
11. Ní maith liom na cineálacha seo leabhar:		
Gearrscéalta	60.0	44.8
Líricí ceoil	56.7	62.1
Filíocht	53.3	72.4
Cluichí cláir	50.0	48.3
Scéalta dátheangacha	50.0	37.9
Béaloideas na hÉireann	46.7	48.3
Drámaí	46.7	55.2
Scéal neamhfhicsin	41.4	48.3
Úrscéal grafach	40.0	65.5
Pictiúrleabhar	33.3	34.5
Leabhar cócaireachta	30.0	31.0
Ríomhleabhar	23.3	44.8
Scéal bleachtaireachta	23.3	13.8
Greannáin	20.0	37.9
Ficsean eolaíochta	16.7	27.6
Sraithscéal	6.7	20.7

Freagraí Oscailte

Tugann na freagraí oscailte léargas dúinn freisin ar na tuairimí atá ag na páistí. Thug na céatadáin chéanna de na grúpaí eolas breise sna freagraí oscailte (D'fhreagair 94.0% de Rang 3 agus 100% de Rang 5). I Rang 3 bhain os cionn leath an ghrúpa (51.5%) úsáid as an bhfreagra oscailte chun aithris nó treisiú a dhéanamh ar an gcéad tuairim a léirigh siad ag an tús, mar shampla:

> *"Níl greannáin spreagúil" (R3)*

"Is maith liom leabhair chócaireachta mar tugann siad smaointe duit i gcomhar na bácála." (R3)

"Ní maith liom pictiúrleabhair mar níl siad go maith." (R3)

"Is maith liom greannáin mar tá siad an-spreagúil agus níl siad ró-éasca, tá siad sa lár". (R3)

Tá sé spéisiúil gur chuir céatadán níos airde (21% ag an tús agus 30% ag an deireadh) cúis leis an rogha, is é sin, gur scríobh siad "mar…". Taispeánann sé seo go bhfuil níos mó taithí acu ar chur síos níos cuimsithí a thabhairt.

Bhain 12% de na páistí úsáid as na freagraí oscailte chun seánra nua a lua agus in amanna ní raibh an seánra sin ina chuid den chlub léitheoireachta, mar shampla, leabhar ealaíne, leabhar bliantúil nó leabhair chun teangacha a fhoghlaim. Léiríonn sé sin freisin go bhfuil siad ag smaoineamh ar sheánraí ar shlí níos leithne.

I gcoitinne, thug Rang 5 eolas níos cuimsithí. Bhí Rang 5 cumasach ag an tús ag cur síos ar na fáthanna ar thaitin nó nár thaitin seánra éigin leo agus tá an cumas sin fós acu (R5 T1 56.7%; R5 T2 53.3%). Baineann 30% ag an deireadh úsáid as na freagraí oscailte chun aithris nó treisiú ar na réamhthuairimí. Luann 13.3% de Rang 5 cineálacha nua leabhar, seánraí nach raibh clúdaithe sa chlub léitheoireachta:

"Ní maith liom nuachtáin." (R5)

"Ní maith liom leabhair Jacqueline Wilson." (R5)

"Ní maith liom leabhair faoi 1916 agus leabhair faoi chogaidh". (R5)

"Ní maith liom leabhair spóirt." (R5)

Is maith an rud é go bhfuil na páistí ag smaoineamh ar bhonn níos leithne ar roghanna a gcuirfidh agus nach gcuirfidh siad spéis iontu. In amanna déanann siad féin tagairt don easpa teagmhála a bhí acu leis an seánra úd:

"Mar níor léigh mé riamh leabhair mar seo."

I gcoitinne, na tréithe de leabhair a thaitníonn le páistí ag an tús agus ag an deireadh ná go mbeadh sé "greannmhar" agus nach mbeadh sé "leadránach". Tá cumas ag na páistí labhairt ní hamháin faoi leabhair is maith leo ach freisin faoi leabhair agus téacsanna léitheoireachta nach maith leo. Cabhraíonn an cumas seo leo cinneadh eolach a dhéanamh maidir le roghnú téacsanna léitheoireachta.

Tátal

Chun tátal a bhaint as an méid seo, bhí dearcadh dearfach ag na páistí seo i leith na léitheoireachta i gcoitinne, agus i leith léitheoireacht na Gaeilge ag an tús, rud a chiallaíonn gur grúpa neamhghnách iad i gcomparáid leis an bpobal ar an gcéad dul síos. Chomh maith leis sin, toisc go raibh na páistí seo sa chóras tumoideachais, is féidir bheith ag súil leis go raibh dearcadh níos dearfaí agus cumas níos airde acu sa Ghaeilge. Mhair na dearcthaí dearfacha seo le linn an chlub agus ní bheifí ag súil le hardú suntasach sa mheon dearfach mar chuid d'idirghabháil chomh gearr leis seo, agus toisc an ráta ard dearfachta a léiríodh ag an tús. Na páistí a bhí níos óige bhí siad fós níos dearfaí maidir leis an léitheoireacht i gcoitinne, ach faoi dheireadh, na páistí a bhí níos sine bhí siad níos solúbtha maidir le téacsanna léitheoireachta a roghnú nár leabhair thraidisiúnta iad. Chomh maith leis sin, ní raibh tionchar aoise ar an dearcadh i leith léitheoireacht na Gaeilge rud a chiallaíonn go raibh fiúntas leis an idirghabháil go háirithe do pháistí i Rang 5. Ní raibh difríochtaí inscne le feiceáil maidir le dearcthaí léitheoireachta i Rang 3 faoin deireadh mar gur éirigh na buachaillí níos dearfaí i gcoitinne. I Rang a 5, áfach thuairiscigh cailíní gur bhain siad níos mó taitnimh as an léitheoireacht i gcoitinne ach ní raibh aon difríocht shuntasach inscne maidir le dearcadh i leith léitheoireacht na Gaeilge ach an oiread ach an uair seo, dúnadh an bhearna mar gur éirigh buachaillí níos dearfaí le linn do chailíní éirí beagán níos diúltaí.

Chumasaigh an club léitheoireachta na páistí rogha eolach a dhéanamh bunaithe ar theagmháil le leabhair de sheánraí éagsúla agus plé a bheith acu ar an seánra céanna gach seachtain. In amanna, thug sé seo dúshlán do na réamhthuairimí a bhí ag na páistí ag an tús agus tugann sé seo léargas luachmhar dúinn ar na seánraí a gcuireann léitheoirí óga spéis iontu, seánraí nach bhfuil ar fáil go héasca dóibh uaireanta. Ní gá gur athraíodh a meon maidir le gach seánra. Mar a fheicimid ó na torthaí ag an tús, tá tuairimí láidre ag léitheoirí óga maidir le cineálacha éagsúla seanraí agus is maith an rud é go bhfuil siad in ann a roghanna a chosaint. Is bua é seo agus léitheoirí neamhspleácha á gcothú againn. Tháinig athrú *ar an ábhar* agus *ar an tslí* ar maith leo a léamh agus tá an ghné seo a bhaineann leis an timpeallacht agus le hatmaisféar léitheoireachta a chruthú chomh tábhachtach leis na téacsanna léitheoireachta a bheith ar fáil dóibh.

Caibidil 5

Anailís

Tá roinnt ábhair mhachnaimh dúinn sna sonraí spéisiúla ó na ceistiúcháin maidir le gnéithe de léitheoireacht na Gaeilge. Tabharfar achoimre anois ar na príomhthorthaí maidir leis na réimsí seo a leanas:

1. Ról an dearctha, inspreagtha agus na spéise sa chultúr Gaelach
2. Bunphriosabail na léitheoireachta forleithne a chur in oiriúint
3. Athrú agus leanúnachas i nósanna léitheoireachta
4. Athrú agus leanúnachas (Tionchar aoise agus inscne)

Dearcadh, Inspreagadh agus Léitheoireacht na Gaeilge

Mar gheall ar a gcumas Gaeilge is grúpa éagsúil iad an dá grúpa faoi staidéar anseo i gcomparáid le páistí eile a ghlac páirt i dtuilte leabhar in Éirinn go dtí seo (mar shampla, Hickey, 1991), agus freisin fiú ag tús an chlub, tá siad dearfach maidir le léitheoireacht na Gaeilge. Maille leis sin, tá dearcthaí dearfacha acu maidir leis an léitheoireacht i gcoitinne – baineann siad taitneamh aisti, tá siad muiníneach, agus tá siad oscailte do chineálacha éagsúla téacsanna a léamh. Taispeántar, áfach, nach ionann dearcthaí dearfacha i leith léitheoireacht na Gaeilge agus léitheoireacht rialta. Déantar trácht ar an bhfeiniméan seo i gcás na Gaeilge i gcoitinne, cuir i gcás an líon ard daoine a thuairiscíonn dearcadh dearfach i leith na teanga ach nach n-úsáideann a gcuid Gaeilge go minic (CILAR, 1975; Dunne, 2015). Sonraítear go bhfuil deacrachtaí ag baint le barr iomlán a gcumais a bhaint as an dea-thoil seo, fiú le léitheoirí atá dearfach agus a bhfuil leibhéal oiriúnach teanga acu. Mar sin, tá luach ar leith ag baint le hidirghabháil struchtúrtha mar atá i gclub léitheoireachta chun deis a thabhairt do pháistí teacht ar réimse leathan téacsanna léitheoireachta.

Imríonn gné eile den diminsean mothachtálach tionchar ar chúrsaí léitheoireachta: inspreagadh. Ag an tús, fuarthas tomhas áirithe den inspreagadh agus ba léir go raibh inspreagadh intreach ag a lán de na páistí agus gur léigh siad toisc gur thaitin an léitheoireacht leo. I gcás léitheoireachta i dteanga bhreise tá dúshláin faoi leith ag baint leis an bhfonn léitheoireachta a chothú. Is féidir an t-inspreagadh eicstreach a chothú, áfach, go séimh tríd an léitheoireacht fhorleathan nuair is cuid den chlár oideachais é (Garan agus De Voogd, 2008; Ro, 2016). Le taithí níos rialta ar an léitheoireacht i dteanga bhreise, agus í faoi stiúir an mhúinteora nó duine fásta eile, éiríonn léitheoirí níos muiníní agus níos dearfaí. Feictear ón taighde seo nach mbíonn mórán

tionchair go dtí seo ag a bpiaraí ná ag daoine sa bhaile ar nósanna léitheoireachta na bpáistí agus baineann sé sin leis an gcaoi nach mbreathnaíonn siad ar an léitheoireacht mar imeacht sóisialta agus freisin le cumas íseal teanga i measc a muintire. Éiríonn go maith le tionscnaimh ina bhfuil páistí ag roinnt tuairimí faoi leabhair le páistí eile, agus bíonn níos mó tionchair ag an ionchur seo ná ag ionchur ón múinteoir ar roghanna léitheoireachta (Rao agus Babu, 2016) ach caithfear páistí a chumasú le *labhairt* faoi théacsanna léitheoireachta. Ní leor an léitheoireacht chiúin a mholadh. Taispeánann torthaí an taighde s'againne gur cabhair é an club léitheoireachta leis an inspreagadh eicstreach a chothú agus le ról na bpiaraí a threisiú sa taithí léitheoireachta. Tá agus bhí riamh, ról as cuimse ag an mbunscoil i gcaomhnú agus in athneartú na Gaeilge agus mar sin déanann sé ciall an club a lonnú sa scoil go háirithe nuair is í an scoil an fóram is mó ina mbeidh pobal labhartha Gaeilge mórthimpeall ar an bpáiste. É sin ráite, bhí fianaise ann go mb'fhéidir go raibh tionchar áirithe ag an gclub ar nósanna léitheoireachta sa bhaile, mar shampla, tháinig athruithe ar na seánraí a léigh na páistí sa bhaile le linn an chlub agus b'fhéidir go mbaineann sé seo leis an teagmháil níos forleithne ar scoil. Taispeánann na torthaí ar thacaíocht sa bhaile go bhfuil tacaíocht ar fáil maidir le gnéithe den léitheoireacht chomh fada agus a bhaineann sí leis an obair bhaile ach ní gá go bhfuil an léitheoireacht á cur chun cinn mar chaitheamh aimsire sa bhaile.

Agus muid ag caint ar inspreagadh, is mó a chabhraíonn an coincheap den fhéin idéalach teanga nó "ideal language self" (Dornyei, 2007) linn breathnú ar an gcumas léitheoireachta ba mhaith leis na páistí a bheith acu. Trí na ceisteanna a cuireadh ar na páistí maidir le seánraí a thaitníonn nó nach dtaitníonn leo, fuarthas eolas luachmhar maidir leis na cineálacha leabhar ba mhaith leo a léamh. Cheana féin i dtaighde Schagen agus Sainsbury (2004) feicimid an deighilt idir an spéis i gcineál amháin seánra agus an taithí cheart ar an gcineál sin leabhar. Tagann neamhréir chun cinn minic go leor idir an dá ghné. Tacaíonn an léitheoireacht fhorleathan le páistí ar dtús cinneadh eolach a dhéanamh maidir leis na téacsanna léitheoireachta ba mhaith leo a léamh agus tugann sé deis dóibh triail a bhaint astu. Ag deireadh an chlub feictear méadú sa teagmháil a bhí ag páistí le leabhair Ghaeilge (go háirithe na teidil chomhaimseartha Ghaeilge atá léite acu le deireanas) agus tá ardú beag sna leabhair atá léite acu sa bhaile. Chomh maith leis sin, bhí seansanna acu machnamh a dhéanamh ar na hábhair ba mhaith leo a léamh agus nár mhaith leo a léamh.

Cé go bhfuil sé ríthábhachtach guth páistí a chloisteáil sa chomhrá ar litríocht agus ar léitheoireacht na n-óg, baineann deacrachtaí le hiarraidh ar pháistí óga a nósanna léitheoireachta a thuairisciú. Ó am go chéile bhí neamhréir ann nó bhí tuairimí ann a bhí ag teacht salach ar a chéile. I dtaighde eile amach anseo, d'fhéadfaí aischothú ó thuismitheoirí agus ó phobal na scoile a chur san áireamh ar mhaithe le pictiúr níos fearr a fháil.

Spéis sa Chultúr Gaelach agus Spéis sa Léitheoireacht

Chonacthas go raibh spéis i gcoitinne ag na páistí i ngnéithe eile den chultúr Gaelach ach nach ionann na spéiseanna sin agus níos mó teagmhála a bheith acu leis an teanga. Tá gach seans go mbaineann an dea-dhearcadh i leith léitheoireacht na Gaeilge le cumas as cuimse sa Ghaeilge agus ní le spéis sa chultúr Gaelach amháin, ach d'fhéadfaí iad a nascadh le chéile ar bhealach níos dlúithe. D'fhéadfaí teacht i dtír ar na spéiseanna sna cluichí Gaelacha agus sa cheol traidisiúnta agus iad a nascadh leis an léitheoireacht trí ábhair a roghnú ina bhfuil na téamaí sin nó trí níos mó úsáide a bhaint as liricí ceoil, mar chonacthas an t-ardú spéise a chuir páistí iontu ag deireadh an chlub léitheoireachta.

Mar sin, is buntáistí cinnte iad an dearcadh dearfach i leith na léitheoireachta agus an chultúir Ghaelaigh, agus an t-inspreagadh intreach i leith na léitheoireachta, ach is idirghabháil fhiúntach í an léitheoireacht fhorleathan agus cabhraíonn sí leis na páistí bogadh i dtreo a bhféin idéalach teanga.

Scríbhneoirí agus Léitheoirí

Chun litríocht na n-óg a chur chun cinn is gá scríbhneoirí teangacha breise agus léitheoirí teangacha breise a chumasú. San fhoilsitheoireacht faoi láthair tá spleáchas ar leabhair iomlána. Nuair a bunaíodh an club, bhí coincheap traidisiúnta de leabhar ina n-aigne. Nuair a bhí an club ag teacht chun deiridh, áfach, tá fianaise ó léitheoirí an chlub sa dá ghrúpa go raibh siad oscailte do sheánraí éagsúla agus do mhodhanna éagsúla léitheoireachta nár leabhair thraidisiúnta iad, agus gur thaitin ábhar níos giorra leo faoi dheireadh an chlub. Luíonn sé seo le torthaí Schagen agus Sainsbury (2004) go roghnaíonn páistí cineálacha éagsúla téacsanna léitheoireachta de réir mar a théann siad in aois.

Tá ábhar machnaimh dúinn sa chur chuige a bhí sna meáin in Éirinn sa chéad leath den chéad seo caite. Bhí a lán buntáistí ag baint leis na hirisí agus leis na colúin nuachtáin a cuireadh ar fáil do léitheoirí óga, mar shampla *An Gael Óg*. Trí na comórtais agus na litreacha a bhí páistí in ann a chur isteach, bhí níos mó dóchúlachta ann go mbraithfidís mar chuid de phobal léitheoireachta agus bhí deis ag léitheoirí agus ag scríbhneoirí idirghníomhú lena chéile. Foilsíodh an-éagsúlacht téacsanna, go háirithe, sleachta gearra – oidis, dánta, jócanna - agus thug sé seo deis do scríbhneoirí triail a bhaint as réimse leathan seánraí. Minic go leor d'fhoilsigh scríbhneoirí a gcéad phíosa scríbhneoireachta sna meáin, mar shampla, an Seabhac. Thug na meáin deis do pháistí ábhar a scríobh do pháistí eile freisin mar a bhí sa leathanach Síollaí Seoighe sa *Gael Óg*, inar chum páistí jócanna nua. Aithnítear na deacrachtaí maidir le meán cló a chur ar fáil i nGaeilge ach b'fhéidir gur chóir níos mó úsáide a bhaint as fóram fíorúil ina mbeadh téacsanna léitheoireachta (seachas léamhthuiscint) ar fáil, agus inar féidir leis na léitheoirí féin léirmheasanna a roinnt, breathnú ar

agallamh leis an údar, nó idirghníomhú le léitheoirí/ scríbhneoirí eile mar atá sna suíomhanna a luadh níos luaithe: leabhartha léite agus blag Phobscoil Chorca Dhuibhne. Oireann an fóram fíorúil go mór do thionscnaimh mar nach bhfuil an costas céanna cló i gceist agus oireann sé do phróiseas na scríbhneoireachta mar gur féidir ábhar a chur in eagar ar líne go héasca tar éis aischothú a fháil.

Soiléiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil buntáiste ag an dearcadh dearfach, ag an inspreagadh intreach, agus ag an spéis sa chultúr Gaelach maidir leis an léitheoireacht a chur chun cinn. Ní hé iomlán an scéil é, áfach. Má thugtar deis do pháistí smaoineamh ar a bhféin idéalach teanga – na cineáil léitheoirí ba mhaith leo a bheith – is féidir tacaíochtaí faoi leith a chur ar fáil dóibh agus beidh na tacaíochtaí sin ina gcabhair do scríbhneoirí freisin.

Bunphrionsabail na Léitheoireachta Forleithne a Leasú

Go bunúsach is éard a bhí i gceist leis an gclub ná go mbeadh ábhar á léamh ag na páistí go gasta agus go rialta agus baineadh amach an aidhm sin. Aithníodh go mb'fhéidir go raibh buntáistí a bhaineann le foclóir teagmhasach a shealbhú ach ní dhearnadh é sin a scrúdú sa taighde. Fuarthas eolas cheana féin maidir le caighdeán léitheoireachta na bpáistí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ach bhí béim ar an léitheoireacht mar chaitheamh aimsire sa taighde. Sa chomhthéacs idirnáisiúnta tá bunsphrionsabail chiallmhara agus moltaí spreagúla ann dúinn maidir le cur i bhfeidhm na leitheoireachta forleithne. Léirítear torthaí dearfacha i dtaca le réimsí cognaíocha agus le réimsí mothachtálacha. Chomh maith leis sin, tá sé soiléir go bhfuil cúpla cur chuige éagsúil in úsáid ag brath ar chomhthéacsanna sochtheangeolaíocha faoi leith agus go bhfuil gá leis na bunphrionsabail a leasú do cibé comhthéacs atá i gceist.

Roghanna léitheoireachta: Cinneadh Eolach

Maidir le cás na Gaeilge, is fiú cúpla bunphrionsabal a chur in oiriúint. Leagtar béim sa staidéar seo ar chinneadh *eolach* a dhéanamh agus ar bheith in ann cur síos cumasach a dhéanamh ar roghanna léitheoireachta; is leasú beag ar bhunphrionsabal 3 de chuid Bamford agus Day (2002) é sin. Chuige sin níor leor eolas a fháil ó pháistí aon uair amháin faoina mianta léitheoireachta, mar déanann sé sin neamart den fhás agus den fhorbairt is féidir teacht ar roghanna léitheoireachta nuair a dhéanann léitheoirí machnamh bríoch ar thréithe na dtéacsanna léitheoireachta is breá leo. Ina theannta sin níor leor aischothú a fháil ó léitheoirí gan ach teagmháil fhíorbheag a bheith acu le seánraí litríochta na Gaeilge. Faoi dheireadh, níor mhór léitheoirí a chumasú le labhairt faoi ábhair atá léite acu agus na buanna nó na lochtanna, dar leo, a chur in iúl. Ba chodanna lárnacha den chlub léitheoireachta mar sin go mbaileofaí aischothú ó na léitheoirí faoi dhó idir an chéad agus an dara huair, agus 10 seachtaine idir eatarthu, go mbeadh deiseanna ag léitheoirí dul i dtaithí ar réimse níos leithne ábhair tríd an tuile leabhar agus trí na gníomhaíochtaí léitheoireachta gach seachtain mar chuid den chlub,

agus go dtabharfaí tacaíocht do na léitheoirí plé a dhéanamh ar na téacsanna léitheoireachta a bhí idir lámha acu. Ag deireadh an chlub, taispeánann na torthaí go raibh níos mó teagmhála ag páistí ar litríocht na n-óg agus go raibh cur amach níos fearr acu ar ábhair chomhaimseartha léitheoireachta. Bhí fianaise ann go raibh na páistí in ann cur síos níos cuimsithí a dhéanamh ar na fáthanna ar thaitin seánra amháin thar sheánra eile leo, agus go raibh siad in ann gnéithe áirithe de choinbhinsiúin an téacs agus cúrsaí maisitheoireachta a phlé.

Éagsúlacht Téacsanna agus Taithí Léitheoireachta

I mbunprionsabail na léitheoireachta forleithne moladh go mbeadh éagsúlacht ábhair ar fáil do na léitheoirí, agus tá an moladh sin an-tábhachtach i gcás na Gaeilge toisc go léiríonn taighde nach bhfuil fáil ag páistí ar réimse leathan seánraí ar scoil agus nach bhfuil go leor leabhair Ghaeilge acu sa bhaile (Harris et al., 2006). Tarlaíonn sé seo freisin maidir le léitheoirí i dteangacha breise eile agus is cur chuige an-fhiúntach í an léitheoireacht fhorleathan chun taithí níos ilghnéithí a bheith ag an léitheoirí óga. Tá buntáistí níos leithne le feiceáil freisin maidir leis an éagsúlacht sa taithí léitheoireachta mar faightear léargas níos cuimsithí ar ábhair a thaitníonn le léitheoirí óga. Tarlaíonn sé uaireanta go gceapann daoine fásta go gcuirfidh páistí spéis i seánraí faoi leith ach ní amhlaidh an scéal. Fuair Hickey (1991) amach go mbíonn éifeacht leabhair ann, is é sin go dtaitníonn leabhar amháin thar leabhar eile le páistí agus go bhfuil impleachtaí aige sin don taitneamh a bhaineann siad as an léitheoireacht. In amanna tá éifeacht leabhair ag teacht salach ar thuairimí an taighdeora, mar shampla, cuireadh ionadh ar na taighdeoirí sa staidéar seo a laghad spéise is a chuir na páistí sna greannáin cé gurb í an tréith ba mhó a luaigh na páistí ná gur chóir go mbeadh aon ábhar léitheoireachta “greannmhar”, mar a léirigh páistí i dtaighde Haslett agus iad ag caint ar ábhair léitheoireachta Bhéarla. Ar ndóigh ní bhíonn gach scéal i ngreannán “greannmhar”, ach bhí neart samplaí de scéalta grinn ann sna greannáin a roghnaíodh don chlub léitheoireachta. B’fhéidir go mbaineann na tuairimí seo leis an meath atá ag teacht ar spéis daoine óga i ngreannáin (Haslett, 2002) nó leis an líon íseal greannáin Gaeilge atá léite acu go dtí seo. Agus ar leibhéal téacsanna digiteacha, cé go ndeirtear gur digitigh dhúchasaigh iad an t-aos óg ní hionann sin agus a rá gur maith leo i gcónaí léamh ar scáileán. Tá gá le níos mó taighde a dhéanamh, mar shampla, ar an bhféidearthacht a bhaineann le léitheoirí a chothú ábhair dhigiteacha a léamh.

Cabhraíonn clubanna léitheoireachta le margadh seasta a chur ar fáil d’fhoilsitheoireacht na Gaeilge, agus cabhraíonn an t-aischothú ar sheánraí faoi leith le tuairim níos fearr a fháil ar riachtanais léitheoireachta an aosa óig. In amanna, feicimid go gcuireann páistí spéis i seánra éigin nach bhfuil ar fáil go leathan, go fóill, mar shampla, leabhair chócaireachta, leabhair spóirt agus leabhair ealaíne. Tá litríocht na n-óg breac le geatóirí, is é sin daoine a dhéanann cinnidh maidir leis

na téacsanna a fhoilsítear agus nach bhfoilsítear, ach léiríonn sé an géarghá le haischothú a fháil ó na léitheoirí féin le cinntiú go bhfuil an chanóin ag freastal ar a mianta agus a riachtanais.

Measadh nár leor éagsúlacht sna téacsanna léitheoireachta ach gur chóir éagsúlacht a bheith sa taithí léitheoireachta freisin. Chuige sin, baineadh úsáid as an léitheoireacht roinnte, as an léitheoireacht i ngrúpaí beaga agus as an léitheoireacht aonair. Bhí deis ag páistí suí in áiteanna éagsúla sa seomra ranga freisin. Ag an deireadh, na hathruithe ba mhó a bhí le feiceáil ná na difríochtaí *sa chaoi* ar thaitin sé leis na páistí a bheith ag léamh; thaitin sé leo léamh go ciúin ach iad ina aice le páistí eile.

An Taithí Léitheoireachta a Éascú

Bunchloch eile den léitheoireacht fhorleathan ná go mbeadh an t-ábhar éasca le léamh. Sa taighde s'againne smaoiníodh ar thacaíochtaí go bhféadfaí cur leis na téacsanna léitheoireachta le go mbeadh na páistí neamhspleách. Le tamall de bhlianta anuas, sa chóras oideachais, tá níos mó béime ar an idirdhealú. De réir phrionsbail an Deartha Uilíoch, is féidir roinnt tacaíochtaí atá spriocdhírithe ar riachtanais faoi leith a úsáid leis an rang ar fad agus rachaidh sé seo chun sochair do gach páiste. Do léitheoirí drogallacha, tá moltaí déanta ag foilsitheoirí éagsúla maidir leis an méid cló, le dath an leathanaigh, agus leis an bhfoclaíocht srl. Cé go raibh na páistí sa staidéar s'againne i gcóras tumoideachais agus cumas níos airde Gaeilge acu dá bharr, ní bheidís inchurtha le cainteoirí dúchais agus tá na tacaíochtaí céanna de dhíth orthu is a bheadh ó léitheoirí drogallacha eile. Baineann na deacrachtaí léitheoireachta le heaspa treisithe ar an léitheoireacht sa Ghaeilge sa bhaile, leis an mbéim imeallach ar chúrsaí léitheoireachta sa churaclam, agus le heaspa éagsúlachta téacsanna léitheoireachta a bheith ar fáil. Chun an léitheoireacht a dhéanamh níos éasca, seachas ábhair éasca amháin a chur ar fáil, bhí tacaíochtaí neamhfhoirmiúla ag na páistí le linn na ngníomhaíochtaí léitheoireachta. I dtuilte leabhar go dtí seo (mar shampla, Hickey 1991) bhí clos-áiseanna ar fáil. Sa chlub léitheoireachta s'againne, i gcás cúpla ábhar léitheoireachta – na scéalta digiteacha agus na liricí ceoil - bhí siad in ann éisteacht leis an ábhar le linn dóibh é a léamh. Tugadh leideanna séimeantacha dóibh freisin. Maille leis na foclóirí a bhí sa seomra ranga, bhí gluais i roinnt leabhar (ag bun an leathanaigh nó ar leabharmharc). Tá sé spéisiúil freisin go raibh dearcadh níos dearfaí ag na páistí ag deireadh an chlub léitheoireachta maidir le pictiúir i leabhair agus beidh an oscailteacht seo do leideanna amhairc cabhrach dóibh san am atá le teacht agus iad ag léamh.

An tacaíocht dheireanach, agus an tacaíocht is mó i ndáiríre, ná an comhluadar léitheoireachta. Mar chuid den léitheoireacht roinnte, bhí deis ag páistí ceisteanna a chur ar a chéile agus a fhreagairt. In amanna bíonn taighdeoirí buartha go bhfuil léitheoireacht bhréagach ar siúl nuair is léitheoireacht chiúin atá ann ach cabhraíonn an léitheoireacht roinnte le múinteoirí nó

éascaitheoirí féachaint ar an gcaoi a bhfuil páistí ag dul i ngleic leis an ábhar mar minic go leor is ag caint le páistí in aice leo atá siad.

Ní dhearnadh plé mór ar na tacaíochtaí seo le linn gach seisiúin ach ba léir go raibh siad ina gcabhair mar d'éirigh leis na páistí léamh go neamhspleách, agus go raibh normalú déanta ar na tacaíochtaí seo.

Comhluadar Léitheoireachta

I dteannta na spriocanna aonair i mbunphrionsabail na léitheoireachta forleithne cruthaíodh comhluadar léitheoireachta. Mar a luadh thuas, bhí buntáistí leis an gcomhluadar maidir le héagsúlacht taithí léitheoireachta agus maidir le cúrsaí tuisceana, go speisialta an t-ábhar a phlé. Ag tús agus ag deireadh an tionscadail, léirigh formhór an ranga gurbh fhearr leo léamh ina n-aonar ach bhí tuairim níos caolchúisí sna freagraí oscailte: thaitin sé leo suí in aice le duine eile agus iad ag léamh go ciúin. Léiríonn na páistí sa taighde seo, fiú ag an tús, spéis i labhairt faoi leabhair. Ní bhaineann siad lánacmhainn as an spéis seo agus deir siad nach mbíonn deiseanna acu é sin a dhéanamh sa bhaile. Sa taighde idirnáisiúnta, léiríonn taighde Rao agus Babu (2016) go mbíonn dea-thionchar ag páistí ar roghanna léitheoireachta páistí eile ach gur gá an comhrá ar leabhair a chothú. Sa taighde s'againne níor léir go raibh aon tionchar ag a siblíní, a gcairde ná a dtuismitheoirí ar a gcuid léitheoireachta féin. Má chuirtear na torthaí seo leis an nós léitheoireachta is coitianta atá acu – léamh ina n-aonar – níl an bhraistint acu gur cuid de phobal léitheoireachta iad. Ní gá gur drochrud é seo i gcónaí. Oireann grúpaí agus comhrá do dhaoine áirithe agus oireann tost agus léitheoireacht aonair do dhaoine eile. Ach tá seans ann go meallfaidh an modh seo léitheoirí ar maith leo grúpaí.

Mar sin, is túsphointe éifeachtach iad na bunphrionsabail don léitheoireacht fhorleathan agus is féidir club a chur ar bun ar chostas sách íseal agus fiú le líon teoranta téacsanna. Le teacht i dtír ar dhea-thoil na bpáistí agus le freastal ar a riachtanais léitheoireachta, ní mór díriú ar chúpla rud, mar shampla, scileanna léirmheastóireachta a fhorbairt sna páistí, cothú a dhéanamh ar bhealaí chun tuairimí a roinnt le comhléitheoirí, agus aischothú na bpáistí a chur san áireamh le tuairimí baill eile de phobal litríocht na n-óg. (Cuireann údair na tuarascála seo fáilte roimh chomhfhreagras maidir le reáchtáil club léitheoireachta).

Athrú agus Leanúnachas i gCúrsaí Léitheoireachta

Go dtí seo, tá trácht déanta ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí maidir leis an léitheoireacht sa chéad teanga agus i dteanga bhreise. Leagtar béim ar dhifríochtaí cognaíocha (mar shampla, luas léitheoireachta níos moille) agus ar dhifríochtaí mothachtálacha (mar shampla, nach gá go mbeidh spéis léitheoireachta i dteanga bhreise nuair a bheidh páistí in ann léamh cheana féin sa chéad

